AN GARDA SÍOCHÁNA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2017





garda.ie

# BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

**1,209**

**FOIREANN AN GHARDA SÍOCHÁNA**

An méid pearsanra nua a tháinig isteach

**15%**

**AR AN MBÓTHAR**

Laghdú ar bhásanna ar bhóithre

**26**

**IMSCRÚDÚ**

An méid iarrachtaífeallmharait he ar cuireadh stop leo

**9,522**

**IMSCRÚDÚ**

An méid cásanna faoi daoine ar iarradh a imscrúdaíodh

# SRACFHÉACHAINT AR AN NGARDA SÍOCHÁNA

Ba bhliain dhúshlánach í 2017 don Gharda Síochána, ach ba bhliain dhearfach í chomh maith. Is féidir leis an nGarda Síochána súil siar a thabhairt agus a bheith bródúil as a ról féin ní hamháin maidir le sábháilteacht an phobail a chinntiú ar fud na tíre sa bhliain a chuaigh thart, ach maidir leis an ról tábhachtach a bhí ag an eagraíocht go stairiúil agus a leanann ar aghaidh gach lá ag cosaint agus ag tacú lenár bpobail.

Cé go raibh deacrachtaí móra ag an nGarda Síochána le deich mbliana anuas, tá infheistíocht nach beag ón Rialtas sa tseirbhís agus athruithe suntasacha le feiceáil inti i mbliana. Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil seo an méid sin. Cuireadh ar fáil í le hionchur ón Údarás Póilíneachta, agus leagann sí amach go soiléir na spriocanna a bhaineamar amach, iad siúd atá sroichte go pointe áirithe agus na cinn nár cuireadh i gcrích. Maidir le spriocanna nár cuireadh i gcrích go hiomlán, rachfar i ngleic leo a luaithe agus is féidir i 2018.

## Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Buaicphointí na bliana | i |
| Sracfhéachaint ar an nGarda Síochána | 1 |
| Réamhrá an Choimisinéara | 2 |
| Léargas Ginearálta ar an bPlean Póilíneachta | 4 |
| Póilíneacht Náisiúnta | 6 |
| Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta | 26 |
| Sábháilteacht Phobail | 36 |
| Seirbhísí Traseagraíochta | 56 |
| Staitisticí | 92 |


**17m**

AR AN MBÓTHAR

Clárúcháin ghluaisteáin léite faoin ANPR

**4**

TUARASCÁLACHA

Laethanta oibre-meán am próiseála do ghrinnfhiosrúcháin

**765k**

LEANTÓIRÍ

Ar na meáin shóisialta

**89%**

MUINÍN

Muinín an phobail sa Gharda Síochána

# RÉAMHRÁ AN CHOIMISINÉARA



"Ba bhliain dhúshlánach í 2017 don Gharda Síochána chomh maith, tharla forbairtí suntasacha dearfacha lena linn, ach bhí teipeanna do-ghlactha maidir le hiompar agus le rialachán."

Fuarthas amach go raibh míchruinneas forleathan maidir leis na bhfigiúirí a thaifeadadh i gcás thástálacha anála éigeantacha thar thréimhse ocht mbliain, rud a nocht an Garda Síochána agus a tharraing siad aird air.
Ní raibh sin ag teacht le seirbhís póilíneachta agus cosanta atá eiticiúil agus gairmiúil. Ghabh an Garda Síochána a leithscéal as sin.

Tharraing an cheist sin aird ar nithe eile a raibh baint acu le ceisteanna tromchúiseacha eile san eagraíocht thar roinnt blianta: maoirseacht lag, neamhaird ar cháilíocht sonraí, ar bhainistíocht, ar rialachas, ar chórais agus oiliúint.

Bhí fócas le linn na bliana ar chórais agus ar phróisis úra a thabhairt isteach lena chinntiú nach dtarlóidh teipeanna dá leithéid arís. Mar sin féin, ní le córais agus le próisis amháin a bhainfí an sprioc sin amach. Tá gá le cultúr a athrú agus ina thaobh seo i 2017 glacadh leis an gCód Eitice mar bhunús ar ár gcuid oibre ar fad. Rinneadh é sin a shoiléiriú don phearsanra go léir, go gcaithfidh gach duine againn an Cód Eitice a chur i bhfeidhm gach lá.

# **Réamhrá an Choimisinéara** - Ar lean

Tá dúthracht shoiléir agus tiomantas d'athrú cultúrtha le feiceáil laistigh den Gharda Síochána. Bhí sin le feiceáil san ráta freagartha don chéad Iniúchadh Cultúrtha nuair a thug 6,500 duine a gcuid tuairimí maidir leis na rudaí maithe agus na rudaí ar a bhfuil feabhas de dhíth orthu. Foilseofar torthaí an Iniúchta i Mí Bealtaine 2018.

Tá tiomantas láidir ann freisin d'athrú eagraíochtúil. D'éirigh leis an gClár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana roinnt tionscadail thábhachtacha a thabhairt chun cinn i réimsí éagsúla: cultúir, bainistíocht feidhmíochta, bainistíocht riosca, rialachas, comhrac i gcoinne sciúradh airgid agus feabhas ar imscrúdú coireanna in éadan daoine soghonta. Níl na hathruithe seo ag tarlú chomh tapa is ar mhaith linn agus déanfaidh an Clár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana na tionscadail is mó a rachaidh chun sochair don eagraíocht, a thapú.

Bhí go leor mórghníomhartha oibríochtúla ann le linn na bliana, rud a chabhraigh le pobail a chosaint agus le tacaíocht a thabhairt dóibh. Chosain Operation Thor na mílte daoine ón tráma a bhaineann le buirgléireacht a fhulaingt.

Mar gheall ar fhreagairt an Gharda Síochána ar choireacht eagraithe, rinneadh a lán daoine a shábháil agus urghabhadh a lán drugaí agus airm thine.

Mhéadaíomar ár gcumas freagartha faoi airm, rud a chur lenár n-ábaltacht chun dul i ngleic le coireacht eagraithe agus le slándáil náisiúnta a chosaint.

Chuir formhór mór na ndaoine sa tír seo in iúl i 2017 nach gceapann siad go bhfuil fadhb mhór choireachta ina gceantar áitiúil, de réir Shuirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail.

Tháinig laghdú ó 8% in 2016 go 6% i 2017 ar líon na ndaoine a dúirt gurbh íospartaigh choireachta iad.

Ag glacadh leis go bhfuil feidhm le tacaíocht phobail a choimeád, ar mhaithe le seirbhís póilíneachta éifeachtach a chur i bhfeidhm, dúirt 80% den phobal go raibh muinín acu as an nGarda Síochána i 2017.

Rinneadh slándáil náisiúnta a chosaint trí húsáid níos fearr a bhaint as faisnéis agus trí chomhpháirtíocht le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus rinneadh cuid mhór gabhálacha agus urghabhálacha dá réir sin.

Bhí laghdú 15% ar bhásanna ar na bóithre i 2017, an leibhéal ab ísle ó 1959 nuair a taifeadadh iad den chéaduair. D'fháiltigh an Garda Síochána roimhe seo. Ach mar sin féin, cailleadh 159 daoine go tragóideach le linn na bliana. Tá an Garda Síochána ag obair le páirtithe sábháilteachta bóithre agus leis an bpobal le sprioc an Rialtais maidir le básanna ar bhóithre a laghdú in aghaidh na bliana, go dtí 124 faoin mbliain 2020.

Ní dócha go mbeadh na torthaí seo chomh maith is atá siad ar fud na réimsí póilíneachta agus slándála ar fad gan an dúthracht agus an tiomantas a thaispeáin gach duine. Bíonn tionchar dearfach acu ar shaol daoine agus ar shaol na bpobal, gach lá.

Le cabhair an Rialtais, tugadh roinnt tacaíochtaí tábhachtacha dúinn agus don eagraíocht le linn na bliana 2017. D'fháiltíomar roimh 1100 ball foirne úra, fuaireamar gluaisteáin úra agus stáisiúin de na cineáil is úire, ar nós Ceannceathrú na Roinne i Loch Garman.

Oibríonn an Garda Síochána i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd a leanas: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda Síochána, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Comhlachtaí Stáit, agus NGOs.

Cé gurbh bliain dheacair í 2017 don Gharda Síochána, bhí go leor bainte amach chomh maith. Táim lánmhuiníneach go mbeidh feabhsuithe eile le linn 2018, agus go gcabhróidh siad leis an nGarda Síochána an aidhm atá acu a bhaint amach, is é sin, le seirbhís póilíneachta agus slándála den scoth a chur ar fáil, seirbhís eiticiúil ar ardchaighdeán faoi mar bheifí ag súil leis.

Dónall Ó Cualáin
*Coimisinéir Gníomhach an Gharda Síochána*

# LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN BPLEAN PÓILÍNEACHTA

## Sracfhéachaint ar an dul chun cinn

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Cosc Ar Ghníomhartha Sceimhlitheoireachta | 2a | Faisnéis Córas Anailíseach |
| 3b | Schengen | 3c | PRÜM |
| 6 | Cosc ar Ionsaithe Sceimhlitheoireachta | 7a | Aonad Imscrúdaithe Cibearchoireachta |
| 9a | PAS (Ag Dul i nGleic le Coireacht) | 9b | Laghdaigh na dTeagmhas Buirgléireachta |
| 9e | PAS (Braistint Sábháilteachta) | 9f | Ag Taifeadadh Fuathchoireachta |
| 11f | Ag Tuairisciú Cionta Gnéasacha | 11g | Méadú a chur ar Bhrath De Chionta Gnéasacha |
| 13a | PAS ( Sástacht Íospartach) | 13b | Oifigí Seirbhíse d' Íospartaigh |
| 16a | PULSE (Coireacht Neamh-Gnéasach) | 16b | PULSE (Coireacht Gnéasach) |
| 16e | Méadú a chur ar Bhrath D'Ionsaithe | 17a | Méadú a chur ar Bhrath De Dhrugaí |
| 19 | Anailísiú Bunaithe Ar Fhianaise | 20 | J-Arc |
| 23 | Comhlíonadh ar na Bóithre (23a-23b) | 23c | Sábháilteacht ar Bhóithre (Básanna) |
| 25 | Seicphointí Ilghníomhaireachta | 26 | Uathaithint Uimhirphlátaí Céim 1 |
| 29 | Iniúchadh ar an gCóras Próiseála Muirear Seasta | 30 | Oiliúint ar Phóilíniú Bóithre |
| 33 | Creat Póilíneachta Pobail | 34a | PAS (Fócas Pobail) |
| 35 | Freagracht Feidhmíochta agus Creat Foghlama Céim 1 | 36 | Rannpháirtíocht Ar líne (Suíomh Gréasáin) |
| 38b | PAS (Seirbhís Áitiúil) | 38c | PAS (Cóir Chomhionann) |
| 40 | Athbhreithniú ar Chlár na Scoileanna | 41 | PAS ( Cosc ar Choireacht) |
| 44 | Comhchoistí Póilíneachta Tinreamh | 45 | Ath-oscailt Stáisiúin |
| 49 | Struchtúr Rialachais | 50 | Bainistíocht Riosca |
| 52b | Iniúchadh Cultúir (é a mheas) | 53a | Grinnfhiosrúchán (ríomh-ghrinnfhiosrúcháin) |
| 55 | Tuairisciú chuig comhlachtaí maoirseachta | 56a | 200 Garda a earcú sa tréimhse |
| 58 | 165 oifigeach a ath-imlonnú | 59 | Múnla Póilíneachta Rannach |
| 61b | Rangú Aimsithe | | |

# Léargas Ginearálta ar an bPlean Póilíneachta - Ar lean

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2b | Measúnuithe Bagartha | 3a | Fóram Slándála Faisnéise |
| 4 | Bagairtí don stát | 5 | Rannpháirtíocht le Grúpaí Mionlaigh |
| 7b | Straitéis Chibearchoireachta | 8 | Straitéis um Chosc ar Choireacht |
| 9c | Laghdaigh na dTeagmhas Robála | 9d | Laghdaigh na dTeagmhas Ionsaithe |
| 10 | Aonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin | 11 | Íospartaigh THB (11a-11e) |
| 11h | ID Íospartaigh THB | 12 | COSC Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
| 14 | Faisnéis Phoiblí | 15 | CAD |
| 16c | Méadú a chur ar Bhrath De Bhuirgléireacht | 16d | Méadú a chur ar Bhrath De Robáil |
| 17b | Méadú a chur ar Bhrath Arm teine | 18 | Comhoibriú Faisnéise |
| 21 | SAOR | 22 | Plean Cheartas i leith an Aosa Óig |
| 23d | Sábháilteacht ar Bhóithre (Gortuithe Tromchúiseacha) | 24 | Roinnt Sonraí RSA |
| 27 | Criosanna Imbhuailte | 28 | Feabhsuithe ar an gCóras Próiseála Muirear Seasta |
| 31 | Acmhainní um Póilíniú Bóithre | 32 | Bainistíocht Móréigeandála |
| 34b | PAS (Faitíos roimh Choireanna) | 34c | PAS (Infheictheacht an Gharda Síochána) |
| 37 | Rannpháirtíocht ar Líne (Meáin Shóisialta) | 38a | Ilchineálacht agus Ionchuimsiú |
| 38d | PAS (Déagóirí 16-19 bliana san áireamh) | 39 | Clár Píolótach um Póilíneacht agus Rannpháirtíocht Phobail |
| 42 | Laethanta um Chosc na Coireachta | 43 | Tacaíocht Anailíseach |
| 46 | Iniúchadh Cultúrtha (46/47) | 48 | Eitic (48a-48b) |
| 51 | Tuairisciú chuig comhlachtaí maoirseachta | 52a | Straitéis HR & Múnla Oibríochtúil |
| 53b | Grinnfhiosrúchán (5 lá) | 54 | Dúshaothrú Leanaí ar Líne |
| 56b | 500 ball foirne a earcú | 57 | 300 cúltaca Garda a earcú |
| 60 | Aonad Cáilíochta Sonraí | 61a | Rangú Teagmhais |

Baineadh amach é   Baineadh amach cuid de   Níor Baineadh amach é

# PÓILÍNEACHT NÁISIÚNTA

**€3.4m**

**AIRGEAD**
a d'urghabh an Biúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe

**3,908**

**DAOINE**
ar diúltaíodh cead isteach dóibh ar an Stáit

**472**

**CUARDAIGH**
a rinne Aonad Gadhar an Gharda Síochána

> "Oibríonn Gardaí ar shlite éagsúla le coireacht a throid agus chun díriú air ar fud na tíre. Tá ról tábhachtach ag aonaid ar leith, leithéidí, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (GNECB) agus an Biúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (DOCB) chun sábháilteacht pobal a chinntiú ar fud na tíre."

## Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an GNDOCB)

Is é ról an GNDOCB chun spriocdhíriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe trí imscrúduithe atá bunaithe ar fhaisnéis, atá ag oibriú go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Bhí rath mór suntasach oibríochtúil ar an GNDOCB i rith na bliana, urghabháil airm thine, drugaí agus airgid thirim ina measc.

### Bagairt ar Bheatha - Oibríochtaí Coisctheacha 2017

I rith 2017, thug an GNDOCB faoi 26 oibríocht chun cosc a chur ar chaillteanas beatha. Gach uair, thug measúnú a rinneadh ar an gcás le fios go raibh bagairt thromchúiseach agus i ngarbhaol do bheatha dhuine aonair nó dhaoine aonair. Chuir bearta coisctheacha agus gníomhartha feidhmiúcháin a chuir an GNDOCB agus an Tascfhórsa Tromchoireachta (an SCTF) cosc ar na hionsaithe siúd.

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

### Imscrúduithe ar chomhcheilg um dhúnmharú

*An 4 Aibreán 2017* - gabhadh 1 phríosúnach i mBaile Átha Cliath 1 - cúisíodh é i leith comhcheilge chun duine ainmnithe a dhúnmharú a raibh cónaí air i dTuaisceart Éireann.

*An 7 Lúnasa 2017* - gabhadh beirt daoine ag Baile Átha Cliath 1 a raibh piostal 9 mm agus sé urchar d'armlón ina seilbh acu. Rinneadh iad a chúiseamh le seilbh ar airm tine le hintinn chun beatha a chur i mbaol agus comhcheilg chun duine ainmnithe a dhúnmharú.

*An 6 Samhain 2017* - gabhadh 4 dhuine ag Baile Átha Cliath 3, a raibh seilbh acu ar phiostal 9mm ar a raibh ciúnadóir agus 15 urchar armlóin - cúisíodh iad i ngeall ar sheilbh ar arm tine le hintinn beatha a chur i mbaol agus comhcheilg chun duine ainmnithe a dhúnmharú.

### Urghabháil Mhór Drugaí

- *An 20 Eanáir 2017 - Oibríocht A* - Port Bhaile Átha Cliath - Urghabhadh 1,873 Cileagram de channabas ar a raibh luach €37.5 milliún. Rinneadh comhimscrúdú le Seirbhís Chustam na gCoimisinéirí Ioncaim.

- *An 28 Eanáir 2017 - Oibríocht B* - An Nás, Contae Chill Dara - gabhadh beirt daoine. Urghabhadh 10 cileagram de hearóin agus 20 cileagram de cócaon ar a raibh luach €2.9 milliún sa mhullach ar raidhfil ionsaithe agus armlón.

- *An 31 Eanáir 2017 - Oibríocht C* - Cill Dhéagláin, Contae na Mí - gabhadh 4 dhuine agus urghabhadh 160 Cileagram de luibh channabais ar a raibh luach €3.2 milliún.

- *An 31 Márta 2017 - Oibríocht D* - Baile Átha Cliath 5 - gabhadh 1 dhuine agus urghabhadh 20 cileagram de luibh channabais ar a raibh luach €1,424.000. Urghabhadh roinnt bairillí gunna agus urchair armlóin, chomh maith.

- *An 24 Meitheamh 2017 - Oibríocht E* - Baile Shláine, Contae na Mí – gabhadh beirt daoine. Urghabhadh 10 cileagram de chócaon ar a raibh luach €700,000 agus 26.5 cileagram de luibh channabais ar a raibh luach €530,000.

- *Iúil 2017 - Oibríocht F* - Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10 - gabhadh 3 dhuine agus 187 cileagram de luibh channabais ar a raibh luach €3.7 milliún agus 3 chileagram de hearóin ar a raibh luach €420,000.

- *Lúnasa 2017 - Oibríocht G* - Fionnghlas, Baile Átha Cliath 1 - gabhadh beirt daoine agus urghabhadh luach €1.5 milliún de dhrugaí.

- *An 15 Samhain 2017 - Oibríocht H* - 2 Láthair sa Mhí. Gabhadh beirt daoine agus urghabhadh 310 cileagram de luibh channabais ar a raibh €6.2 milliún, 100 cileagram de roisín cannabais ar a raibh luach €600,000 agus 3 chileagram de chócaon ar a raibh luach €210,000.

- *An 5 Nollaig 2017 - Oibríocht I* - An Caisleán Nua, Contae Bhaile Átha Cliath. Gabhadh 1 dhuine. Urghabhadh luibh channabais ar a raibh luach €3.2 milliún.

- *An 20 Nollaig 2017 - Oibríocht J* - Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9. Gabhadh beirt daoine. Urghabhadh cócaon, hearóin, cannabas, eacstais agus céataimín ar a raibh luach €3.2 milliún.



*Mála ina raibh €829,000 d'airgead , An Nás, 1/9/17.*

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

### Urghabháil Mhór Airgid Thirim

- *An 24 Eanáir 2017* - Na Solláin, Contae Chill Dara - urghabhadh airgead tirim €284,310 agus gabhadh 1 dhuine.
- *An 4 Bealtaine 2017* - Áth an Ghainimh, Contae Bhaile Átha Cliath. Urghabhadh airgead tirim €311,740 agus gabhadh beirt daoine.
- *An 24 Meitheamh 2017* - Bóthar na nGlaschnoc, Baile Bhailcín - urghabhadh airgead tirim €360,000 agus gabhadh triúr daoine.
- *An 1 Meán Fómhair 2017* - An Nás, Contae Chill Dara - gabhadh beirt daoine agus urghabhadh airgead tirim €829,000.



*Arm tine / armlón urghafa i Rath Cúil 24/1/17.*



*Arm tine / armlón urghafa i Rath Cúil 24/1/17.*

### Samplaí d'Urghabháil Airm Thine

- *An 24 Eanáir 2017* - Ráth Cúil, Contae Bhaile Átha Cliath - gabhadh ceathrar daoine agus urghabhadh 15 arm tine (gunnáin, piostail agus raidhfil) agus armlón ag 52 Grant Drive, Eastát Tionscail Ghrianóige, Contae Bhaile Átha Cliath.
- *An 31 Márta 2017* - Baile Átha Cliath 5 - thángthas ar 350 urchar armlóin, 9 gcartúslann d'airm thine éagsúla agus 3 bhairille piostail.
- *An 19 Iúil 2017* - Stáisiún Traenach Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 2 - gabhadh beirt daoine agus urghabhadh 1 phiostal agus 3 urchar armlóin.
- *An 6 Meán Fómhair 2017* - gabhadh 1 dhuine - urghabhadh 1 phiostal 9 mm agus ciúnadóir agus 8 n-urchar armlóin.
- *An 19 Meán Fómhair 2017* - Baile Bhlainséir - urghabhadh 1 dhuine - 1 phiostal agus cartúslann anuas ar 9 n-urchar armlóin a bhain le drugaí agus dhá ghluaisrothar ghoidte.
- *An 28 Meán Fómhair 2017* - Bóthar Richmond, Baile Átha Cliath 3 - Aisghabhadh fo-mheaisínghunna, 2 chartúslann agus 40 urchar armlóin.

| | |
|---|---|
| **Drugaí Neamhdhleathacha a Urghabhadh** | **€75,596,440** |
| **Airgead Tirim a Urghabhadh** | **€ 3,449,365** |
| **Airm Thine a Urghabhadh** | **29 Arm Tine agus 1894 Urchar Armlóin** |
| **Oibríochtaí um Bagairt ar Bheatha** | **26** |

Mórghníomhartha an Gharda Síochána maidir le Coireacht a bhaineann le Drugaí agus le Coireacht Eagraithe, 2017.

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

## Oibríocht Thor

Is í Oibríocht Thor straitéis náisiúnta an Gharda Síochána in aghaidh na coireachta, a seoladh i Samhain 2015. Díríonn Oibríocht Thor, a chuirtear ar bun i rith mhíonna an Fhómhair agus an Gheimhridh, go príomha ar bhuirgléireachtaí a chosc agus a bhrath. I rith mhíonna an earraigh agus an tsamhraidh, cuirtear na oibríocht ar bun chun cosc a chur ar choireanna in aghaidh an duine, barr feabhais a chur ar shábháilteacht agus muinín an phobail, agus teagmhais d'ord poiblí a laghdú.

Mar thoradh ar phóilíneacht réamhghníomhach faoi Oibríocht Thor, cuireadh isteach ar Choirpigh Taistil Idir-Réigiúnacha (IRTCanna) atá ag oibriú ar fud na tíre, trí úsáid a bhaint as an ngréasán sínte mótarbhealaigh, agus d'éirigh leo roinnt ciontóirí torthúla a ghabháil ar díríodh orthu faoin tionscnamh seo.

Tugadh faoi laethanta tiomnaithe gníomhaíochta faoi Oibríocht Thor i ngach Réigiún den Gharda Síochána i rith na bliana, agus díríodh go háirithe ar chomhairle faoi chosc ar choireacht agus tacaíocht d'íospartaigh a sholáthar, agus ar fheasacht a chruthú trí eolas agus oideachas a chur ar fáil d'úinéirí maoine ar an modus operandi a chuireann iad siúd ar i bhfeidhm a thugann faoi bhuirgléireachtaí.

Ó thús Oibríocht Thor, agus a fhad leis an 31 Nollaig 2017, rinneadh:

| | | |
|---|---|---|
| Gabhálacha | 6,494 | |
| Seicphointí | 103,262 | |
| Buirgléireacht Tí | 29,951 | - 32% |
| Buirgléireacht Neamhchónaithe | 10,385 | - 25% |

Go náisiúnta, tháinig méadú 12% in 2017 ar choireanna in aghaidh an duine i gcomparáid le 2016, tháinig méadú 5% ar dhíobháil choiriúil, agus tháinig méadú 7% ar ord poiblí. Díreofar ar an treocht aníos seo sna saghsanna seo coireachta i rith 2018.

## Dul i nGleic leis an gCoireacht

### Oibríocht Thor, Cill Chainnigh/Ceatharlach

Díríonn Oibríocht Thor - Tionscadal Storm ar chur isteach ar choirpigh a chónaíonn laistigh de Rannán Chill Chainnigh/Cheatharlach agus a thaistealaíonn tríd agus braistint na sábháilteachta laistigh den phobal a atreisiú, go háirithe ár bpobail tuaithe. Díspreagtar coirpigh ó thabhairt faoin gcoireacht i gceantar ina gceaptar go ndéantar póilíniú trom. Úsáideann sé anailís chun póilíniú a dhéanamh ar cheantair is minice a dtiteann buirgléireachtaí amach iontu agus díríonn sé ar dhaoine aonair a thugann faoi ghníomhaíocht choiriúil ghaolmhar.

Anuas ar sheicphointí agus póilíneacht ard-infheictheachta, bunaíodh seastáin um chosc na coireachta in ionaid mhóra siopadóireachta uirbeacha agus rinne an bhainistíocht áitiúil idirchaidreamh móra le gnólachtaí, grúpaí deonacha agus pobail.

In 2017, tugadh naoi n-oibríocht de chuid Oibríocht Thor - Tionscadal Storm chun críche i Rannán Chill Chainnigh/Cheatharlach an Gharda Síochána, ónar eascair go ndearnadh líon suntasach gabhálacha agus laghdú ar bhuirgléireachtaí.

### Oibríocht Thor, an Chathair

An 9 Meitheamh 2017, mar chuid d'Oibríocht Thor, thug an tAonad Tacaíochta Réigiúnach faoi oibríocht speisialta sa Chathair, áit ar deimhníodh go raibh seid ar cíos ag sprioc de chuid Oibríocht Thor, ina raibh go leor maoin ghoidte.

Fad a bhíothas ag iarraidh barántas cuardaigh a fháil, thángthas ar earraí éagsúla trealaimh agus feithiclí. Ina measc seo, bhí an méid seo a leanas: cuadrothar a goideadh i Londain, mórmhéid uirlisí, trealamh leictreonach agus roinnt feithiclí. Bhí luach thart ar €200,000 ar an maoin a aimsíodh. Gabhadh tionónta na seide agus tá an cheist os comhair na Cúirte.

# Póilíneacht Náisiúnta - Ar lean

## Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (an GNPSB)

### Oifigeach Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'Íospartaigh (an GVLO)

In 2017, bhí an GVLO ag tabhairt faoi ullmhú a dhéanamh, go príomha, do thrasuí na Treoracha maidir le hÍospartaigh ón AE 12/29 isteach i ndlí na hÉireann. Trasuíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 i Samhain 2017. Cuireadh roinnt tionscnamh chun cinn ag dúil le tabhairt isteach an Achta, lenar áiríodh oiliúint bhreise a chur ar Oifigigh Idirchaidrimh do Theaghlaigh i nDeireadh Fómhair. Anuas air sin, cuireadh oiliúint ar fáil in 2017 d'fhoireann go léir an GVLO go náisiúnta ar na riachtanais agus oibleagáidí a leagadh ar an eagraíocht mar thoradh ar an reachtaíocht nua.

Ceapadh agus soláthraíodh pacáiste oiliúna i Samhain do bhainistíocht shinsearach an Gharda Síochána inar leagadh béim ar a bhfreagrachtaí lena chinntiú cearta íospartach in imscrúduithe coiriúla. Rinneadh ionadaíocht don GVLO ar roinnt grúpaí, ina measc Connecting for Life and Pathways for Referral, ar tionscnaimh ilghníomhaireachta iad chun cosc a chur ar fhéinmhárú agus chun teagmhais féinmharaithe a laghdú.

Sholáthair an GVLO ábhar, chomh maith, don Chomhairle Bharra nuair a bhí a gclár oiliúna ar líne á sheoladh do chleachtóirí a raibh baint acu chun an reachtaíocht seo a chur i bhfeidhm. Bhí agus tá baint go fóill ag an GVLO i bplé ullmhúcháin le foireann Choláiste an Gharda Síochána maidir le clár oiliúna a chruthú agus a sholáthar don eagraíocht ina hiomláine.

### Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh (an GVSO)

Tá GVSO bunaithe anois i ngach ceann de na 28 Rannán de chuid an Gharda Síochána. Thug Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána (an GSAS) faoi athbhreithniú ar na GVSOanna agus i rith 2017, cuireadh torthaí an athbhreithnithe seo, i ndiaidh go ndearna an GVLO scrúdú orthu, leis an tacaíocht agus oiliúint leanúnach d'fhoireann an GVSO ag féachaint le barr feabhais breise a chur ar ár seirbhís d'íospartaigh. I Meán Fómhair, d'eagraigh an GVLO seimineár oiliúna ceithre lá do chomhaltaí foirne sa GVSO. D'fhiosraigh an cúrsa na beartais, nósanna imeachta agus próisis reatha a bhí i bhfeidhm sa Gharda Síochána faoi mar a bhaineann siad le híospartaigh na coireachta a thugann teagmhais le fios don Gharda Síochána.

### Beartas um Idirghabháil Drochíde sa Teaghlach

Sheol an Garda Síochána a Bheartas um Idirghabháil Drochíde sa Teaghlach in Aibreán 2017. Laistigh den bheartas seo, soláthraítear treoirlínte soiléire do chéad fhreagróirí ar ghlaonna a bhaineann le drochíde sa teaghlach, an chéad dá shraith de phróiseas measúnaithe riosca, a thosaítear nuair a chuirtear glao ina n-iarrtar ar na Gardaí freastal ar an láthair. Eascraíonn próiseas níos mionsonraithe de mheasúnú riosca as seo ar an íospartach agus an teaghlach ag an láthair.

Anuas ar chuntas a thabhairt ar an nós imeachta gabhála, tá treoracha agus comhairle shoiléir ann faoi cén gníomhartha is féidir a ghlacadh sa chás nach bhfaightear aon ghearán foirmiúil agus/nó nuair nach mbíonn aon chumhacht ghabhála ag aon duine. Athluaitear gur fearr fianaise a fháil go luath agus leagtar béim sa bheartas ar an bhfiúntas a bhaineann le hidirchaidreamh agus cumarsáid a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta áitiúla. Anuas air sin, ní mholtar glao ar ais ar íospartaigh, caithfear sin a dhéanamh.

Aithníonn an GNPSB nach leor beartas a chruthú agus a scaipeadh agus, mar gheall air sin, tá monatóireacht á déanamh ar an mbeartas lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm é. Táthar ag tabhairt faoi seo trí shampláil tumtha a dhéanamh ar theagmhais drochíde sa teaghlach agus trí chumarsáid a dhéanamh le hOifigigh Dhúiche agus Cigirí Rannáin um Dhrochíde sa Teaghlach ar bhonn náisiúnta lena chinntiú go soláthraítear seirbhís cheart ina bhfuil páirtithe leasmhara áitiúla.

Anuas air sin, tugadh faoi mheastóireacht ar na hocht rannán phíolótacha ar tugadh Fearais Réamh-Imscrúdaithe ar Dhrochíde sa Teaghlach dóibh. Baineadh freagairt fhíorfhabhrach amach agus lorgaíodh smachtbhanna dá bharr chun leagan comhchosúil a eisiúint go náisiúnta.

Gníomhaire agus tacadóir gníomhach is ea GNPSB leis an bhfeachtas feasachta mar chuid de dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021 COSC agus ag eascairt uaidh seo, soláthraíodh roinnt agallamh leis na meáin chun feasacht a mhúscailt ar dhrochíde sa teaghlach ar leibhéal náisiúnta.

I gcomhar lenár gcomhghleacaithe i gColáiste an Gharda Síochána, tugadh faoi athbhreithniú ar an tsamhail oiliúna um Dhrochíde sa Teaghlach lena chinntiú go gcuimsítear inti cineál dinimiciúil, fairsing agus comhéigneach na drochíde sa teaghlach agus chuir an GNPSB cuir i láthair rialta ar fáil. Anuas air sin, tá oiliúint bhreise á soláthar do chomhaltaí ag eagraíochtaí neamhrialtasacha.

# Póilíneacht Náisiúnta - Ar lean

Lena chinntiú go bhfuil seirbhís ghairmiúil á soláthar ag an nGarda Síochána ar gach bealach i dtaobh cásanna drochíde sa teaghlach, rinne an GNPSB idirchaidreamh go rialta leis an méid seo a leanas:

- Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena chinntiú gur cuireadh an cháilíocht ab fhearr de chomhaid faoi bhráid na gcúirteanna.
- An GSAS le bailiú sonraí ar ardchaighdeán a chinntiú.
- Seirbhísí Tacaíochta, ar nós Chúnamh do Mhná, Comhairle Náisiúnta na mBan (an NWCI), LGBT lena lua athuair gur féidir teagmháil a dhéanamh linn i dtaobh saincheisteanna ar bhonn náisiúnta nó áitiúil araon.
- An tSeirbhís Phromhaidh d'fhonn gur féidir bainistíocht a chur i bhfeidhm ar scaoileadh pleanáilte ciontóir ardriosca.

### Biúró an Gharda Síochána um Dhaoine ar Iarraidh

B'ionann líon na ndaoine a tugadh le fios don Gharda Síochána in 2017 go raibh siad ar iarraidh agus 9,522. Is ionann seo agus laghdú 3% ar an mbliain roimhe sin. Ar ámharaí an tsaoil, thángthas ar thromlach mór na ndaoine seo laistigh de thréimhse ghearr ama, ach ar an drochuair, bhí 36 duine fós ar iarraidh ag deireadh na bliana. Ar nós gach imscrúdú ar dhuine ar iarraidh, beidh na cásanna seo ar oscailt agus gníomhach go dtí an tráth sin go dtagtar ar an duine.

Sheol Biúró an Gharda Síochána um Dhaoine ar Iarraidh Oibríocht Runabay ag an GNPSB in Eanáir 2017. Ba é cuspóir na hoibríochta coirp na ndaoine a aimsíodh ar cheantar cósta thiar na Breataine a shainaithint a d'fheadfadh bheith tuairiscithe mar dhaoine ar iarraidh in Éirinn. Baineann idirchaidreamh leanúnach le hOibríocht Runabay idir an Garda Síochána, Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na Ríochta Aontaithe (an NCA), Póilíní na Breataine Bige Thuaidh agus Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (FSI). Sholáthair teaghlaigh na ndaoine ar iarraidh samplaí DNA go saorálach d'fhonn gur féidir tabhairt faoi anailís chomparáideach.

Soláthraíodh samplaí i dtosach i ndiaidh go ndearnadh achomharc ag Lá na nDaoine ar Iarraidh 2016 agus rinneadh achomhairc bhreise ina dhiaidh sin trí asraonta éagsúla meán. Tá comhaltaí ag Biúró an Gharda Síochána um Dhaoine ar Iarraidh ar fáil chun na samplaí seo a ghlacadh ó dhaoine ar mian leo iad a sholáthar. Mar mhalairt air sin, féadfaidh siad samplaí a sholáthar do Ghardaí áitiúla, más mian leo sin a dhéanamh.

| | |
|---|---|
| Líon na dtuarascálacha faoi dhaoine ar iarraidh | 9,522 |
| Líon na ndaoine ar iarraidh ag deireadh na bliana | 36 |

Sholáthair an Dr Eleanor O'Rourke, Institiúid um Eolaíochtaí Aigéin agus Mhuirí na hÉireann, cabhair chun faisnéis a sholáthar faoi fheachtaí taoide na bhfarraigí mórthimpeall ar Éirinn, a bhfuil súil leis go gcabhróidh sé chun láithreacha dóchúla a shainaithint a bhféadfadh an taoide na coirp a thabhairt chucu. Tá an tOllamh Dorothy Ramsbottom, Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann ag tacú leis an oibríocht agus tá sí ag oibriú leis an nGarda Síochána chun na próisis a bhíonn i gceist a chuíchóiriú.

Tá súil leis go ndíreoidh Oibríocht Runabay amach anseo ar chásanna daoine ar iarraidh ó gach réigiún cósta in Éirinn, agus cuirfear leo chun fiosrúcháin a áireamh leis na húdaráis ábhartha sa Spáinn, an Phortaingéil agus an Fhrainc.

In 2017, glacadh 81 sampla DNA agus baineadh ceithre mheaitseáil amach agus mhéadaigh seo líon iomlán na sainaitheanta aníos go dtí sé cinn ó seoladh Oibríocht Runabay. Sainaithníodh roinnt deiseanna eile féideartha imscrúdaithe, chomh maith.

Lean agus tá súil leis go leanfaidh an oibríocht seo chun dúnadh a sholáthar do chuid de theaghlaigh dhaoine atá ar iarraidh le fada an lá.

### Bainistíocht Measúnú Riosca ar Chiontóirí Gnéis (SORAM)

Tá Lámhleabhar Cleachtais SORAM i bhfeidhm agus cabhraíonn sé le gach gníomhaireacht, an Garda Síochána ina measc, chun bainistíocht riosca a dhéanamh ar chiontóirí ciontaithe gnéis a chónaíonn sa phobal.

Chuir Oifig Náisiúnta SORAM tús lena ról maoirseachta leis na 28 Foireann SORAM Áitiúil ilghníomhaireachta in 2017. Is éard a bhaineann leis an sainchúram maoirseachta athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna bainistíochta riosca agus tacaíocht a sholáthar d'Fhoirne SORAM Áitiúla. Feidhm eile thábhachtach de mhaoirseacht is ea sonraí a thiomsú chun cabhrú le pleanáil náisiúnta do SORAM.

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

### An tAonad um Dhúshaothrú Leanaí ar Líne (ONCE)

Déanann INTERPOL bainistíocht ar an mbunachar íomhánna Idirnáisiúnta um Dhúshaothrú Gnéasach Leanaí (ICSE) agus is uirlis chumhachtach agus imscrúdaithe í a chuireann ar chumas imscrúdaitheoirí sonraí a roinnt le comhghleacaithe ar fud an domhain.


Ó 2009 ar aghaidh, d'úsáid bleachtairí ag ONCE, ar cuireadh oiliúint orthu chun bunachar sonraí ICSE a úsáid, an uirlis seo chun íospartaigh drochúsáid ghnéasach leanaí a shainaithint trí anailís a dhéanamh ar ghrianghraif agus fístaifeadtaí ina léirítear drochúsáid ghnéasach leanaí a scaipeadh ar an idirlíon mar 'pornagrafaíocht leanaí'.

Cé go sainaithnítear go leor íospartach mar thoradh ar fhiosrúcháin faoina dtugtar i ndiaidh go ndéanann ONCE anailís ar na grianghraif agus fístaifeadtaí siúd, éiríonn leo roinnt sainaitheanta a dhéanamh fad a bhítear ag tabhairt faoi imscrúduithe ar dhrochúsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Tarlaíonn seo nuair a dheimhnítear, ina dhiaidh sin, gur táirgeadh grianghraif agus/nó fístaifeadtaí den drochúsáid ghnéasach ar mhaithe lena ndáileadh.

A fhad le Meitheamh 2017, bhí ONCE freagrach as 73 leanbh a shainaithint mar íospartaigh de theacht i dtír gnéasach.

Ag féachaint le híospartaigh a chur i gceartlár ár n-oibre, bhunaigh an Garda Síochána Aonad um Shainaithint Íospartach ag an GNPSB in Iúil 2017. Díríonn an tAonad sin go príomha ar íospartaigh de theacht i dtír gnéasach ar leanaí a shainaithint trí anailís a dhéanamh ar ghrianghraif agus fístaifeadtaí a cuireadh ar fáil ar an idirlíon. Ó bunaíodh é in Iúil 2017, shainaithin an tAonad um Shainaithint Íospartach 35 íospartach de theacht i dtír gnéasach ar leanaí.

Is féidir an méadú substainteach atá tagtha ar líon na n-íospartach a sainaithníodh ó bunaíodh an tAonad seo a thabhairt faoi deara sa ghraf thíos:




### Líne Thuairiscithe um Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí (Saorghlao) 1800 555 222

I Márta, chun feabhas a chur ar ár bhfreagairt ar dhrochúsáid ghnéasach leanaí, sheol Coimisinéir an Gharda Síochána an Líne Thuairiscithe um Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí -1800 555 222.

Lean tabhairt isteach na líne tuairiscithe moladh a rinneadh i dTuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána Uimhir 7 Ag Freagairt ar Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí.

Tá foireann ag oibriú ar an líne shaorghlao thiomnaithe ar bhonn 24/7. Faoi dheireadh 2017, fuarthas 110 glao, ar an iomlán, ar an líne thuairiscithe.

I gcomhar le seoladh na líne gutháin, d'fhoilsigh an Garda Síochána bileog faisnéise ar na roghanna atá ar fáil do dhaoine ar mian leo coir ghnéasach agus mí-úsáid leanaí a thabhairt le fios. Tá an treoir seo ar fáil ag www.garda.ie.

Spreagann an Garda Síochána íospartaigh na drochúsáide gnéasaí leanaí chun aon teagmhas den chineál sin a thuairisciú, na teagmhais siúd ina measc a mbaineann cineál stairiúil leo, a luaithe agus is féidir d'fhonn gur féidir leis an nGarda Síochána an déantóir a dhéanamh cuntasach, sa chás gur féidir.

### An tAonad Náisiúnta Cosanta Leanaí (an NCPU)

I Márta 2017, bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána an NCPU ag an GNPSB.

Bunaíodh na NCPU chun barr feabhais a chur ár ról chun cearta bunreachtúla agus daonna leanaí sa Stát a chosaint trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar oibriú idirghníomhaireachta idir an Garda Síochána, Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus gníomhaireacht eile (reachtúla agus neamhrialtasacha) a chuireann cosaint agus leas leanaí chun cinn.

# Póilíneacht Náisiúnta - Ar lean

### An tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine (an HTICU)

Tá méad tugtha faoi deara ar an méid gáinneála atá á déanamh ar dhaoine a dtagtar uirthi in Éirinn. In 2017, mar thoradh ar iarrachtaí comhoibritheacha a d'fhostaigh gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Stáit, oifigigh Rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, aimsíodh teagmhais gháinneála ar dhaoine agus a n-íospartaigh, ónar eascair imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe.

Creidtear gur toisc é an clár leanúnach oiliúna agus múscailte feasachta faoina dtugann an GNPSB laistigh den Gharda Síochána agus a chomhpháirtithe a chuireann le feasacht a mhúscailt ar gháinneáil ar dhaoine, go háirithe laistigh den Gharda Síochána. Léirítear seo sa chaoi go bhfuil íospartaigh á sainaithint fud fad na tíre, ní hamháin i lárionaid mhóra uirbeacha.

Tháinig an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 isteach sa dlí i Samhain 2017. Leagann seo bonn reachtaíochta faoi fhaisnéis, cosaint agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ina measc.

Comhaontas is ea Grúpa Santa Marta, a d'fhormhuinigh agus lenar dtacaíonn an Pápa Proinsias, de Phríomhoifigigh Phóilíní Idirnáisiúnta agus d'Easpaig ó áiteanna timpeall an domhain anuas ar an tsochaí shibhialta chun deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht na linne seo.

Tá Tionscadal Muirí an Aigéin Atlantaigh Thuaidh faoi Thionscadal Santa Marta ag dul i ngleic le mí-úsáid saothair agus gáinneáil ar dhaoine sa tionscadal muirí.

In 2017, tháinig méadú ar líon íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a sainaithníodh faoin tionscadal seo sa tionscal iascaireachta. Chas an grúpa páirtithe leasmhara a bunaíodh faoi bhrateagraíocht Ghrúpa Santa Marta ina bhfuil an Eaglais Chaitliceach, an Garda Síochána, Seirbhís Póilíneachta Tuaisceart Éireann (PSNI), gníomhaireachtaí stáit agus an tsochaí shibhialta lena chéile i Meitheamh 2017. Príomhpháirtí leasmhar í Cónaidhm Iascairí na hÉireann i dTionscadal Muirí an Aigéin Atlantaigh Thuaidh agus rinneadh ionadaíocht dóibh ag an gcruinniú.

Phleanáil an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas tionscadal taighde i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach chun tacair shonraí ardchaighdeáin a shainaithint arb ann dóibh in Éirinn ar gháinneáil ar dhaoine; barr feabhais a chur ar an bhfaisnéis reatha; comhoibriú le heagraíochtaí neamhrialtasacha; anailís a dhéanamh ar shonraí faisnéise faoi gháinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht; ceardlanna a chur ar siúl chun faisnéis faoi mhúscailt feasachta a scaipeadh ar chomhlachtaí ar nós scoileanna agus institiúidí, agus tuarascáil agus lámhleabhar a sholáthar.

### Oibríocht Quest

Tá ar Oibríocht Quest imscrúdú a dhéanamh ar striapachas eagraithe agus an choiriúlacht a bhaineann leis, a imscrúdú.

Tá an méadú atá tagtha ar líon na n-íospartach atá á sainaithint ina n-íospartaigh de theacht i dtír gnéasach mar thoradh, go pointe áirithe, ar an gcaoi go leanann Oibríocht Quest le hoibriú i gcomhar leis an HTICU, ar thacaigh leithdháileadh acmhainní méadaithe leis.

Leagadh béim athnuaite air seo i ndiaidh go ndearnadh na himscrúduithe ar an airgead a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine. Tá caidreamh tréan á chruthú ag an HTICU i gcomhar le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (an GNECB) faoi láthair le bainc agus institiúidí airgeadais. Cuireadh tús le hOibríocht Flotilla in 2017 agus leagadh béim ar shreafaí airgid a shainaithint ó fháltais na gáinneála ar dhaoine.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, tá an Garda Síochána mar chuid den Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (an FATF) a dhíríonn ar shreafaí airgeadais ó gháinneáil ar dhaoine agus smugláil imirceach a shainaithint. Tá an Garda Síochána mar chuid de Ghrúpa EMPACT Europol, chomh maith, a dhíríonn ar na sreafaí airgid agus airgeadais a leanúint sa limistéar seo. In 2017, cuireadh oiliúint ar thriúr comhaltaí den HTICU ar sciúradh airgid agus imscrúduithe airgeadais.

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

## Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (an GNECB)

### Réiteach Teicneolaíocht Faisnéise goAML

I Meitheamh 2017, rinneadh córas nua TF goAML (Frithsciúradh Airgid Oifigigh Rialtais) a chur i bhfeidhm beo. Cuireann an córas ar chumas aonáin tuairiscithe, ar nós banc, cuntasóirí agus aturnaetha chun aon idirbhearta amhrasacha a dtagann siad orthu a thabhairt le fios don Aonad Imscrúdaithe Airgeadais (FIU).

Cuireann an córas acmhainneacht anailíseach ar fáil nuair a fhaightear Tuairiscí ar Idirbhearta Amhrasacha (STRanna). Chomh maith leis sin, cuireann sé ar chumas FIU oideachas agus rabhadh a sholáthar d'aonáin tuairiscithe faoi threochtaí agus saintréitheacht nua ar cheart bheith ar an airdeall orthu.

### Meastóireacht Frhithpháirteach an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (an FATF) ar Éirinn

I Meán Fómhair 2017, fuair Éire a tuarascáil mheastóireachta ar bhearta um fhrithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta.

Fuair an FIU, agus an Garda Síochána, ach go háirithe, roinnt mhaith léirmheasanna dearfacha go ginearálta ar an obair a rinneadh ar chionta sciúrtha airgid a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh. Fuair an FIU rátáil "substainteach" agus tá sé ar comhcéim leis na FIUanna uile is mó san Eoraip.

Tugadh le fios sa tuarascáil, chomh maith, easnaimh eile maidir le hacmhainní agus acmhainneacht IT ag an am sin. Déanfaidh an FATF atá bunaithe ag oifigí na hEagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an OECD) i bPáras, ar an tsaincheist a bhaineann le hacmhainní, ach go háirithe, nuair a iarrfar ar Éirinn "measúnu leantach" a sholáthar ar an meastóireacht i gcaitheamh na chéad trí bliana eile amach romhainn.

### Cúrsa Calaoise an GNECB

Lean an GNECB le hoiliúint a chur ar chomhaltaí Garda ar fud na tíre lena chúrsa imscrúdaithe calaoise. Tá an cúrsa cleamhnaithe le Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a bhronnann Teastas iarchéime in Imscrúdú Calaoise agus Ríomhchoireachta. Cuireadh oiliúint ar 44 comhalta in 2017.

### Comhdháil Chalaoise an Gharda Síochána

Cuireadh dara Comhdháil Chalaoise an Gharda Síochána ar siúl i Meán Fómhair 2017 faoin téama "Lean an tAirgead". D'fhreastail thart ar 100 duine ar an gcomhdháil, arbh imscrúdaitheoirí calaoise oilte an Garda an mhórchuid díobh.

### For-Rochtain/Oideachas ag an FIU/MLIU

Tá sainchúraim shonraithe ag an FIU agus an tAonad Imscrúdaithe Sciúrtha Airgid (an MLIU) chun cuir i láthair a sholáthar d'aonáin tuairiscithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010.

Sa bhliain 2017, soláthraíodh 22 de na cuir i láthair siúd do bhainc, comhair chreidmheasa, dlíodóirí, cuntasóirí agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Anuas air sin, sholáthraíomar 19 gcur i láthair inmheánacha ag Coláiste an Gharda Síochána, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (an CAB), agus Rannán Shráid Anglesea. De bhreis air seo, chuireamar oiliúint ar 35 Bleachtaire Sáirsintcht chun imscrúdú a dhéanamh ar STRanna agus cionta sciúrtha airgid. Lean méadú réidh an fhor-rochtain seo ar chionta atá á gcur i gcuntas i gceart mar sciúradh airgid agus á n-imscrúdú dá réir.

### Cuir i Láthair Tionscail

I gcaitheamh 2017, rinne comhaltaí an GNECB cur i láthair ag go leor comhdhálacha agus seimineár do thionscail éagsúla.

Anuas air sin, rinneadh cuir i láthair le ceithre phríomhbhainc a chumhdaigh limistéir ar nós gáinneála ar dhaoine, maoiniú sceimhlitheoireachta, calaoise, agus sciúradh airgid.



# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

## Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána (an GNCCB)

Soláthraíonn an GNCCB tacaíocht d'eagraíocht an Gharda Síochána i dtaobh coireacht chibearchumasaithe agus cabhraíonn sé le himscrúdú a dhéanamh ar choireacht atá cibearspleách, ar nós sáruithe ar shonraí agus ionsaithe diúltú dáileacháin seirbhíse (DDOS). Déanann an GNCCB idirchaidreamh leis an tionscal agus an pobal i ndáil le feasacht ar agus cosc ar na coireanna seo.

Déanann an GNCCB idirchaidreamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí, ach go háirithe le Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3). Cuireann na GNCCB oiliúint cibearchoireachta ar fáil trí chláir éagsúla oiliúna, Cúrsa na nOifigeach Sinsearach Imscrúdaithe, Cúrsa Oiliúna na mBleachtairí Sáirsint ina measc agus déanann sé idirichaidreamh le Coláiste an Gharda Síochána maidir le hoiliúint a chur ar Ghardaí promhóra.

In 2017, ghlac an GNCCB páirt sa chéad seachtain ghníomhaíochta a comhordaíodh riamh chun an choiriúlacht a chomhrac a bhí ag teacht chun cinn ar an Darknet ar bhealach ildisciplíneach forfheidhmithe dlí trí dhíriú ar limistéir iomadúla choireachta. Rinne breis agus 40 imscrúdaitheoir agus saineolaí spriocanna gníomhacha a mhapáil ina limistéir choireachta shonracha agus rinne siad pacáistí faisnéis a fhorbairt. B'éard a bhí mar thoradh air seo ná gur liostaíodh 272 sprioc, ar tugadh tús áite do 73 ceann díobh le haghaidh breis imscrúdú, agus sainaithníodh 42 díobh i measc limistéir éagsúla.

## An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (an CAB)

Is é sainchúram an CAB chun díriú ar shócmhainní daoine, pé áit a bhfuil siad suite, a bhíonn mar thoradh, nó a mbítear amhrasach go bhfuil siad mar thoradh, go díreach nó go hindíreach, ar iompar coiriúil.

Úsáideann an CAB a chuid cumhachtaí chun sócmhainní a dhiúltú do agus a cheilt ar choirpigh. Tá an CAB meáite ar bheith ar an eolas i gcónaí ar threochtaí forfheidhmithe dlí in Éirinn agus thar lear.

Ar cheann de na príomhrudaí ar ar díríodh le bliain anuas tá comhpháirtithe le dronganna móra coireachta eagraithe. Ina theannta sin, tugadh faoi obair ar dhronganna buirgléireachta agus robála eagraithe, smuglaeirí breosla agus tobac, iad siúd a bhíonn bainteach i striapachas eagraithe, agus i gcoireacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

I measc shaghas na sócmhainní ar dhírigh an CAB orthu i rith na bliana bhí airgead tirim, seodra agus uaireadóirí, mótarfheithiclí, tithe, tithe soghluaiste, airgeadraí fíorga agus capall rása.

Comhoibríonn an CAB go dlúth le haonaid an Gharda Síochána a bhaineann le hOibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta, ach go háirithe an GNDOCB, anuas ar Rannáin réigiúnacha agus áitiúla an Gharda Síochána.

I rith 2017, chuir an CAB oiliúint ar 108 próifíleoir sócmhainne áitiúla a chuireann próifílí faoi bhráid an Bhiúró go ndéanfar breithniú orthu mar spriocanna nua agus a bhfuil orthu tabhairt faoi fhiosrúcháin leis an mBiúró. Tá oiliúint curtha faoi láthair ar 259 Garda mar phróifíleoirí sócmhainne.

I rith na bliana, sholáthair Príomhoifigeach an Bhiúró, Oifigeach Dlíthiúil an Bhiúró agus an bhainistíocht shinsearach cruinniú faisnéise do roinnt Coistí Póilíneachta chun iad a chur ar an eolas ar shainchúram reachtúil an CAB agus ar threochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn.

D'aithin an CAB an úsáid a bhaintear as criptea-airgeadra mar threocht atá ag teacht chun cinn i measc coirpeach agus roinn sé an méid a d'fhoghlaim sé leis na Gardaí trí Thairseach an Gharda Síochána agus trí oiliúint feasachta.

Foilseofar sonraí iomlána faoi ghníomhaíochtaí an CAB i rith 2017 ina thuarascáil bhliantúil.



*An Coimisinéir Gníomhach, Dónall Ó Cualáin in éineacht le Pat Calvin, Ard-Cheannfort, An Biúró um Shócmhainní Coiriúla, ar a chuairt chuig an CAB i Mí na Nollag.*

# Póilíneacht Náisiúnta - Ar lean

## Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (an GNIB)

In 2017, thug an GNIB tús áite do, lean sé le nó thosaigh sé leis na himscrúduithe seo a leanas:

**Oibríocht Vantage:**
Díríonn an oibríocht seo ar phóstaí bréagacha agus déanann sé idirchaidreamh leanúnach le gníomhaireachtaí Stáit eile, ar nós Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) agus chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí barr feabhais breise ar an bhfreagairt imscrúdaithe go dtí seo agus chabhraigh sí le maolú a dhéanamh in aghaidh treochtaí atá ag teacht chun cinn.

Rinneadh na himscrúduithe a fhairsingiú agus chuimsigh siad póstaí áisiúlachta agus cártaí cónaitheachta a d'eascair as iompar bréagach agus iarratais chalaoiseacha. D'eascair na céadta de cheadanna inimirce a chúlghairm as an gcomhfhreagairt seo. In 2017, cuireadh 31 gabháil i gcuntas faoi Oibríocht Vantage.

Anuas air sin, d'imscrúdaigh an tAonad roinnt gníomhairí a lorg chun leas a bhaint as an gcóras inimirce idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe. Leanann comhfhreagairt choiriúil imscrúdaithe le bheith mar chuid dár dtiomantas leanúnach chun an reachtaíocht agus beartais inimirce idir an dá dhlínse a chosaint.

D'oibrigh Oibríocht Vantage as lámh thíortha uile eile an AE chun póstaí bréagacha a nochtadh agus tá imscrúdú ar bun go fóill atá ar fud na hEorpa, atá á chomhordú ag Europol. Chothaigh an t-ionchur agus an tseirbhís a sholáthair Europol agus EUROJUST araon an fhreagairt seo ar fud na hEorpa agus oibríonn Éire go dlúth le seacht seirbhís póilíneachta eile ar fud na hEorpa chun an mhí-úsáid seirbhísí a chomhrac.

**Oibríocht Polite:**
Go luath in 2017, gabhadh beirt fostaithe a bhí bunaithe in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus cúisíodh iad i ndiaidh imscrúdú dian bunaithe ar fhaisnéis agus acmhainní ar chionta a dhéanamh faoin Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000. Cuireadh tús le himeachtaí ar díotáil in 2017 ónar eascair go ndearnadh ciontuithe maidir le cionta éagsúla.

**Oibríocht Sonnet:**
Bunaíodh seo chun díriú ar inimirce neamhdhleathach isteach sa Stát agus é a bhrath agus a chosc trí na teorainneacha talún laistigh den dlínse. Ó cuireadh tús leis, tugadh faoi líon mór oibríochtaí stad agus cuardaigh go náisiúnta a bhí comhordaithe ag an GNIB. Tugadh laethanta gníomhaíochta náisiúnta chun críche i gcaitheamh na bliana agus ghlac go leor Rannáin an Gharda Síochána ar fud na tíre páirt iontu. Braitheadh go leor daoine aonair i rith na n-oibríochtaí seo. Thit dhá lá gníomhaíochta amach in 2017, ónar eascair go ndearnadh 22 duine a bhrath i ngeall ar chionta inimirce.

I gcaitheamh na n-imscrúduithe seo, chuir an Garda Síochána, tríd an GNIB, cosc ar íospartaigh fhéideartha ó bheith thíos le gníomhaíocht choiriúil. Chuir an eagraíocht le comhoibriú barrfheabhsaithe a bhaint amach lena comhpháirtithe go hinmheánach agus go seachtrach araon, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, i ndáil le himscrúdú agus faisnéis a roinnt ar gach leibhéal chun torthaí a bhaint amach a chuaigh chun sochair cách.

**Comhoibriú Idirnáisiúnta:**
Lean an GNIB ag tabhairt faoi imscrúduithe ar dhaoine aonair agus grúpaí atá bainteach i gcoireacht eagraithe a bhaineann go sonrach le mí-úsáid a bhaint as ceadanna, beartas agus dlí inimirce.

Teastaíonn comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta uaidh seo. Ina thaobh seo, bhí caidreamh dlúth oibre ag an GNIB leis an INIS, Gníomhaireacht Teorann na Ríochta Aontaithe (an UKBA), Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (an ORAC) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Rinne an GNIB idirchaidreamh, chomh maith, le seirbhísí póilíneachta eile Eorpacha trí Europol agus Interpol, agus tá comhpháirtithe straitéiseacha oibríochtúla aige sa Ríocht Aontaithe, an Ollainn, an Pholainn agus sa Spáinn, áit a ndéantar imscrúduithe ar chúrsaí inimirce a chomhordú agus áit a bhfuil siad ar bun faoi láthair.

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

**Rialú Inimirce in Aerfort Bhaile Átha Cliath:**
Ba bhliain thábhachtach 2017 d'athrú laistigh den GNIB nuair a aistríodh an fheidhm túslíne rialaithe inimirce ag Críochfort a hAon agus a Dó ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chuig ár gcomhghleacaithe ag an INIS an 1 Deireadh Fómhair 2017.

In 2017, fad a bhí a fheidhm rialaithe inimirce á comhlíonadh aige, bhrath an GNIB iarrachtaí a bhí á ndéanamh ag daoine an Stát a iontráil a raibh pasanna agus cáipéisí eile bréagacha agus goidte. Cuireadh brath smugláil inimirceach neamhdhleathach agus gluaiseacht amhrasach inimirceach neamhdhleathach isteach sa tír san áireamh sna gníomhartha a rinne oifigigh inimirce na heagraíochta.

**An Líon Daoine a Diúltaíodh in 2017:**
Cé gur éascaigh an Garda Síochána, faoi choimirce an GNIB, gluaiseacht na milliún náisiúnach coigríche a thug cuairt ar Éirinn i rith 2017, dhiúltaigh a oifigigh inimirce, nó chabhraigh siad le cead chun an Stát a iontráil a dhiúltú do 3,908 duine de na daoine siúd nár shásaigh na riachtanais riachtanacha.

**An Líon Daoine a Baineadh ón Stát in 2017:**
Rinne an GNIB comhordú, chomh maith, ar náisiúnaigh choigríche a bhaint ón Stát a raibh cónaí orthu ann le roinnt ama anuas. Baineadh 202 náisiúnach coigríche a bhí faoi réir orduithe bainte, iompair nó díbeartha, ón Stát in 2017 agus bhí ciontuithe coiriúla bainte amach ag 107 de na daoine seo fad a bhí cónaí orthu in Éirinn.

Áiríodh leis an réimse fairsing de choireacht a bhain le hinimirce a braitheadh agus a d'imscrúdaigh an GNIB i gcaitheamh 2017 coiriúlacht a bhain go príomha le póstaí bréagacha, anuas ar choláistí bréagacha, fostaíocht neamhdhleathach agus éilimh bhréagacha leasa shóisialaigh a d'eascair as inimirce neamhdhleathach.

## Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Imscrúdú Coiriúil (an GNBCI)

### An tAonad um Imscrúdú Mótarfheithiclí Goidte (an SMVIU)

Déanann an SMVIU imscrúdú ar choireacht eagraithe feithiclí.

In 2017, ghlac na SMVIU páirt in 53 cuardach faoi bharántas. Rinne an tAonad 45 feithicil, meaisín agus carbhán a aisghabháil ar a raibh luach thart ar €1.4 milliún. Chabhraigh an tAonad, chomh maith leis sin, chun 48 earra breise a goideadh a shainaithint ar a raibh luach thart ar €670,000.

### An tAonad um Choireacht Maoin Intleachtúil (an IPCU)

Cabhraíonn, chomhordaíonn agus tugann an IPCU faoi imscrúduithe ar chionta góchumtha agus cóipchirt. Oibríonn an tAonad go dlúth le gníomhaireachtaí Stáit eile, Custaim agus na Coimisinéirí Ioncaim, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte ina measc, anuas ar an tionscal príobháideach ina chuid oibre.

I measc na samplaí oibre faoinar thug an IPCU in 2017, bhí an méid seo a leanas:

*Oibríocht IOS* - Oibríocht de chuid Europol a dhírigh ar láithreáin ghréasáin a dhíol earraí agus é ina chuspóir sonrach acu na láithreáin sáraithe seo a dhúnadh. Tríd an oibríocht seo, shainaithin an IPCU, agus le cúnamh ón tionscal príobháideach, bhain siad 194 leathanach gréasáin a dhíol earraí agus bia-ábhair ghóchumtha.

*Oibríocht Aphrodite* - Oibríocht de chuid Europol a dhírigh ar earraí sáraithe MI (maoin intleachtúil) trí na meáin shóisialta. D'oibrigh an IPCU i gcomhar leis an tionscal príobháideach in imscrúdú ar bhoscaí neamhdhleathacha barr teilifíse/Kodi a dhíol. D'eascair líon mór cuardach ar fud na tíre agus urghabháil mórmhéid boscaí neamhdhleathacha barr teilifíse as an oibríocht seo.
Tá roinnt ionchúiseamh ar feitheamh.

I August 2017, thug an IPCU faoi oibríocht a chuirfí ar bun i gcomhthráth le roinnt cluichí peile ina raibh Manchester United agus Liverpool bainteach ag Staid Aviva. D'eascair ón oibríocht seo go ndearnadh 22 urghabháil ar leith ar earraí góchumtha, ar a raibh luach sráide €27,000, anuas ar chalaois ghaolmhar leasa shóisialaigh.

# Póilíneacht Náisiúnta - Ar lean

### Coireacht Chomhshaoil

In 2017, ghlac an Garda Síochána páirt in 30 Lá Gníomhaíochta Interpol. B'éard a bhain leis seo ná trí chigireacht suímh ilghníomhaireachta ag láithreacha éagsúla i gcaitheamh na míosa, agus tugadh faoi 16 sheicphointe bhreise feithicle agus cigireachtaí poirt, chomh maith. Bhí an oibríocht, ar an iomlán, ar an ngníomh forfheidhmithe domhanda ba mhó in aghaidh coireacht agus gáinneáil dramhaíola, agus ghlac na póilíní, Custaim, gníomhaireachtaí teorann agus comhshaoil ó 43 tír páirt ann.

In 2017, tugadh oibríocht faoinar thug an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil roimhe seo os comhair na gcúirteanna a bhain le himscrúdú ar dhiúscairt neamhdhleathach dramhaíola ag Baile Chairdif, Contae Chill Dara. Sholáthair oifigeach den GNBCI fianaise don chúirt sa chás seo mar chuid de dhuine amháin a cúisíodh a chiontú.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Mheasúnú an AE ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe (SOCTA), shainaithin an GNBCI gurbh ann do cheisteanna beartais a bhain le feithiclí agus boinn a bhfuil a ré caite. Chun an tsaincheist seo a chomhrac, bhí comhoibriú méadaithe le sonrú idir an GNBCI, gníomhaireachtaí Stáit agus seirbhísí póilíní san Eoraip trí Europol.




## Seirbhísí Tacaíochta Oibríochtúla

### Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána (an GASU)

**Teagmhais/Uaireanta**

Aerárthach an GASU
**1,055** Uaireanta
**1,244** Eitiltí
**1,904** Teagmhais a d'fhreastail siad orthu

**170** Amhrastaigh

**10** Daoine ar iarraidh a aimsíodh

**61** Feithiclí athshlánaithe

**Cás-Staidéar**
An 23 Deireadh Fómhair 2017, d'fhuadaigh fear aonair a raibh meaisínghunna aige roinnt feithiclí i gceantar Thamhlachta. Tugadh faoi chuardach mór agus lena linn seo, chonaic an GASU gluaisteán dubh Mercedes ag tiomáint ar luas ar Bhóthar Bhaile an tSíbhrigh. Thug an GÁS treoracha d'aonaid talún agus thréig an té a raibh amhras faoi an fheithicil seo lasmuigh d'ionad siopadóireachta Iarthar na Cathrach. Bhí meaisínghunna ag an té a raibh amhras faoi agus fad a bhí sé ag rith i dtreo Dunne's Stores in ionad siopadóireachta Iarthar na Cathrach, chaith sé uaidh an gunna. D'iontráil an té a raibh amhras faoi an t-ionad siopadóireachta agus d'fhan héileacaptar lasnairde go dtí gur tháinig aonaid an Gharda Síochána ar an láthair agus ghabh siad an té a raibh amhras faoi.

**Aonad Gadhar an Gharda Síochána (an GDU)**
Bhí baint ag an GDU i mbreis agus 472 cuardach i rith 2017. Áirítear leo seo cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh, drugaí, airm thine agus substaintí pléascacha anuas ar mhaoin ghoidte agus earraí lenar bhain tábhacht in imscrúduithe coiriúla.

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

**Cás-Staidéar**
An 25 Márta 2017, chabhraigh an GDU i dteannta madra braite drugaí/airm thine le Gardaí Dhroichead Átha chun cuardach a dhéanamh ar dhá áitreabh agus ar an limistéar máguaird i ndiaidh gur scaoileadh le hurchair trí fhuinneog thosaigh tí. I rith an chuardaigh, bhraith an madra cásáil urchair chaite a úsáideadh sa lámhach anuas ar roinnt bheag hearóine. Thug comhalta an GDU le fios don fhoireann chuardaigh limistéar ina bhféadfadh go bhfuarthas réidh leis an arm tine agus, mar thoradh air sin, thángthas ar ghunna láimhe 9 mm a caitheadh thar chúlbhalla an áitribh ag duine de na daoine a raibh amhras fúthu.

**Marc-Aonad an Gharda Síochána (an GMU)**
Áiríodh leis an ngnáth-imlonnú ar ar fhreastail an tAonad patróil um chosc na coireachta agus comhrac a bhain leis an bpobal. Chuimsigh sé ord poiblí, It also covered public order, rialú slua, cosaint daoine móra le rá, dualgais searmanais, cuairteanna a bhí á dtabhairt ag daoine móra le rá agus cuardaigh ar thalamh gharbh.

Chabhraigh an GMU, chomh maith, chun patróil ard-infheictheachta um chosc na coireachta a dhéanamh ar bhonn náisiúnta agus i ndianphatróil oíche a dhéanamh i gcodanna de lár chathair Bhaile Átha Cliath ina dtiteann teagmhais oird phoiblí amach go minic. Thug an GMU chuntas, chomh maith, maidir le rialú slua ag imeachtaí móra spóirt.

**Aonad Uisce an Gharda Síochána (an GWU)**
I rith 2017, thug an GWU faoi chuardaigh dhaonnúla ar dhaoine ar iarraidh i ngach Réigiún an Gharda Síochána agus tháinig siad ar dheich gcorp, ar an iomlán.

Iarradh ar an GWU, chomh maith, cuardach a dhéanamh ar airm thine agus airm eile a bhain le himscrúdú a dhéanamh ar thromchoireacht, agus soláthraíodh grianghrafadóireacht físeáin agus shocair araon d'oifigigh imscrúdaithe chun tacú leis na hoibríochtaí seo.

Thug an GWU faoi chuardaigh slándála agus suíomhanna teoranta sular thug daoine móra le rá cuairt ar láithreacha muirí.

**Cás-Staidéar**
I rith Nollaig 2017, thug an GWU faoi chuardaigh 21 lá i ndiaidh a chéile ar an mBóinn chun beirt daoine a aimsiú ar tuairiscíodh go raibh siad ar iarraidh. Leanadh ar aghaidh leis an gcuardach gur aimsíodh an bheirt acu.



# Póilíneacht Náisiúnta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **7a** Bunaíodh Aonad Imscrúdaithe Cibearchoireachta ag Biúró Cibearchoireachta an Gharda Síochána agus tá sé i bhfeidhm. | Baineadh amach an sprioc seo. Bunaíodh Aonad Imscrúdaithe Cibearchoireachta ag Biúró Náisiúnta um Choireacht Ríomhaire an Gharda Síochána (GNCCB) i mí na Samhna 2017. |
| **7b** Straitéis nua cibearchoireachta a fhorbairt faoi Ráithe 4, 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Faomhadh Straitéis GNCCB i mí Dheireadh Fómhair. Aithníodh roinnt tionscadal ón straitéis fhoriomlán. Is éard atá i dTionscadal a hAon ná struchtúir, creata agus próisis a fhorbairt ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach chun cumas a chothú d'fhonn cumais imscrúdaithe ríomhfhóiréinsice agus cibearchoireacht araon a sholáthar. Cuireadh tús le plean oibre tionscadail i mí na Nollag, 2017. |
| **9a** Feabhas a chur ar dhearcadh an phobail maidir le cumas an Gharda Síochána chun dul i ngleic le coireacht ó 57% i 2015 go 60% i 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Tháinig meath ar dhearcadh an phobail maidir le cumas an Gharda Síochána chun dul i ngleic le coireacht - laghdú ó 57.1% i 2015 go 55.0% i 2017. |
| **9b** Tháinig laghdú de 5% ar theagmhais bhuirgléireachta i 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. |
| **9c** Tháinig laghdú de 10% ar theagmhais robála i 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. |
| **9d** Tháinig laghdú de 6 % ar theagmhais ionsaithe i 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. |
| **10** Aonad Seirbhísí Cosanta a bhunú i 3 Rannán Gardaí faoi Ráithe 4, 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal cur chuige comhsheasmhach agus proifisiúnta a fhorbairt maidir le himscrúdú de chineálacha sonracha coire agus tacaíocht a thabhairt do gach íospartach coireachta. Cuireadh an chéad chéim den tionscadal i bhfeidhm sa Lú, i Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath Thiar agus i gCathair Chorcaí. Tá monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na n-aonad seo i ngach rannóg phíolótach; agus tá saincheisteanna a thagann chun cinn á mbainistiú<br><br>Thosaigh an dara céim den tionscadal an 20 Meán Fómhair 2017, tar éis cruinnithe le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha.<br><br>Leanfar leis an tionscnamh seo a chur chun cinn leis an bPlean Póilíneachta 2018. |

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

## **Táscairí Feidhmíochta** - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **11a-11e** Forálacha an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac a chur i bhfeidhm. | Baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh ar fáil cruinnithe faisnéise ar mhúscailt feasachta maidir le Gáinneáil ar Dhaoine do go leor páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i 2017, lena n-áirítear foireann an Gharda Síochána, baill SPTÉ, pearsanra Óglaigh na hÉireann, foireann Bainistíochta Teorann, foirne bainistíochta in Institiúidí Airgeadais Baincéireachta agus an t-aonad imscrúdaithe frith-sciúrtha airgid ag Banc na hÉireann.<br><br>Cuireadh ar fáil oiliúint maidir le Teacht i dTír Gnéasach an 29 Samhain, i gcomhar le Ruhama do 16 Garda, 3 ball den SPTÉ agus 3 chomhalta ó na Póilíní Míleata.<br><br>Fuarthas maoiniú ón gCiste Slándála Inmheánaí chun taighde a dhéanamh ar thaighde THB. Reáchtáladh plé idir Coláiste Mhuire gan Smál, An Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais d'fhonn an tionscadal seo a chur chun cinn.<br><br>Le linn 2017, d'oibrigh an Garda Síochána le pobail agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn chun tacú le híospartaigh Gháinneáil ar Dhaoine chun cumarsáid a fheabhsú, feasacht a mhúscailt agus soláthar seirbhíse a fheabhsú.<br><br>D'fhreastail ionadaithe ón Aonad Imscrúdaithe agus Comhordúcháin um Gháinneáil ar Dhaoine (HTICU) ar chruinnithe Europol, ag comhoibriú go hidirnáisiúnta chun cionta THB a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh. |
| **11f** Méadú ar thuairisciú de chionta gnéasacha. | Baineadh amach an sprioc seo. Tháinig méadú de 15.19% ar thuairisciú cionta gnéasacha (bunlíne 2016). |
| **11g** Méadú ar bhrath na gcionta gnéasacha. | Baineadh amach an sprioc seo. Tháinig méadú de 4.59% ar bhrath gcionta gnéasacha (bunlíne 2016). |
| **11h** Méadú ar líon na n-íospartach gáinneála a aithníodh. | Baineadh amach an sprioc seo. Lean an Garda Síochána air ag obair le comhlachtaí stáit eile agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun íospartaigh gáinneála a aithint agus chun tacú leo. D'aithin an Garda Síochána 112 íospartach féideartha gáinneála ar dhaoine in 2017. |

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

## **Táscairí Feidhmíochta** - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **12** Cur i bhfeidhm de ghníomhartha straitéiseacha COSC a bhain le 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh straitéis meáin i bhfeidhm chun tacú leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta. Thug comhaltaí an Gharda Síochána agallaimh le haghaidh clár faisnéise RTÉ maidir le drochíde sa teaghlach. Tugadh agallaimh freisin d'ionaid éagsúla sna meáin i gcaitheamh na bliana.<br><br>Faomhadh Beartas athbhreithnithe ar Idirghabháil Drochíde sa Teaghlach agus cuireadh i bhfeidhm é in Aibreán, 2017.<br><br>Bhí meastóireacht agus measúnú ar imscrúduithe na nAonad Seirbhísí Cosanta Rannacha (DPSU) ar siúl ag deireadh 2017, táthar ag súil go mbeidh tuarascáil Aonad Taighde an Gharda i gcrích i lár Ráithe 1 2018. Fuarthas aighneachtaí ó 23 rannán i ndáil leis an rolladh amach atá beartaithe do Chéim 2 den tionscnamh DPSU. Rinneadh meastóireacht ar chásanna gnó chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na rannáin a chuirfear san áireamh i gCéim 2 i 2018.<br><br>Forbraíodh Measúnú Riosca Dinimiciúla ar Dhrochíde sa Teaghlach agus Coireacht Ghnéasach agus leanadh leis na cláir píolótacha DPSU. Ullmhaíodh togra taighde d'iarratas ar mhaoiniú do mheasúnú acadúil neamhspleách agus bhí athbhreithniú á dhéanamh air i mí na Nollag, 2017. Leanfar leis an tionscnamh seo a chur chun cinn leis an bPlean Póilíneachta 2018. |
| **13a** Méadú ar shástacht íospartach ó 57% i 2015 go 65% i 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Idir 2015 agus 2017 tháinig laghdú an-bheag (0.03%) ar chion na n-íospartach a bhí sásta leis an tseirbhís ar thug An Garda Síochána dóibh (ó 57.79% go 57.76%).<br><br>Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo déanfar sraith tionscadal a bhaineann le hOifigí Seirbhísí Íospartach agus seirbhísí cosanta i gcoitinne, a chur chun cinn ag leibhéal rannáin agus ar leibhéal náisiúnta i 2018. |
| **13b** Moltaí athbhreithnithe na nOifigí Seirbhísí Íospartach a chur i bhfeidhm. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Tá an tionscnamh seo nasctha leis an Acht um Cheartas Coiriúil maidir le hÍospartaigh na Coireachta, 2017, a thosaigh an 27 Samhain, 2017. Thug an Garda Síochána tacaíocht do thosach feidhme an ghnímh trí roinnt tionscnamh a bhí dírithe ar níos mó tacaíochta agus cúnaimh a sholáthar d'íospartaigh na coireachta.<br><br>Cuireadh tús le gníomhaíochtaí i mí na Nollag, 2017 chun Bileog Eolais Íospartach (VIL) feabhsaithe a athbhreithniú, a dhearadh agus a phriontáil; agus ullmhaíodh leagan nuashonraithe de Chairt Íospartach an Gharda Síochána ionas go ndéanfar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais breithniú air.<br><br>Leanfar leis an tionscnamh seo a chur chun cinn leis an bPlean Póilíneachta 2018. |

# **Póilíneacht Náisiúnta** - Ar lean

## **Táscairí Feidhmíochta** - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **16c** Méadú ar bhraith bhuirgléireachta. | Níor baineadh amach an sprioc seo.<br>Tháinig laghdú de 2.62% ar bhraith bhuirgléireachta. |
| **16d** Méadú ar bhraith robála. | Níor baineadh amach an sprioc seo.<br>Tháinig laghdú de 0.59% ar bhraith robála. |
| **16e** Méadú ar bhraith ionsaithe. | Níor baineadh amach an sprioc seo.<br>Tháinig laghdú de 2.86% ar bhraith ionsaithe. |
| **17a** Méadú ar bhraith dhíolacháin agus soláthair drugaí i gcomparáid le braith i 2016. | Baineadh amach an sprioc seo. Tháinig méadú de 4.5% i 2017 ar bhraith dhíolacháin agus soláthair drugaí. |
| **17b** Méadú ar líon na n-arm tine a urghabhtar (i 2017) i gcomparáid le 2016. | Baineadh amach an sprioc seo. B'ionann líon iomlán na n-arm tine a urghabhadh i 2017 agus 517 (456 urghafa i 2016). Leis na figiúirí a sholáthraítear, léirítear líon na n-arm tine a ndearna Rannóg Balaistíochta na nGardaí scrúdú air. Ní léirítear figiúr cruinn maidir leis na harm teine a urghabhadh eagraíocht an Gharda Síochána, toisc go bhféadfadh aga moille a bheith ann idir am an urghabhála agus an am a cuireadh iad faoi bhráid Rannóg na Balaistíochta. Mar sin féin, leis na figiúirí léirítear an táscaire is fearr atá ann faoi láthair maidir le feidhmiúcháin eagraíochtúil i ndáil le hurghabháil arm tine agus tá siad comhsheasmhach bliain ar bhliain i dtéarmaí taifeadta / modheolaíochta. |

# Póilíneacht Náisiúnta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **18** Comhoibriú éifeachtach le fórsaí póilíní idirnáisiúnta i dtéarmaí díriú ar OCGanna agus ar dhaoine aonair a bhfuil baint acu le coiriúlacht. | Oibríonn an Biúró Náisiúnta um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe an Gharda Síochána (GNDOCB) chun cur isteach ar ghrúpaí agus daoine aonair a bhfuil baint acu le gníomhaíocht choiriúil eagraithe tromchúisí agus iad a tharraingt óna gcéile agus iad a ionchúiseamh. I rith 2017, d'fhreastail oifigigh ón mBiúró ar roinnt cruinnithe comhordúcháin oibríochta san Eoraip, san Áise agus sna Stáit Aontaithe Mheiriceá chun imscrúduithe coiriúla leanúnacha a chur chun cinn. Tá grúpa páirtithe leasmhara éagsúil ag an GNDOCB agus i measc na gcomhpháirtithe tábhachtacha a n-idirghníomhaíonn sé go rialta leis, tá Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, Europol agus Interpol. Bíonn an GNDOCB ar roinnt grúpaí agus coistí lena n-áirítear:<br>• An Lárionad Oibríochtaí agus Anailíse Muirí (Támhshuanaigh) LOAM N (ardán oibríochtúil muirí idirghníomhaireachta agus idirnáisiúnta).<br>• An Buanchoiste um Chomhar Oibríochtúil ar Shlándáil Inmheánach (An tAontas Eorpach) COSI; a éascaíonn, a chuireann chun cinn agus a neartaíonn comhordú de ghníomhartha oibriúcháin a bhaineann le slándáil inmheánach an AE idir na Ballstáit.<br>• EUROPOL - EMPACT (An Clár Oibre Ildisciplíneach Eorpach i gCoinne Bagairtí Coiriúla).<br>• Conradh Comhaontaithe Pháras, Meitheal de Shaineolaithe (EWG) maidir le Forfheidhmiú an Dlí chun tacú le comhar trasteorann (comhpháirtíocht idirnáisiúnta chun dul i ngleic le gáinneáil aindleathach de Chodlaidínigh ón Afganastáin).<br>• An Grúpa Pompidou, meitheal de shaineolaithe ar chibearchoireacht a bhaineann le drugaí.<br><br>Rinne Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch roinnt oibríochtaí spriocdhírithe i gcoinne grúpaí agus daoine aonair sa choireacht eagraithe a raibh baint acu le coireacht eacnamaíoch agus lean siad ag obair i gcomhpháirtíocht le fórsaí póilíneachta coigríche. D'oibrigh an GNECB i rith na bliana le gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú dlí maidir le imscrúduithe sciúrtha airgid tras-dhlínse. D'fhreastail an GNECB ar 211 iarratas ó Interpol agus Europol. Chuidigh sé freisin leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Choireacht maidir leis an imscrúdú reatha i leith díol punainne d'iasachtaí réadmhaoine de chuid an Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Thuaisceart Éireann, ar a dtugtar 'Project Eagle' air. |

# Póilíneacht Náisiúnta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **18** Comhoibriú éifeachtach le fórsaí póilíní idirnáisiúnta i dtéarmaí díriú ar OCGanna agus ar dhaoine aonair a bhfuil baint acu le coiriúlacht. - *Ar lean* | Is iad seo a leanas samplaí d'oibríochtaí GNECB a leanadh ar aghaidh le linn na bliana<br>• Oibríocht Myriad: Imscrúdú casta ar sciúradh airgid trasdlínse dírithe ar choirpeach sinsearach a oibríonn in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe. Rinneadh oibríocht chuardaigh ar fud na tíre agus úsáideadh an fhaisnéis a fuarthas ón SPTÉ don imscrúdú agus chabhraigh sé le daoine a aithint ag roinnt de na suíomhanna chuardaigh.<br>• Oibríocht Mantel : D'oibrigh an tAonad um Imscrúdú ar Sciúradh Airgid (MLIU) le hAonad Phóilíní Somerset um Imscrúdú Airgeadais maidir le suíomh de dhuine a bhí faoi dhrochamhras. Rinneadh tuilleadh idirchaidrimh le Póilíní Durham in Ontario, Ceanada maidir le calaois a líomhnaítear ina raibh baint ag an duine céanna a bhí faoi dhrochamhras.<br>• Oibríocht Fishmerkt: Ghlac an tAonad um Imscrúdú ar Sciúradh Airgid (MLIU) páirt in imscrúdú tras-dhlínse ar sciúradh airgid le Ballstáit eile, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia agus Poblacht na Slóvaice.<br>• Oibríocht Runabay i ndáil le coirp anaithnide atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe.<br>• Oibríocht "Orchid" (a bhain le Operation Runabay) sa Ríocht Aontaithe freisin.<br><br>Bhí an Garda Síochána i mbun oibríochta trasteorann leis an SPTÉ maidir le mí-úsáid leanaí ar líne. Comhoibríocht trasteorann a bhí ann, deartha chun díriú ar theacht i dtír gnéasach de leanaí i leith daoine a bhfuil baint acu le híomhánna mígheanasacha de leanaí a tháirgeadh, a bheith ina seilbh acu agus a dháileadh chun úsáid a bhaint astu ar an idirlíon. Ar an iomlán, bhí fiche agus a dó cuardach comhordaithe i gceist, cúig cinn déag in Éirinn agus seacht gcuardach eile i dTuaisceart Éireann. |
| **21** Rolladh amach de SAOR (Cur Chuige Straitéiseach ar Atitimeachas Ciontóra) sna Rannáin Ghardaí uile faoi Ráithe 4, 2017. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Is tionscnamh anois é SAOR laistigh den Chlár um Nuachóiriú agus Athnuachan (MRP). Rinneadh dul chun cinn maidir le hobair phleanála i rith 2017 agus aithníodh an líon pearsanra a bhí oiliúint le fáil acu i ndáil lena chur i ngníomh sna hoibríochtaí (20% de líon foriomlán na n-atitimeach laistigh de gach rannán sa Gharda Síochána). Leanfar leis an tionscnamh seo a chur chun cinn leis an bPlean Póilíneachta 2018. |
| **54** Bac a chur ar dhúshaothrú leanaí ar líne Baineadh amach cuid den sprioc seo. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Sannadh baill foirne bhreise ar Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) i Meán Fómhair. Sannadh comhlán de 1 Sáirsint Bhleachtaire agus 5 Garda Bleachtaire ón gcionroinnt seo chun bac a chur ar dhúshaothrú leanaí ar líne. Cuireadh tús le hobair imscrúdaitheach an Meán Fómhair, 2017. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh an lá gníomhaíochta náisiúnta maidir le spriocanna a aithníodh ó imscrúduithe dá leithéid. Scaipeadh comhaid aonair ar spriocanna sonracha ar Oifigí Dúiche i gcomhar imscrúdaithe. Leanfar le haghaidh a thabhairt ar an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2018. |

# SLÁNDÁIL AGUS FAISNÉIS NÁISIÚNTA

**13m**

**SEICEÁLACHA**
ar bhunachar FIND Interpol

**358**

**IMSCARTHA**
Aonad Tacaíochta Armtha Bhaile Átha Cliath

**61**

**TEAGMHAIS**
Barracáid ar ghialla & Teagmhais Fhéinmharaithe a láimhseáladh

> "Is é ról Slándála agus Faisnéise chun an bhagairt atá roimh an Stát a shainaithint agus a anailísiú a chruthaíonn dronganna sceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe. Tacaíonn an rannóg le haonaid oibríochtúla trí leideanna faisnéise a sholáthar a bhaineann leis an dá limistéar."

### Slándáil agus Faisnéis

Lean an Garda Síochána le glacadh le cur chuige réamhghníomhach agus straitéiseach i leith gníomhaíocht choiriúil agus slándáil náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar réimse dúshlán a bhí ag dul i méid. Tugadh aghaidh ar na dúshláin seo trí fhrithbhearta bagartha a chur i bhfeidhm.

Trí obair na rannóige Slándála agus Faisnéise, cuireann Éire timpeallacht shábháilte agus shlán ar fáil dá cónaitheoirí agus gnólachtaí.

Níor tháinig aon athrú ar an leibhéal bagartha sa dlínse seo ón mbliain 2016 ar aghaidh, a thugann le fios "go bhféadfadh ionsaí titim amach ach ní dóchúil go dtitfidh". Leanann an Garda Síochána le hathbhreithniú seasmhach a dhéanamh ar an leibhéal bagartha. Rachfar i mbun na mbeart cuí go léir de réir na timpeallachta bagartha atá i gceist.

Lean an Garda Síochána ag comhoibriú go dlúth lenár gcontrapháirteanna san Aontas Eorpach agus idirnáisiúnta i dtaobh faisnéis a roinnt agus freagairt ar bhagairtí.

# **Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta** - Ar lean

## Idirchaidreamh agus Cosaint

### Interpol:

Tá athrú suntasach tite amach ar chomhdhéanamh déimeagrafach ár saoránach agus na gcuairteoirí a thugann cuairt ar ár dtír le blianta beaga anuas.

Ó pheirspictíocht phóilíneachta, rinne seo caighdeán ár n-idirchaidrimh idirnáisiúnta a ardú le tíortha ar fud mhórlimistéar na hEorpa agus níos faide i gcéin. Mar eagraíocht, táimid tiomanta i gcónaí chun póilíneacht ghairmiúil a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine go léir ar a bhfreastalaímid.

In 2017, chuir an Garda Síochána tairiscint isteach chun Comhdháil Réigiúnach Interpol 2018 na hEorpa a chur ar siúl agus d’éirigh leis an tairiscint seo agus cuirfear 46ú Comhdháil Réigiúnach Interpol 2018 na hEorpa in Éirinn ar siúl in 2018 dá bharr. Atreisíonn an phribhléid seo lenár dtiomantas d’fhreastal ar gach duine a chónaíonn sa Stát seo agus a thugann cuairt air, agus cothaíonn sé na caighdeáin is airde de chomhoibriú póilíneachta lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.

Cuireann réiteach comhtháite Bhunachar Sonraí Seasta Líonra Interpol (FIND) forfheidhmiú dlí ar fáil ag a bhfuil teacht láithreach bonn ar chóras FIND. Mar gheall air seo, is féidir le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí túslíne (Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce, na Gardaí agus Oifigigh Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann) chun faisnéis iontaofa, chruinn agus cothrom le dáta a fhiosrú a bhaineann le cáipéisí goidte / caillte taistil (SLTD) ar bhonn fíor-ama agus freagairt ar an toirt a fháil. D’uaslódáil Poblacht na hÉireann sonraí faoi cháipéisí goidte nó caillte taistil chuig bunachar sonraí Interpol. Uaslódáiltear thart ar 24,000 taifead gach bliain.

Tá teacht ag oifigigh shlándála teorann, trí Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) agus Oifigigh Inimirce ón nGarda Síochána, ar bhunachair shonraí I-24/7 Interpol ag poirt iontrála aeir agus farraige araon.

Seiceáiltear paisinéirí a thagann isteach go poirt iontrála aeir agus farraige na hÉireann in aghaidh bhunachar sonraí STLD Interpol, trí FIND. I gcaitheamh na tréimhse ón 30 Samhain 2016 go dtí an 22 Feabhra 2018, tugadh faoi 13,071,455 seiceáil.

### Europol:

Aonad ilghníomhaireachta é Aonad Náisiúnta Europol agus tá foireann de chúigear pearsanra ann; beirt Bhleachtairí Sáirsint agus oifigeach amháin na gCoimisinéirí Ioncaim ina measc atá bunaithe ag Ceanncheathrú Europol sa Háig. Áirítear le ról an Aonaid.

Laethanta Comhghníomhaíochta a éascaíonn Europol sna limistéir choireachta seo a leanas: cibearionsaithe, calaois chárta íocaíochta, trádáil neamhdhleathach ar líne, drugaí, gáinneáil ar airm thine neamhdhleathacha, gáinneáil ar dhaoine, airgeadraí fíorga, cáipéisí brionnaithe, inimirce neamhdhleathach, drugaí sintéiseacha agus gáinneáil ar chócaon. I rith 2017, bhí teacht ag an nGarda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim araon ar thacaíocht oibríochtúil trí Europol, a chinntigh comhoibriú barrfheabhsaithe ar leibhéal idirnáisiúnta i measc an dá eagraíochta.

Lean an Garda Síochána le páirt a ghlacadh agus ag cur le Bord Bainistíochta Europol. I Meán Fómhair 2017, rinneadh ionadaíocht d’Éirinn ag Coinbhinsiún Ard-Oifigigh Phóilíneachta na hEorpa ag Ceanncheathrú Europol.

### Córas Faisnéise Schengen II (SIS II):

Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal chun Éire a cheangal le SIS II i gcaitheamh 2017. Cuirfidh SIS II ar chumas an Gharda Síochána teacht a bheith aige ar fholáirimh agus iad a chruthú (faoi dhaoine, feithiclí agus earraí) a iontráladh ar SIS II agus faisnéis a bhainistiú agus a chur i dtaifead a tarchuireadh maidir le foláirimh idir Biúró SIRENE (pointí náisiúnta teagmhála) i mBallstáit eile.
Ciallóidh sé go ndéanfar an fhaisnéis sin i dtaca le catagóirí áirithe de dhaoine ar iarraidh, maoin ghoidte agus daoine a bhfuiltear sa tóir orthu, mar shampla, a mhalartú go huathoibríoch idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na dtíortha siúd trí úsáid a bhaint as SIS II. Clár tábhachtach TF is ea tionscadal SIS II a sholáthrófar i gceithre chéim; agus táthar ag súil leis go mbeidh sé ag feidhmiú beo sa dara ráithe in 2019.

# Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - Ar lean

## Bainistíocht Mór-Éigeandála (BMÉ):

Tá ról ag an Oifig BMÉ i gcomhordú agus forbairt a dhéanamh ar fhreagairtí eagraíochta agus idirghníomhaireachta ar éigeandálaí móra. Áirítear leis seo oiliúint, tástáil agus acmhainní agus cumas a chur chun feidhme. Cuimsítear sna cásanna sa chleachtadh agus san oiliúint idir fíor-dhrochaimsir agus ionsaithe sceimhlitheoireachta.

I Márta agus Nollaig, thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas, anuas ar an Oifig BMÉ, faoi chleachtadh boird Frithsceimhlitheoireachta ag an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí. Dhírigh an cleachtadh ar thacú leis an Rialtas chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cumarsáid a dhéanamh agus teachtaireachtaí a sheoladh a bhaineann leis an imeacht atá ag titim amach,
- bainistíocht a dhéanamh ar iarratais mheáin, agus ar thuairiscí ó na meáin shóisialta, agus
- comhsheasmhacht a chinntiú sa chumarsáid go léir chun athdhearbhú a sholáthar don phobal.

D'fhreastail na Ranna Rialtais go léir agus na Fórsaí Cosanta ar na cleachtaí.

Oibríocht Sciath - An 14 Iúil 2017, thug an Oifig BMÉ, anuas ar Bheartaíocht Speisialta agus Ceannasaíocht Oibríochtaí faoi chleachtadh beo Frithsceimhlitheoireachta ag Ceantar Dugaí Bhaile Átha Cliath.

Dhírigh an cleachtadh ar theagmhas sceimhlitheoireachta a ionsamhlú a spreagfadh acmhainní cuí i measc phearsanra áitiúil Ceannasaíochta Straitéisí agus Oibríochtúla an Gharda Síochána, Gardaí ó Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, an tAonad Práinnfhreagartha, an tAonad Tacaíochta faoi Airm, Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána agus foireann ó Iarnród Éireann. Dearadh an cleachtadh foghlama seo chun cumas straitéiseach agus oibríochtúil a thástáil agus a bharrfheabhsú agus chun foghlaim ó shaincheisteanna a d'fhéadfadh teacht aníos ar an lá.



## An tAonad Comhordaithe Idirnáisiúnta (an ACI):

In 2017, lean an ACI le maoirseacht a dhéanamh ar an gCiste Slándála Inmheánaí Náisiúnta (an ISF) laistigh den Gharda Síochána agus díríodh go sonrach ar thionscadail a chuaigh i ngleic le Tosaíochtaí Náisiúnta an mhéid seo a leanas:

- Slándáil - Cosaint an Stáit agus na ndaoine in aghaidh sceimhlitheoireachta i ngach ceann dá foirmeacha.
- Coireacht - Tromchoireacht a chomhrac i ngach ceann dá foirmeacha, ach go háirithe coireacht fhoréigneach, gáinneáil ar dhaoine ina measc.
- Íospartaigh - Bearta a chur i bhfeidhm bearta chun tacú le híospartaigh na coireachta ar aon dul leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach ón AE.
- Acmhainní - Úsáid éifeachtúil agus éifeachtach pearsanra agus acmhainní eile (e.g. TFC) laistigh de spriocanna buiséadacha a uasmhéadú agus sa chás gur féidir, a bharrfheabhsú.
- Athchóiriú - Moltaí a chur i bhfeidhm d'fheabhas a chur ar mhodhanna imscrúdaithe coireanna a shainaithin Cigireacht an Gharda Síochána neamhspleách.
- Póilíneacht Phobail - Seirbhís infheicthe póilíneachta a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais phobal uirbeach agus tuaithe, a théann i ngleic le hiompar frithshóisialta, buirgléireachtaí agus coireacht a bhaineann le druga; agus a chinntíonn sábháilteacht phoiblí ár n-lárionad uirbeach.
- Foréigean Baile agus Gnéasach - Coireacht baile, ghnéasach agus inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac.

In 2017, ghlac an ACI, chomh maith leis sin, le ról tábhachtach Comhordaitheora ar chuibhreannas údaráis Bhallstát a dhíríonn ar Fhrithsceimhlitheoireacht i gcomhar le hIonad Frithsceimhlitheoireachta Europol (ECTC).

Tá an ACI freagrach as cuairteanna staidéir / cuairteanna oifigeach ó Fhórsaí Póilíneachta Eorpacha agus Idirnáisiúnta a éascú. I gcás gach cuairte, forbraítear cúrsa taistil, a chabhraíonn le agus/nó a shocraíonn cóiríocht agus taisteal, idirchaidreamh a dhéanamh le ranna den Gharda Síochána agus ábhar ábhartha faisnéisithe oiriúnach a ullmhú dóibh siúd a bheidh ag freastal.
I rith 2017, chabhraigh an ACI le toscairí agus mic léinn ón nGearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Pholainn, Ceanada agus an Astráil.

# **Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta** - Ar lean

**An tAonad Speisialta Bleachtaireachta (an SDU):**
Tá an SDU freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar na bagairtí go léir ar shlándáil an Stáit agus monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine a d'fhéadfadh bagairt a chruthú ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Déanann an Rannóg Idirnáisiúnta Frithsceimhlitheoireachta (an RIFS) monatóireacht, faisnéis a bhailiú agus daoine a thuairisciú agus a imscrúdú a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le bagairt. Thug an SDU faoi roinnt cuardach agus gabhála i gcaitheamh na bliana. Tá roinnt comhad le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (an SIP) faoi láthair ar feitheamh treorach.

D'éirigh le ceann de mhórspriocanna an SDU a dhíbirt i rith na bliana, i ndiaidh imscrúdú an ACI faoinar tugadh le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (an GNIB). Oibríonn an SDU, chomh maith, leis an GNIB agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (an GNECB) maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta.

Thug an SDU faoi roinnt imscrúduithe ar oibríochtaí íogair frithfhaisnéise agus thug sé faoi imscrúduithe forleathana, chomh maith, ar Bhonneagar Náisiúnta Criticiúil na hÉireann a chosaint.

Thaistil comhaltaí ón SDU chuig an Eoraip, i dteannta pearsanra ó TULSA, Clár um Chosaint Dídeanaithe na hÉireann agus an Oifig um Imeascadh Imirceach chun dídeanaithe a chur faoi agallamh ar mian leo teacht go hÉirinn. Mar thoradh air seo, rinneadh breis agus 1,200 dídeanaí a athlonnú in Éirinn.

Bhí baint ag an Aonad Imscrúdaithe Frithsceimhlitheoireachta Intíre i roinnt imscrúduithe agus oibríochtaí a dhírigh ar ghníomhaíocht shuaiteach, an méid seo a leanas ina measc:

- Srianadh neamhdhleathach.
- Aisghabháil arm a úsáideadh i ndúnmharú.
- Aisghabháil raidhfilí ionsaithe AK47 i gContae na Mí.
- Gabhadh roinnt daoine mar thoradh ar imscrúdú fadálach ar ghníomhaíochtaí cheannaireacht Óglaigh na hÉireann (an tIRA) sa dlínse seo. Ábhar suntais é gur gabhadh agus ciontaíodh duine amháin i Nollaig 2017 ar an gcúiseamh gníomhaíochtaí an IRA a stiúradh. Ba é seo an dara huair i stair an Stáit gur roghnaíodh an cúiseamh sin agus gur éirigh leo é a ionchúiseamh.
- Aisghabháil roicéad i Loch Garman.
- Thángthas ar chomhábhair phléascacha agus pléascáin a bhí curtha i bhfolach i sé (6) "dumpa arm".



*Raidhfilí Ionsaithe AK47 úsáidte i ndúnmharú.*



*Píopa "Dumpa Arm" curtha sa talamh.*



*Aisghabhadh roicéid i Loch Garman.*

# Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - Ar lean

### Beartaíocht Speisialta agus Ceannasaíocht Oibríochtaí (STOC):

**Aonad Tacaíochta faoi Airm (an ASU) Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**

Seoladh ASU RCBÁC i Nollaig 2016 agus ba é 2017 an chéad bhliain iomlán inar soláthraíodh Tacaíocht faoi Arm 24 uair an chloig do Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. Sínfear an leibhéal seo de chumhdach an ASU chuig gach réigiún eile lasmuigh de RCBÁC faoi Bhealtaine 2018.

Idir an 1 Eanáir 2017 agus an 31 Nollaig 2017, fuair ASU Réigiún Bhaile Átha Cliath 383 foirm réamh-fhoréilimh, ar an iomlán. Baineann iad seo le hoibríochtaí réamhphleanáilte inar iarr an Ceantar nó an Rannán áitiúil seirbhísí an ASU.


Bhain 295 de na foréilimh seo le sárú agus srianadh, ina bhfuarthas barántas cuardaigh nó ina ndearnadh gabháil agus nuair a measadh gur bhain an riosca an leibhéal sin amach go raibh an ASU ag teastáil.

Bhain 63 de na foréilimh le hiarrataí imeachta, sa chás gur bhain na rioscaí leis an méid seo a leanas:


1. Líonta móra den phobal a bhí ag freastal,
2. Duine a raibh amhras faoi á t(h)ionlacan chuig an gCúirt,
3. Duine a bhfuil amhras faoi á scaoileadh ón bpríosún, nó
4. Méadú ar ghníomhaíocht Ghrúpaí Coireachta Eagraithe (GCEanna).

Mar thoradh ar na hiarrataí siúd, cuireadh patróil bhreise ard-infheictheachta ar fáil.


Diúltaíodh 25 réamh-fhoréileamh ar roinnt cúiseanna, nuair a tugadh faoi mheasúnú riosca agus nuair a measadh go raibh an riosca ró-íseal le húdar a bheith leis an ASU a úsáid nó nuair a measadh go raibh measúnú riosca ró-ard agus nuair a theastaigh na seirbhísí nó an tAonad Práinnfhreagartha (an ERU), ina measc. Déantar miondealú ar fhoirmeacha réamh-fhoréilimh i bhFíor 1 agus 2 thíos:





*Fíor 1 - Réamh-fhoréilimh de réir an Rannáin a bhaineann le Barántais Chuardaigh nó Daoine a bhfuil amhras fúthu a ghabháil a fhorghníomhú.*




*Fíor 4 - Iarrataí ar imeacht de réir an Rannáin.*




*Fíor 2 - Réamh-fhoréilimh de réir an Cheantair a bhaineann le Barántais Chuardaigh nó Daoine a bhfuil amhras fúthu a ghabháil a fhorghníomhú.*




*Fíor 3 - Réamh-fhoréilimh a fuarthas a bhaineann le hImeachtaí.*

# **Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta** - Ar lean

Freastalaíonn ASU RCBÁC, ar an meán, ar 980 seicphointe Déchodach faoi Arm sa mhí de réir an sceidil a fuarthas ó Oifig Réigiúnach RCBÁC.

I measc na dTeagmhas Suntasacha, bhí an méid seo a leanas:

- Rinne fear ag a raibh saincheisteanna meabhairshláinte agus stair féindochair baracáidiú air féin taobh istigh dá árasán; teipeann ar iarrachtaí chun teagmháil a dhéanamh leis. Tugadh faoi idirghabháil tríd an doras tosaigh a bhriseadh oscailte, a bhí faoi bharacáid throm. Thángthas ar an bhfear i seomra leapa agus gloine bhriste aige agus é i ndiaidh é féin a ghortú. Chuir an ASU cúnamh leighis ar fáil dó. Gabhadh an fear faoin Acht Meabhair-Shláinte agus tugadh chun an ospidéil é.
- D'fhreagair na Gardaí ar ghlao ar chúnamh ina ndearna fear é féin a bharacáidiú ina theach le ceanastar iomlán peitril agus luaigh sé go raibh sé chun a theach a dhó. Bhí an halla tosaigh doirte le peitreal agus bhí an doras tosaigh go hiomlán baracáidithe. Rinneadh idirbheartaí an Gharda Síochána agus an Ceannasaí ar an Láthair a ghairm agus cuireadh an tAonad Práinnfhreagartha ar fuireachas. Cuireadh an plean gníomhaíochta éigeandála i ngníomh. Briseadh an doras cúil isteach agus iontráladh an t-áitreabh. Cuireadh an fear faoi choinneáil faoin Acht Meabhair-Shláinte.
- D'fhreagair ASU na nGardaí ar ghlao inar líomhnaíodh gur shá fear a bhean chéile. Tugadh fuil faoi deara ar an doras tosaigh, agus rinneadh cinneadh, mar sin, chun an doras a bhriseadh isteach agus an t-árasán a chuardach. Thángthas ar bheirt daoine, a raibh créachtaí sáite ar an mbeirt acu. Bhí an chuma air go raibh bean marbh le roinnt ama. Thángthas ar fhear agus scian ag gobadh amach óna chliabhrach. Thug Gardaí den ASU faoi athbheochan chardascamhógach go dtí gur tháinig Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar an láthair. Mar thoradh ar chinneadh chomhaltaí an ASU chun an doras a bhriseadh isteach ar bhealach tráthúil, ní bhfuair an fear sa teagmhas seo bás agus cúisíodh é le dúnmharú a mhná céile.




### An tAonad Práinnfhreagartha (an ERU):

Bhí baint ag an ERU i roinnt imeachtaí móra in 2017, oibríochtaí i Luimneach, an Clár, Tiobraid Árann, Lú, Loch Garman agus an Mhí ina measc ag tacú le hAonaid áitiúla agus Náisiúnta, an tAonad Náisiúnta Faire (an NSU), an tAonad Speisialta Bleachtaireachta (an SDU), Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an GNDOCB) agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (an CAB).




I measc na dTeagmhas Suntasacha, bhí an méid seo a leanas:

- Gabhadh ceathrar ball de dhrong choireachta eagraithe a raibh arm tine ina seilbh acu. Tugann an fhaisnéis le fios go raibh baill na droinge seo ar tí tabhairt faoi dhúnmharú sular ghabh pearsanra an ERU iad. Cúisíodh gach duine den cheathrar ball den drong choireachta eagraithe i gcomhcheilg chun dúnmharú a dhéanamh agus in arm tine a shealbhú.
- Gabhadh ceathrar ball de dhrong choireachta eagraithe a raibh trí arm tine ina seilbh acu (meaisínphiostal, piostal agus gunnán). Le linn cuardach athleantach, thángthas ar chiúnadóir agus armlón, chomh maith. Thug an fhaisnéis le fios gur ball de dhrong choireachta eagraithe eile an duine a rabhthas sa tóir air. Cúisíodh gach duine den cheathrar i gcomhcheilg chun dúnmharú a dhéanamh agus in airm thine a shealbhú.
- Bhí baint ag an ERU i roinnt oibríochtaí inar gabhadh coirpigh thaistil a raibh na Gardaí á seachaint acu go ceann roinnt ama agus go raibh clú orthu de bheith an-fhoréigneach. Bhí baint ag triúr daoine a bhfuil amhras fúthu i dteagmhas amháin a ghabh ERU Chontae an Chláir in Eanáir 2018 fad a bhí siad ag tabhairt faoi fhear 97 bliain d'aois agus trombhuirgléireacht ar bun acu.

Leanann na ERU le dualgais dlúthchosanta a sholáthar do dhaoine móra le rá ardriosca i gcomhar leis an SDU agus na ranna Idirchaidrimh agus Cosanta (L&P).

# **Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta** - Ar lean

Bhí baint ag comhaltaí an ASU agus an ERU in ardlíon cuardaigh ardphróifíle ag cabhrú leis an SDU, an GNDOCB, an CAB agus rannáin áitiúla go náisiúnta.

Thug an ERU faoi oiliúint agus crostraenáil le comhchomhaltaí ATLAS. Grúpáil d'Aonaid chleamhnaithe Idirghabhála Speisialta é ATLAS atá bunaithe san AE. Chuir an ERU oiliúint le déanaí ar cheathrar déag (14) comhaltaí i dTeicnící Rochtana Ardfhuinnimh a mbeidh cumas ag an nGarda Síochána sa limistéar seo atá ar an gceann is fearr ar domhan dá bharr.

D'fhreastail comhaltaí an Gharda Síochána a oibríonn leis an ASU, an ERU agus an tAonad Idirbheartaíochta Náisiúnta (an NNU) ar 61 teagmhas, ar an iomlán, de Bharacáidiú agus Féinmharú Géill (HBS) inar bhain bagairt i leith féindochair a dhéanamh do dhuine agus/nó daoine. D'éirigh le gach ceann de na teagmhais seo a réiteach trí idirbheartaíocht agus/nó idirbheartaíocht an ASU / an ERU. Níl amhras ar bith ann ach gur chabhraigh an idirbheartaíocht agus an idirghabháil siúd le cosc a chur ar chaillteanas beatha i gcásanna áirithe.

Thug an NNU méadú faoi deara ar na teagmhais siúd agus tá idirchaidreamh leanúnach á dhéanamh acu le gairmithe Meabhairshláinte ag an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i nDún Droma mar iarracht chun aon phatrúin atá ag teacht chun solais a shainaithint.

Chas comhaltaí den NNU leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála roinnt uaireanta. Thit cruinnithe faisnéise amach maidir le teagmhais idirnáisiúnta. Déanann an NNU scrúdú, chomh maith, ar limistéir ina bhféadfadh deacrachtaí teacht aníos iontu amach anseo.

Ina theannta sin, sholáthair Rannán STOC oiliúint ar Cheannasaíocht Teagmhas Criticiúil Airm Thine (CFIC) do chomhaltaí a oibríonn leis an Ionad Cumarsáide a shannfar anois mar riarthóir tiomnaithe do ghlaonna ar theagmhais faoi arm agus criticiúla.

Anuas air seo, cuireadh comhairle agus treoir ar fáil do phearsanra STOC maidir le Prionsabail 'Bí Sábháilte' na 6 C (comhairle do chéad fhreagróirí neamhspeisialaithe ag teagmhais chriticiúla agus airm thine), agus sholáthair siad Oibríocht Bilberry, chomh maith, ag Coláiste an Gharda Síochána. Sraith cleachtaí boird atá in Oibríocht Bilberry faoina dtugtar i gcomhar le Coláiste an Gharda Síochána a spreagann teagmhais chriticiúla agus an fhreagairt orthu. Chuir STOC cabhair agus comhairle ar fáil ag roinnt cleachtaí frithsceimhlitheoireachta ar fud sé réigiún an Gharda Síochána.



# Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - Ar lean

### Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána (an GSAS):

Rinne an GSAS ceiliúradh ar a chomóradh deich mbliana in 2017 agus leanann sé le hanailís ardchaighdeáin a sholáthar chun tacú leis an eagraíocht i measc na bpríomhlimistéar tosaíochta. Áirítear leo seo réimse clár um chosc na coireachta agus gníomhaíocht tacaíochta oibríochtúil a dhírigh ar limistéir ar nós coireanna in aghaidh an duine, coireanna in aghaidh maoine, póilíniú bóithre anuas ar imscrúduithe ar thromchoireacht.

Leanann Aonad Taighde an Gharda Síochána (an GRU) le tacaíocht a sholáthar trí mheastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh náisiúnta agus dea-chleachtas a shainaithint chun faisnéis a sholáthar d'fhorbairt straitéisí náisiúnta. I rith 2017, thug an GRU taighde chun críche, chomh maith, ar riachtanais íospartaigh na coireachta a thuiscint.

Ar cheann de bhuaicphointí 2017 don GSAS, bhí an dámhachtain a bhuachan i ngeall ar an Úsáid is Fearr a bhaint as Eolaíocht Sonraí i gComhlacht Earnála Poiblí. Aithníonn an dámhachtain go sonrach iad siúd a oibríonn san earnáil phoiblí chun cáilíocht na seirbhíse a nuachóiriú agus a fheabhsú. Bhí aighneacht an GSAS bunaithe ar an anailís a chuir faisnéis agus tacaíocht ar fáil d'Oibríocht Thor. Bhí baint ag anailísithe ó gach áit ar fud an GSAS i réimse modheolaíochtaí agus teicnící eolaíocht sonraí agus d'úsáid siad an céanna chun faisnéis a sholáthar d'oibriú rathúil chun buirgléireacht a chomhrac.

**Cás-Staidéar: Comhoibríocht Trasteorann Póilíneachta**
I rith na bliana, thug Rannán Mhuineacháin, i gcomhar le Rannán Ard Mhacha de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) faoi roinnt seicphointí ard-infheictheachta trasteorann a dhírigh ar ghníomhaíocht choiriúil trasteorann i gceantair thuaithe i Muineachán Thuaidh.

Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo leis an Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta thar ceann an dá Sheirbhíse Póilíneachta agus ba léir gur éirigh leo gníomhaíochtaí coiriúla a chosc agus a chur as riocht fad a tacaíodh, i gcomhthráth, le rannpháirtíocht an phobail le pobail ón dá thaobh den Teorainn idir an Phoblacht agus Tuaisceart Éireann.



# Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **1** Gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc trí chur isteach ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta, agus ar a ngréasáin mhaoinithe agus tacaíochta agus iad a tharraingt óna gcéile agus na daoine sin atá freagrach a ionchúiseamh. | Baineadh amach an sprioc seo. Rinneadh imscrúdú réamhghníomhach ar ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta lena n-áirítear maoiniú sceimhlitheoireachta. D'oibrigh roinnt rannóg shainfheidhme an Gharda Síochána go dlúth lena gcéile le linn na bliana chun sonraí criticiúla a roinnt ar bhonn tráthúil. Le linn na bliana 2017, mar thoradh ar oibríochtaí rathúla bunaithe ar fhaisnéis, rinneadh daoine a ghabháil agus a chúiseamh i ndáil le ballraíocht d'eagraíocht neamhdhleathach; seilbh neamhdhleathach de phléascáin, arm teine agus amuinisin agus drugaí; agus cionta um gháinneáil ar dhrugaí agus sciúradh airgid, faoi Alt 13 (2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005.<br><br>Lean an Garda Síochána ar aghaidh ag bailiú agus ag déanamh anailíse ar fhaisnéis a bhaineann le gach gné de ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta lena n-áirítear soláthar, earcú agus maoiniú. Rinneadh anailís agus ba é an phríomhbhéim ná an fhaisnéis a aistriú go fianaise nuair is féidir. |
| **2a** Cur i bhfeidhm córas anailíse bunaithe ar fhaisnéis lena ndéantar an bhagairt de ghrúpaí sceimhlitheoireachta a thomhas. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Lean an Rannóg Slándála agus Faisnéise ar aghaidh le feabhas a chur ar a cur chuige maidir le córas anailíse bunaithe ar fhaisnéis a chur i bhfeidhm tríd oiliúint anailísithe oibriúcháin a sholáthar do 11 Garda Bleachtaire.<br><br>Rinneadh dul chun cinn ar chumas na heagraíochta maidir le feabhas a chur ar an bpictiúr faisnéise trí pháirt a ghlacadh i seimineár idirnáisiúnta i ndáil le faisnéis sa Háig ón 28 go dtí an 29 Meán Fómhair, 2017. |
| **2b** Seachadadh measúnuithe bagartha ráithiúla don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus seachadadh nuashonruithe don Choiste Slándála Náisiúnta de réir mar is cuí. | Baineadh amach an sprioc seo. Tugadh measúnuithe bagartha ráithiúla don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus tugadh nuashonruithe don Choiste Slándála Náisiúnta. |
| **3a** Rannpháirtíocht iomlán i slándáil déthaobhach, Eorpach agus Idirnáisiúnta do. | Baineadh amach an sprioc seo. Lean an Garda Síochána ag feidhmiú fóram maidir le forfheidhmiú dlí agus slándáil i gcaitheamh na bliana. Freastalaíodh ar chruinnithe iomadúla ag leibhéal Idirnáisiúnta agus Eorpach. Bhí teagmháil laethúil leis an PSNI agus rinneadh faisnéis a mhalartú de réir prótacal. |
| **3b** I gcomhréir leis an gComhaontú / Conradh Schengen, maidir le córas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun foláirimh a fháil agus a chur i ngníomh i leith daoine, feithiclí agus maoine ó bhallstáit rannpháirteacha. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. D'fhaomh Feidhmeannacht an Gharda Síochána tuarascáil athbhreithnithe Schengen maidir leis an amlíne i mí an Mheithimh, lenar fadaíodh an amlíne go mí na Bealtaine, 2019. Cuireadh é seo in iúl don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. I mí Lúnasa, d'fhaomh Bord Cláir an Chaipéis Thionscnamh Tionscadail le haghaidh Schengen. Cuireadh tús le seachadadh de TESTA TAP (ardán cumarsáide chun sonraí leictreonacha a mhalartú idir Ballstáit na hEorpa) i mí na Nollag agus beartaítear go mbeidh sé críochnaithe i lár mhí Eanáir 2018. Cuirfear an tionscnamh seo chun cinn leis an bPlean Póilíneachta 2018. |

# Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **3c** Ag teacht leis an gComhaontú / Conradh Prüm, maidir le malartú de shonraí DNA, méarloirg agus clárúcháin feithiclí a éascú i measc ballstáit rannpháirteacha an AE. | Baineadh amach an sprioc seo. Bunaíodh dátaí meastóireachta. Mhol an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go gcuirfear ceistneoirí um mhalartú sonraí faoi bhráid Ardrúnaíocht Chomhairle an AE. Beidh Go-Live réidh ó thaobh na teicneolaíochta de faoi R1 2011. Cuirfidh tús leis an dtaobh gnó de Go-Live, i ndiaidh meastóireachta an AE. Cuireadh Plean Cumarsáide agus Plean Oiliúna chun cinn. Cuireadh i gcrích roinnt clocha míle tábhachtacha agus rinneadh an réiteach a shuiteáil agus a chumadh sa timpeallacht réamhtháirgeadh. Tá tástáil fheidhmiúil agus tástáil le ballstáit comhpháirtíochta ar siúl. Leanfar le tuairisc a dhéanamh ar an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2018. |
| **4** Cumas níos fearr maidir le saincheisteanna atá mar bhonn le bagairtí don Stát a shainaithint agus a thuiscint. | Baineadh amach an sprioc seo. Leanadh ar aghaidh le hidirchaidreamh le linn na bliana le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus leis an acadúil chun léargas a fháil ar an bpictiúr bagartha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireadh comhairle slándála ar fáil agus rinneadh socruithe riachtanacha maidir le gach cuairt Stáit / Daoine mór le Rá i rith 2017, i gcomhréir leis an eolas a fuarthas. Cuireadh i gcrích go rathúil gach cuairt. |
| **6** Ionsaithe sceimhlitheoireachta a chosc. | Baineadh amach an sprioc seo. Le linn na bliana 2017, chuidigh Rannóg na Slándála agus na Faisnéise le, agus ghlac sí páirt i ngníomhaíochtaí bunaithe ar fhaisnéis a bhí dírithe ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, maoiniú sceimhlitheoireachta agus gníomhaíochtaí tacaíochta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhriseadh agus a bhrath. |
| **32** Bainistíocht Mhóréigeandála - 100% de na cleachtaí a bhí beartaithe do gach réigiún curtha i gcrích. | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh cláir chleachtaidh ar bhonn riachtanas idirghníomhaireachta, agus reáchtáladh iad de réir clár cleachtais idirghníomhaireachta de gach réigiún.<br><br>Bhí cruinnithe iomadúla ag an Oifig um Bhainistíocht Mhór-Éigeandála (MEM) le páirtithe leasmhara d'fhoghrúpa den Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta ar Phleanáil Éigeandála; maidir le dréachtú prótacal do Ghníomhaireachtaí Príomhfhreagartha i leith freagartha d'ionsaí sceimhlitheoireachta. Ghlac an grúpa lena chuid torthaí ag an gcruinniú de mhí Aibreáin. Ghlac an Garda Síochána páirt i gcruinniú faisnéise maidir le freagairt ar Oll-Bhás; agus thug sé ionchur ar fáil do cháipéis náisiúnta um Chreat Oll-Bháis. Ghlac an Garda Síochána páirt i bpleanáil le haghaidh agus i reáchtáil de chleachtadh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar fhreagra ar ionsaí sceimhlitheoireachta ag an Ionad Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála. Reáchtáladh dara cruinniú den Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta ar Phleanáil Éigeandála freisin. Rinneadh cleachtaí boird agus beo i rith na bliana i ngach ceann de na réigiúin Bhainistíocht Mhór-Éigeandála i gcomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta. Rinneadh dhá chleachtadh Oibríochta Bilberry i 2017. Is téarma comhchoiteann í Oibríocht Bilberry do gach gníomhaíocht sa réimse um bainistíocht mhóréigeandála a rinne Rannóg Slándála agus Faisnéise an Gharda Síochána. |

# SÁBHÁILTEACHT PHOBAIL

**200**

**OIFIGIGH**
Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh

**1,100**

**SCÉIMEANNA**
na bhFoláireamh Téacs

**360,000**

**CRIMECALL**
Meán lucht féachana Crimecall

> "Is í an idirghníomhaíocht leis na pobail a fhreastalaímid orthu an rud is tábhachtaí in obair an Gharda Síochána agus is cuid lárnach í den obair a dhéanaimid gach lá ar fud na tíre. Sa chuid seo, gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoin dóigh a théimid i dteagmháil le daoine agus an dóigh a n-oibrímid ar son na ndaoine a fhreastalaímid orthu."

## Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal (BGSRP)

### Feachtais um Chosc na Coireachta

Cuireadh roinnt feachtas ar bun le linn na bliana chun comhairle maidir leis an gcoireacht a chosc agus an tsábháilteacht phearsanta a chur chun cinn a sholáthar don phobal i ndáil leis an bpríomhchoireacht.

Maidir leis na feachtais sin, cuireann BGSRP pacáistí cumarsáide ar fáil do na hOifigí Roinne, ina bhfuil grafaic faisnéise agus póstaeir atá le tabhairt don phobail áitiúil. Bíonn BGSRP i láthair ag imeachtaí móra amhail an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Bloom, agus baintear leas as na deiseanna sin chun dul i dteagmháil leis an bpobal.

D'oibrigh BGSRP i gcomhar leis an Oifig um Chumarsáid Corparáidí maidir le fógraíocht, caidreamh poiblí agus gníomhaíocht ar na meáin shóisialta a fhorbairt le haghaidh gach ceann de na feachtais.

Le linn 2017, cuireadh feachtais ar bun maidir le gadaíocht fón póca, sábháilteacht phearsanta nuair a bhíonn daoine amuigh san oíche (Streetwise) agus slándáil tí mar chuid d'Oibríocht Thor, chomh maith le sábháilteacht le linn ócáidí amhail Oíche Shamhna agus an Nollaig.

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Crimecall

Bhí lucht féachana mór ag Crime Call arís in 2017 nuair a d'fhéach breis agus 360,000 duine ar an meán ar gach eipeasóid. Lean an clár den phobal a chur ar an eolas maidir le conas iad féin a chosaint i gcoinne na coireachta agus conas na bóithre a úsáid go sábháilte.Chomh maith leis sin, léirítear sa chlár go leor imscrúduithe ardphróifíle amhail dúnmharuithe, trombhuirgléireachtaí, ionsaithe gnéis agus daoine ar iarraidh. Bhí an clár in a chabhair in 2017 maidir le coireanna a réiteach, go háirithe ar na míreanna TCI agus Na Daoine is Mó a bhfuil Tóir Orthu, agus is minic a aithníodh, a gabhadh agus a cúisíodh coirpigh dá bharr.

## Faire Campais

In 2017, bhí 51 Scéim Faire Campais ar bun chun cabhrú le mic léinn tríú leibhéal maidir le cúrsaí sábháilteachta pearsanta. Cuireadh roinnt feachtas eolais ar bun le linn na bliana maidir leis na príomhchoireanna a chuireann isteach ar mhic léinn, lena n-áirítear camscéimeanna cíosa, sábháilteacht phearsanta, feasacht i leith drugaí, agus an chibearfheasacht. Mar chuid de, forbraíodh leabhrán um chosc na coireachta le haghaidh mac léinn.




## Cártaí um Chuairteoirí Bréagacha a Chosc

In 2017, rinneadh dearadh an Chárta um Chuairteoirí Bréagacha a Chosc a nuashonrú bunaithe ar aiseolas a fuarthas, agus tá eolas níos ábhartha don úsáideoir ar fáil ar an gcárta anois. Chomh maith leis sin, tá an cárta níos éasca le stóráil agus tá sé níos éasca do na Gardaí Pobail é a dháileadh freisin.

## Foláireamh Téacs

Faoi dheireadh 2017, bhí 1,100 Scéimeanna Foláireamh Téacs ar bun agus 194,000 rannpháirtithe ar an iomlán acu. Lean BGSRP air ag obair chun an tseirbhís Foláireamh Téacs a fheabhsú trí theicneolaíochtaí nua a ghlacadh, trí chabhrú le tograí airgeadais agus trí rannpháirtíocht Gharda/Pobal a thacú le Foláireamh Téacs.

## Faire Comharsanachta

In 2017, bhí 2,056 Scéim Faire Comharsanachta ar bun ar fud na hÉireann.

Le blianta beaga anuas, tá BGSRP tar éis tacú le tionscnamh faoi stiúir an phobail chun rannpháirtíocht an phobail i gcomhbhainistiú an tionscadail seo a fheabhsú. I mí na Samhna 2017, cuireadh doiciméad eolais faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána lena bhreithniú maidir leis na bealaí inar féidir béim níos mó a chur ar an Scéim Faire Comharsanachta, agus tacaíocht níos fearr a thabhairt do gach scéim ar fud na tíre.

**Cás-Staidéar: Bí Slán do Chailíní, Baile Átha Cliath**
Thug mic léinn na hIdirbhliana i gColáiste na nDoiminiceach, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath faoin gClár Bí Slán do Chailíní le Niamh Colfer agus Catherine Murray, Gardaí Pobail. Le linn na sé seachtaine, pléadh ábhair amhail sábháilteacht phearsanta agus sábháilteacht ar líne.

**Cás-Staidéar: Clár Idirbhliana, Bealach Conglais**
Chuir an Gharda Síochána i mBealach Conglais Clár Idirbhliana le chéile le haghaidh mac léinn a raibh suim acu dul sna Gardaí. Mar chuid den chlár a mhair ceithre lá, pléadh ábhair amhail imscrúduithe, póilíniú bóithre, an Clár Athstiúrtha Ógánach, feasacht ar dhrugaí, agus ról na gCúirteanna.

**Cás-Staidéar: Clár Píolótach um Maoin a Mharcáil, Carraig Mhachaire Rois**
Ar mhaithe le daoine a spreagadh chun a maoin a mharcáil ionas gur féidir nithe a fháil ar ais dá ngoidfí iad, thosaigh an Garda Síochána i gCarraig Mhachaire Rois clár píolótach ina gcuireadh oiliúint ar roinnt daoine i ngrúpaí pobail áitiúil maidir le conas maoin a mharcáil le Eircode an úinéara. Tháinig méadú suntasach ar líon na ndaoine a rinne maoin a mharcáil sa cheantar áitiúil. Cuireadh comharthaí in airde i gCarraig Mhachaire Rois agus i mBaile na Lorgan chun a chur in iúl go bhfuil maoin á marcáil ag daoine sna bailte seo.

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Biúró an Gharda Síochána um Éagsúlacht agus Imeascadh

Le linn 2017, lean Biúró an Gharda Síochána um Éagsúlacht agus Imeascadh de chabhrú chun caidrimh dhearfacha a chothú le pobail mionlaigh in Éirinn trí chomhaontais idirchreidimh a fhorbairt. Mar shampla, i mí Bealtaine, d'eagraigh sé imeacht chun dul i dteagmhail leis an bpobal Moslamach Síach, na Suícigh agus an pobal Cincíseach.

I mí Aibreán, reáchtáil an Biúró seo cúrsa i Stáisiún Gardaí Shráid an Phiarsaigh le haghaidh Oifigeach Idirchaidrimh Eitnigh i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Lár. Chuir Sinéad Burke, Uachtarán Chumann Dhaoine Beaga na hÉireann oiliúint ar fáil chun teicnící feasachta a thabhairt do Ghardaí Pobail i leith an ábhair 'Míchumas agus Soghontacht'.

**Cás-Staidéar: Gradaim Óige Pat Noctor, Port Láirge**
I mí an Mheithimh 2017, thug an 24ú Gradaim Phobail Óige Gharda Pat Noctor aitheantas do dhaoine óga i Roinn Phort Láirge as difríocht dhearfach a dhéanamh ina gceantar féin. Buaiteoir iomlán na bliana ná Dylan Murphy, 16 bliana d'aois, a shábháil bean óg ar a bá nuair a thit sí isteach san uisce ag cé Dhún Garbhán ag 1.30am oíche geimhridh.

**Cás-Staidéar: Comhphlean Gníomhaíochta, Longfort**
Ag Comhchoiste Póilíneachta Longfoirt i mí Aibreáin 2017, fógraíodh Comhphlean Gníomhaíochta idir an Garda Síochána agus an t-údarás áitiúil chun caighdeán na beatha níos fearr a chinntiú do phobail I Longfort. Comhaontaigh baill an Chomhchoiste Póilíneachta gur cheart treoirthionscnamh a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta i gceantair Ard na Ceasach/Corrán an Pháláis/Grian Ard i Longfort.

**Cás-Staidéar: Lá Spóirt Bliantúil sna Scoileanna, Droichead Átha**
Reáchtáil foireann na Póilíneachta Pobail i nDroichead Átha an 8ú Lá Spóirt Cuimhneacháin Bliantúil Gharda Tom Connolly ar an 18 Deireadh Fómhair 2017. Tagann 18 scoil ó Cheantar Dhroichead Átha le chéile ar an lá seo agus glacann 550 leanbh páirt i réimse gníomhaíochtaí spóirt agus spraoi.

## Cearta an Duine & Éagsúlacht

### Ciste AE um Shlándáil Inmheánach 2014-2020

Leithdháil an AE maoiniú €1 milliún do thogra a chuir Biúró an Gharda Síochána um Éagsúlacht agus Imeascadh (BGSÉI) faoina bhráid maidir le cur chun feidhme na scileanna a fuarthas trí chomhoibriú dearfach a dhéanamh le pobal Moslamach na hÉireann ó 2001 ar aghaidh, chun freagairt d'antoisceachas agus radacú agus iad a chosc freisin i sochaí na hÉireann, agus cearta an duine a chosaint ag an am céanna, go háirithe an ceart chun saoirse ó idirdhealú.

Úsáidfear an maoiniú seo chun cúrsa oiliúna idirghníomhach a fhorbairt maidir le cuir chuige gairmiúla a úsáid chun pobail Ioslamacha a phóilíniú. Seo teideal an chúrsa: An Éadulaingt a Chomhrac: Meas ar an Éagsúlacht Reiligiúnach in Éirinn Ilchreidmheach - Comhaontais idir Moslamaigh agus an Garda Síochána a Neartú.

### Fóram Ilchreidmhach Chathair Bhaile Átha Cliath

Tá ionadaithe ó BGSÉI ina mbaill den fhóram a thagann le chéile ar bhonn míosúil chun dea-chleachtais i leith cearta an duine agus in aghaidh idirdhealú a fhorbairt i dtreo meas agus tuiscint a bheith ag daoine ar an éagsúlacht reiligiúnach i sochaí ilchreidmhach an lae inniu, agus é mar aidhm aige comhréiteach idir-reiligiúnach a choinneáil i sochaí na hÉireann.  Déantar ionadaíocht san fhóram ar na creidimh seo a leanas: Baha'i; an Búdachas; an Caitliceachas; an Eaglais Choptach; an Hindúchas; an tIoslamachas; an Giúdachas; an Ortadocsacht; an Preispitéireachas; an Protastúnachas; agus an Suíceachas.

### Cosaint ar Chearta an Duine - Ag obair leis an bPobal Ioslamach in Éirinn

Is é is aidhm le hOifig an Gharda Síochána um Chiníochas, Idirchultúrachas & Éagsúlacht (OGSCIÉ) ná leanúint d'eolas a chothú maidir le tréithe éagsúla an phobail Mhoslamaigh in Éirinn, trí chomhairliúchán gníomhach a dhéanamh chun go n-aithnítear na difríochtaí atá ann ó thaobh cúlra, creidimh, eispéiris agus riachtanas de i measc na Moslamach ar fad a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Tá OGSCIÉ dírithe i gcónaí ar an ngá atá le comhthuiscint íogair bunaithe ar chearta an duine agus an pobal seo á phóilíniú, go háirithe i bhfianaise na tuairisceoireachta diúltaí a dhéantar sna meáin maidir le leathnú an antoisceachais Ioslamaigh agus imní faoi chlaontacht Ioslamafóibeach.

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Comhthionscnamh Oiliúna

Cuireann OGSCIÉ oiliúint ar fáil d'Oifigeach Idirchaidrimh Eitnigh (OIEanna) maidir leis na modhanna is ceart a úsáid chun teagmháil dhearfach a bheith acu le pobal Moslamach na hÉireann. Thug BGSÉI cuireadh d'aoichainteoirí ón Ionad Cultúir na nIoslamach chun oiliúint feasachta ar an Ioslamachas a thabhairt d'Oifigí Idirchaidrimh Eitnigh atá lonnaithe i gceantair an Gharda Síochána ina bhfuil pobail mhóra Mosalamacha, Moscanna agus ionaid adhartha do Mhoslamaigh le fáil. D'oibrigh OGSCIÉ chun tacaíocht a thabhairt do OIEanna, agus iad a éascú, i ndáil le teagmháil a dhéanamh le Moslamaigh agus tugadh comhairle dóibh freisin maidir le prótacail Moslamacha a idirbheartú go gairmiúil agus iad i mbun oibre póilíneachta.

### An Radacú a chosc

Tá sé mar phríomhaidhm ag an nGarda Síochána maidir le cearta an duine i ngach pobal a chosaint BGSÉI a úsáid, i gcomhar le OIEanna áitiúla, chun an radacú a chosc. Thug BGSÉI cuairt ar Mhoscanna Bhaile Átha Cliath ar bhonn rialta agus chuathas i dteagmháil leis na hImámaí in situ, rud a spreag comhrá dhá bhealach ina raibh béim ar leasa agus imní na bpobal Moslamach.

Chinntigh BGSÉI go raibh bearta frith-radacaithe á gcur i bhfeidhm ag OIEanna áitiúla trí theagmháil dhearfach leanúnach a dhéanamh, go háirithe leis an aos óg, chun a chinntiú nach mbeidh duine nó grúpa ar bith laistigh den phobal seo ina mbagairt don Stát.

**Cás-Staidéar: Lá na dTeaghlach, Ionad Fáiltithe Mhaigh Muirí, Co. na Mí**

I mí Iúil 2017, tugadh cuireadh do Ghardaí ó Cheantar Chill Dhéalgáin páirt a ghlacadh i Lá Teaghaigh do Chairde an Ionaid in Ionad Fáiltithe Mhaigh Muirí, Maigh Muirí, Co. na Mí.

I rith an lae sin, bhí Gardaí i láthair ag seastán eolais ag tabhairt eolais ar réimse ábhair. Bhí ionadaithe ann ó Marc-Aonad an Gharda Síochána; Aonad Tráchta Roinn na Mí; Aonad Madraí an Gharda Síochána; agus Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána i láthair ann freisin.

Tá breis agus 700 duine lonnaithe in Ionad Fáiltithe Mhaigh Muirí ó 39 tír éagsúil. Ba mhór an chabhair an rannpháirtíocht a léiríodh an lá sin chun dea-chaidreamh a chothú idir an Garda Síochána, na cónaitheoirí agus baill foirne an Ionaid Fáiltithe.

### Clinicí an Gharda Síochána

D'fhorbair BGSÉI Plean um Chlinicí an Gharda Síochána a Reáchtáil i Moscanna mar bhealach isteach i Moscanna chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na pobail Mhoslamacha a mbíonn sé deacair dul i dteagmháil leo uaireanta. Chuige sin, reáchtáil na hOIEanna i Stáisiún an Gharda Síochána, Sráid Chaoimhín a leithéid de Chlinic gach re seachtain, i ndiaidh Urnaí na hAoine ag Mosc Fhondúireacht Ioslamach na hÉireann ar an gCuarbhóthar Theas. D'fhreastail beirt OIE ar an gClinic chun comhairle agus treoir a thabhairt don phobal maidir le ról an Gharda Síochána. Rinne na hoifigigh sin iarracht na fadhbanna a bhí ag daoine a réiteach, daoine nach mbainfeadh leas as seirbhísí an Gharda Síochána murach an Clinic seo.

Reáchtáil na OIEanna atá lonnaithe i Stáisiún an Gharda Síochána i nDomhnach Broc clinic den cineál céanna gach re seachtain i Mosc Ionad Cultúir na nIoslamach i gCluain Sceach i mBaile Átha Cliath.

Rinne BGSÉI teagmháil ar bhonn rialta le hImámaí Bhaile Átha Cliath chun seirbhísí an Gharda Síochána a chur i gcuimhne dóibh. Agus na cruinnithe á reáchtáil, tugadh aghaidh ar ábhair chigilteacha as a nochtach fíricí tábhachtacha comhaimseartha uaireanta. In am trátha, cuirtear ar aghaidh chuig an rannán iomchuí de chuid an Gharda Síochána aon fhianaise a thagann chun cinn a léiríonn go bhfuil gá le sainseirbhísí breise.



# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Oiliúint i leith Cearta an Duine agus i gcoinne an Idirdhealaithe

### Ardchúrsa do Chleachtóirí i gcoinne an Idirdhealaithe

An t-ardchúrsa oiliúna mhodúlaigh de chleachtóirí i gcoinne an idirdhealaithe, is cúrsa oiriúnaithe é le haghaidh Oifigeach Idirchaidrimh Eitnigh/, Oifigigh don Lucht Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach (OLADT) agus Gardaí Pobail freisin, i gcomhar le sain-ionadaithe seachtracha éagsúla. Is éard atá i gceist leis an gcúrsa ná dhá lá iomlán d'oiliúint, deartha chun OIEanna, OLADTanna agus Gardaí Pobail a éascú chun tuiscint a bheith acu ar, agus chun freagairt do, na ceisteanna íogaire a bhíonn ag daoine faoin réimse éagsúlachta seo a leanas: aois; míchumas, inscne; gnéaschlaonadh; eitniúlacht; creideamh; agus ballraíocht de phobal na dTaistealaithe/na Romach. Is é is aidhm leis an oiliúint seo ná a chinntiú go mbíonn na Gardaí a fhreastalaíonn uirthi in ann a gcuid ról póilíneachta a chomhlíonadh ar bhonn éifeachtach agus ar bhealaí a chuireann feasacht chun cinn maidir leis an éagsúlacht agus cosaint ar chearta an duine, agus chun laghdú a dhéanamh ar an gclaonadh chun idirdhealú neamhdhleathach agus/nó coireanna fuatha a dhéanamh.

Leis an oiliúint mhodúlach, cuirtear chun cinn scileanna agus cleachtais forbartha chun idirbheartaíocht éifeachtach a chumasú i dtaobh na gceisteanna casta agus íogaire a bhaineann leis na héagsúlachtaí ar fad a leagtar amach thuas, rud a dhéanann muinín a chothú i leith na seirbhíse atá á cur ar fáil ag an nGarda Síochána ar bhonn áitiúil. Is seisiúin praiticiúla idirghníomhacha iad atá bainteach go díreach le hobair an Gharda Síochána agus, mar sin, tugtar deis dóibh siúd a fhreastalaíonn orthu machnamh a dhéanamh ar mheon agus claonadh, agus dá chinntiú nach gcuireann na rudaí sin isteach ar bhealach diúltach ar a gcuid oibre.

Lean foireann BGCÉI leis an oiliúint seo a thionscnamh ar fud na tíre in 2017, i gcomhar le comhpháirtithe agus saineolaithe seachtracha.

### Oiliúint do Ghardaí i leith Chearta an Duine

Thug BGSÉI cuir i láthair i gColáiste an Gharda Síochána maidir le Teicnící i leith Chearta an Duine agus i gcoinne an Idirdhealaithe mar chuid de na cúrsaí seo a leanas:

- Cúrsa Leibhéal 3 d'Agallóirí
- Cúrsa Sainagallóirí
- Cúrsaí oiliúna do Láimhseálaithe agus Rialtóirí Foinsí um Fhaisnéis Daonna Faoi Cheilt.
- Cúrsa Frithgháinneála de chuid Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta.
- Póilíneacht Phobail agus an Radacú a Chosc (COPPRA).

### Oiliúint um Chearta an Duine do Ghardaí ag dul ar Seirbhís Thar Lear

Reáchtáil BGSÉI dhá chúrsa oiliúna aon lae maidir le cearta an duine do bhaill an Gharda Síochána ar tí dul ar seirbhís thar lear sa Chosaiv agus sa Chipir. Mar chuid de na cúrsaí sin, déantar díthógáil ar bhunreacht na Cosaive agus bunreacht na Cipire, agus ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha de chuid na Náisiúin Aontaithe maidir le cearta an duine, sula dtugtar treoracha do na daoine i láthair maidir lena ról a chomhlíonadh i dtaobh maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme chaighdeán idirnáisiúnta um chearta an duine i gceantar an mhisin. Tugtar scileanna breise dóibh freisin maidir le teicnící imscrúduithe i gcás sáruithe ar chearta an duine.

Is é Sáirsint Dave McInerney, PhD, a thugann an cúrsa, fear atá tar éis seirbhís a thabhairt ar thrí mhisean le Póilíní Sibhialtacha na Náisiún Aontaithe agus a tugadh ar iasacht d'Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine sa Ghinéive na hEilvéise mar shainchomhairleoir um chearta an duine.

### Oiliúint um Chearta an Duine do Láimhseálaithe agus Rialtóirí Foinsí um Fhaisnéis Daonna Faoi Cheilt

Ar iarraidh ón mBrainse Slándála agus Faisnéise, chuir BGSÉI oiliúint ar fáil maidir le caighdeán idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun feidhme i leith Foinsí um Fhaisnéis Daonna Faoi Cheilt (FFDFC) a rialú, i gcás láimhseálaithe agus rialtóirí uile FFDFC sula gceaptar sa ról iad.

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

### Seimineár um Chearta an Duine - Caidreamh a Chothú le Pobail Mhionlaigh

I mí Iúil 2017, reáchtáil Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal seimineár le haghaidh 200 OIE maidir le seasamh le cearta an duine, agus daoine a chosaint ón idirdhealú agus seirbhísí póilíneachta á gcur ar fáil i sochaí éagsúil atá ag méadú go mear.

Mar chuid den seimineár seo, thug cainteoirí inmheánacha agus seachtracha cuir i láthair ar a leithéid d'ábhair agus éagsúlacht a phóiliniú; an phóilíneacht phobail; Pobal Gorm na hÉireann; an Pobal LADT; Daoine Breacaosta; Feasacht ar Mhíchumas; Feasacht ar Néaltrú; agus I mBun Oibre lenár bPobail Mhoslamacha.

### Cearta an Duine Phobal Gorm na hÉireann a Chosaint

D'oibrigh BGSÉI i gcomhar le seanóirí Phobal Gorm na hÉireann i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath chun caidreamh dearfach a chothú le daoine óga an phobail sin ó cheantair éagsúla. Ceapadh an tionscnamh chun caidreamh dearfach a chothú idir an Garda Síochána agus an Pobal Gorm trí mhuinín a chothú agus chearta an duine chosaint trí phróifíliú ciníoch a sheachaint. Rinne BGSÉI roinnt mhaith seachtainí de réamhphleanáil straitéiseach le hionadaithe agus ceannairí eaglaise ó phobail Ghorma i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

**Cás-Staidéar: Lá Oscailte na Mionlach Eitneach, Muineachán**

I mí Dheireadh Fómhair 2017, reáchtáil Stáisiún an Gharda Síochána, Muineachán, lá oscailte le haghaidh na mionlach eitneach a bhfuil cónaí orthu sa cheantar.

Tháinig thart ar 50 duine ó roinnt cúlraí éagsúla, lena n-áirítear daoine ón mBainglaidéis; ó Shrí Lanca; ón tSiria; ón Nigéir; ón Phacastáin; ón mBolaiv; agus ón Afraic Theas.

Eagraíodh an lá oscailte chun dea-chaidreamh agus muinín a chothú idir an Garda Síochána agus dídeanaithe agus inimircigh i Miuineachán agus is cuid lárnach é de Phlean Póilíneachta an Cheantair.

An aidhm a bhí leis an lá ná a léiriú go bhfuil an Garda Síochána ann chun tacú le baill uile an phobail áitiúil, agus iad a chosaint, chomh maith le daoine i measc na mionlach eitneach a spreagadh chun dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána.

Lá Fhéile Pádraig 2017, rinne na OIEanna lonnaithe i gceantair 'C', 'D' agus 'B', i gcomhar le 12 Tréadaí sinsearacha de chuid an phobail Gorm, patrólú de shiúil na gcos i lár chathair Bhaile Átha Cliath, ag dul chun cainte le grúpaí de dhaoine óga Gorma ag iarraidh orthu scaipeadh chun achrann neamhriachtanach a sheachaint agus/nó chun a chinntiú nach ngabhfaidís. D'éirigh go hiontach leis an oibríocht seo, óir nár tharla cionta oird phoiblí ar bith agus ní dhearnadh gabháil ar bith ach an oiread. Is é is aidhm le gníomhaíocht mar seo ar thaobh an Gharda Síochána i gcomhar leis an bPobal Gorm, ná dea-cháil phobal gorm na hÉireann a chosaint, chomh maith le seasamh leis an dea-cháil sin agus le cearta an duine, agus na deiseanna chun comhtháthú síochánta an tsochaí a shuaitheadh a theorannú.

### Cearta an Duine/Frith-Idirdhealú agus Pobal na dTaistealaithe

Mar chuid de chlár oiliúna píolótach um idirghabháil agus réiteach aighnis dhéanamh le Taistealaithe, d'oibrigh Tionscnamh Idirghabhála Phobal Taistealaithe Lár na Tíre, FSS agus BGSÉI i gcomhar lena chéile chun caidreamh dearfach a fhorbairt idir Taistealaithe agus an Garda Síochána.

I mí na Nollag 2017, thug BGSÉI cur i láthair d'idirghabhálaithe mac léinn do Thaistealaithe i gColáiste Mhá Nuad maidir le Teicnící Póilíneachta i leith Chearta an Duine. Seo an chéad chuid de chomhthionscnamh Taistealaithe/Garda chun idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le teagmháil dhearfach a chothú agus an fhírinne a bhainfeadh le póilíniú a dhéanamh ar aighneas i measc Taistealaithe. Bhí an dara cuid den tionscnamh seo ar siúl i mí Feabhra 2018.

## Cuir i Láthair Seachtracha

Le linn 2017, thug BGSÉI cuir i láthair i scoileanna agus in ollscoileanna nuair a lorgaítear iad, bunaithe ar na téamaí seo a leanas:

- Éire Idirchultúrtha - Bíodh cur amach agat ar do Phobal.
- Do Sheirbhís Póilíneachta in Éirinn Idirchultúrtha.
- Is Olc an Ciníochas - An Coireacht Fuatha agus an Ciníochas a Chosc in Éirinn.
- An tAntoisceachas agus an Radacú a Chosc i Sochaí na hÉireann - Na Comharthaí a Aithint.
- Éagsúlacht i do Thimpeallacht a Aithint, agus Meas a Léiriú Uirthi.

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána

Is é is aidhm leis an gClár Athstiúrtha ná leanaí idir 10 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois a choinneáil as an gcóras dlí coiriúil trí leas a bhaint as athstiúradh mar rogha ar an ionchúiseamh.

| Clár Athstiúrtha 2017 | | |
|---|---|---|
| Atreoruithe | 20,039 | 13.7% Méadú |
| Páistí Aonair Atreoraithe | 10,624 Teagmhais | 12% Méadú |

### Oiliúint na nOifigeach Idirchaidrimh don Óige (OIÓ)

Le linn 2017, cuireadh raon oiliúna ar fáil d'OIÓanna nua agus reatha. Ina measc siúd, reáchtáladh cúrsa ionduchtaithe le haghaidh 19 OIÓ nua-cheaptha, agus cúrsaí maidir leis an gceartais aisiríoch agus idirghabháil.

Chomh maith leis sin, cuireadh béim le linn Chomhdháil Oiliúna OIÓ 2017 ar conas déileáil ar bhonn dearfach le daoine óga a bhfuil fadhbanna acu amhail deacrachtaí meabhairshláinte, deacrachtaí láimhseála feirge, bulaíocht ar líne agus cionta gnéis a dhéanamh. I measc na gcainteoirí ag an gComhdháil, bhí ionadaithe ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ), an tOmbudsman do Leanaí, Cigireacht an Gharda Síochána, agus an tÚdarás Póilíneachta.

## Freagairt Chomhghníomhaireachta ar an gCoireacht

Is comhstraitéis í seo idir an Garda Síochána; an tSeirbhís Promhaidh; Seirbhís Príosún na hÉireann; an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais; an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige; agus an Roinn Oideachais & Scileanna chun laghdú a dhéanamh ar athchiontú ciontóirí ilghníomhacha, idir dhaoine óga agus dhaoine fásta, ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm ag treoirthionscnaimh oibríochtúla chomhghníomhaireachta dul i ngleic le hiompar ciontóirí ilghníomhacha aitheanta. Ina measc siúd, tá Strive Bhaile Munna a fhéachann chun na daoine a chothaíonn ardleibhéil díobhála agus fadhbanna sa cheantar a spreagadh trí chur chuige ilghníomhaireachta chun staonadh ón gcoireacht; Tionscadal Bridge a oibríonn le ciontóirí foréigneacha; agus Acer 3 a bhíonn ag plé le ciontóirí a chiontú nó a cúisíodh as buirgléireacht a dhéanamh i mBaile Átha Cliath 8 agus Baile Átha Cliath 24.

Bunaíodh Freagairt Chomhghníomhaireachta ar an gCoireacht do dhaoine óga in 2017 chun dul i ngleic le ciontú ilghníomhach agus iompar coiriúil daoine óga idir 16 agus 21 bliana d'aois trí bealaí a aithint inar féidir le gníomhaireachtaí éagsúla iomchuí comhoibriú a dhéanamh chun na daoine óga sin a choinneáil ó shaol a d'fhéadfadh a bheith lán de choiriúlacht.

### Oifig Mhonatóireachta Náisiúnta an Gharda Síochána ar na Comhchoistí Póilíneachta

Lean na Comhchoistí Póilíneachta orthu d'fhóram tábhachtach a cur ar fáil maidir le tacú le cosc na coireacht agus lena chinntiú go leanann an eagraíocht ar aghaidh ag forbairt agus ag athrú mar fhreagairt ar riachtanais an phobail ar bhonn áitiúil.

Tá feidhm mhonatóireachta ag Ard-Cheannfort BGSRP maidir le rannpháirtíocht Gardaí i bpróiseas na gComhchoistí Póilíneachta. Rinne an oifig a feidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhairle le páirtithe leasmhara le linn 2017 chun monatóireacht a dhéanamh ar na Comhchoistí Póilíneachta agus samhlacha an dea-chleachtais a fhorbairt.

### Tionscnaimh Póilíneachta Pobal Áitiúil

I rith 2017, thug Oifig Náisiúnta na Póilíneachta Pobail tacaíocht do na Gardaí Póilíneachta Pobail ar fud na tíre trí ábhar saincheaptha faoi chosc na coireachta agus sábháilteacht an phobail a fhorbairt. Mar shampla, rinne an oifig grafaic faisnéise do Cheantar Bhré maidir le gadaíocht gluaisteán a chosc, agus póstaer chun caint maidir le meabhairshláinte dearfach i gCeantar Bhéal an Mhuirthead a fhógairt.

*Daltaí Idirbhliana Áitiúla ag tabhairt cuairt ar Stáisiún Gardaí Bhealach Conglais mar pháirt dá gclár taithí oibre a d'eagraigh an stáisiún.*




# **Sábháilteacht Phobail** - Ar lean

## Póilíniú Bóithre

Bhí laghdú suntasach i líon na mbásanna ar na bóithre in 2017 i gcomparáid le 2016, ach fós féin, cailleadh 157 duine go tragóideach i gcomparáid le 187 in 2016. Is laghdú 16% é sin i líon na mbásanna, an líon is lú básanna ar na bóithre é ó tosaíodh ar thaifead a choinneáil in 1959. Cé go gcuirtear fáilte roimh an treocht seo atá ag dul i laghad, ní mór i bhfad níos mó a dhéanamh chun an figiúir a luaitear i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2013-2020, a bhaint amach, i.e. líon uasta124 bás ar na bóithre sa bhliain. Fiú mura gcailltear ach duine amháin ar na bóithre, sin an iomarca.

| | 2016 | 2017 | Athrú | % Athrú |
|---|---|---|---|---|
| Básanna | 187 | 157 | -30 | -16% |
| Imbhuailtí marfacha | 174 | 143 | -31 | -18% |




*MR3 = meán rollach 3 mhí, MR12 = meán rollach 12 mhí.*

Cailleadh 117 fireannach agus 40 baineannach in imbhuailtí ar bhóithre.

### Básanna de réir úsáideora bóithre:

| 2017 | 2016 |
|---|---|
| 66 Tiománaithe (42%) | 83 Tiománaithe (44%) |
| 26 Paisinéirí (17%) | 37 Paisinéirí (20%) |
| 30 Coisithe (19%) | 35 Coisithe (19%) |
| 15 Rothaithe (9%) | 10 Rothaithe (5.5%) |
| 19 Gluaisrothaithe (12%) | 21 Gluaisrothaithe (11%) |
| 1 Paisinéirí cúlóige (1%) | 1 Paisinéirí cúlóige (0.5%) |


### Lá na seachtaine




**22%** Iomlán na n-imbhuailtí marfacha ar an Domhnach.

**24%** Iomlán na n-imbhuailtí marfacha idir nóin agus 4 p.m.

### Próifíl Aoise



**33.3%** Básanna idir 16 agus 30 bliain.



**13%** Na básanna bóithre nuair nach raibh na daoine ag caitheamh crios sábháilteachta ag am an imbhuailte.

**Cás-Staidéar: Imscrúdú ar 'Scáilbhróicéirí'**

I mí Eanáir 2017, fuair Aonad na nImscrúduithe Speisialta in Aonad Tráchta RCBÁC gearán ó chuideachta árachais maidir le duine faoi amhras a bheith ag feidhmiú mar bhróicéir árachais neamhcheadúnaithe agus polasaithe mótarárachais á bhfáil aige le haghaidh tríú páirtithe ó chuideachtaí árachais trí dhoiciméid chalaoiseach a úsáid. Tugtar 'Scáilbhróicéir' ar a leithéid de dhuine.

Tugadh faoi imscrúdú cuimsitheach agus, i ndiaidh tamaill, ba léir gur duine de na 'Scáilbhróicéirí' ba mhó in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le seacht mbliana anuas a bhí i gceist. Go dtí seo, táthar tar éis roinnt mhaith polasaithe a aithint agus a cheangail leis an duine sin atá faoi amhras.

Tá an t-imscrúdú sin maidir le 'Scáilbhróicéirí' fós ar siúl agus tá roinnt cuardach pleanáilte agus gabhálacha déanta go dtí seo.

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Na Príomhchionta i gcoinne na Tarrthála

Rinneadh go leor oibríochtaí forfheidhmithe i rith na bliana chun tiománaithe fánacha a aimsiú agus iompar úsáideoirí bóithre a athrú. Go háirithe, tháinig méadú 11% ar líon na dtiománaithe faoi thionchar an óil a gabhadh in 2017 i gcomparáid le 2016, agus bhí líon na seicphointí um thiomáint faoi thionchar an óil i gcomhréir le líon na bliana roimhe sin.

| | 2016 | 2017 | Athrú | % Athrú |
|---|---|---|---|---|
| Teagmhais de thiomáint faoi thionchar an óil | 8,066 | 8,920 | +854 | +11% |
| Seicphointí um thiomáint faoi thionchar an óil | 76,675 | 76,606 | -69 | 0% |
| Tiomáint ró-thapa | 171,717 | 147,648 | -24,069 | -14% |
| Criosanna sábhála | 9,816 | 10,977 | +1,161 | +12% |
| Fóin póca | 28,121 | 28,295 | +174 | +1% |
| Teagmhais iompar ar bóthar | 3,999 | 2,618 | -1381 | -35% |
| Tiomáint chontúirteach | 5,810 | 5,215 | -595 | -10% |
| Alt 41, coinneáil feithiclí | 29,294 | 33,890 | +4,596 | +16% |

**Cás-Staidéar: Oibríocht Enable**
Is tionscnamh idirghníomhaireachta é Oibríocht Enable, idir an Garda Síochána; Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; Seirbhísí Páirceála Sráide Bhaile Átha Cliath; Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann; agus Cumann na hÉireann do Thiománaithe faoi Mhíchumais.

Is é is aidhm leis an oibríocht ná tiománaithe a mheabhrú faoin ngá atá ann le meas a léiriú ar Bhánna Páirceála do Thiománaithe faoi Mhíchumas i lár Chathair Bhaile Átha Cliath, agus sealbhóirí Cead Páirceála do Thiománaithe faoi Mhíchumas a mheabhrú faoin ngá atá le meas a léiriú ar choinníollacha a gcead páirceála.

Le linn 2017 i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, imghabhadh 53 cead páirceála a bhí á n-úsáid go calaoiseach agus aimsíodh 596 cionta páirceála i mbánna páirceála do thiománaithe faoi mhíchumas, de bharr Oibríocht Enable. Thosaigh Oibríocht Enable in Aonad Tráchta Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tá sí i bhfeidhm anois ar fud na tíre.

**Cás-Staidéar: Clár Bunscoile an Gharda Síochána um Rothaíocht Shábháilte, Luimneach**
Tugadh isteach Clár Bunscoile an Gharda Síochána um Rothaíocht Shábháilte i gCeantar Chathair Luimnigh Thuaidh roinnt blianta ó shin mar thionscnamh chun rothaíocht shábháilte a thabhairt chun na bunscoileanna agus sábháilteacht ar na bóithre a chur chun cinn i measc an aosa óig. In 2017, tugadh an clár cothrom le dáta chun é a dhéanamh níos ábhartha agus níos tairbhiúla do na rannpháirtithe. Mar chuid den chlár, tá a leithéid agus scileanna rothaíochta, sábháilteacht ar bhóithre, agus trealamh, chomh maith le scrúdú ag deireadh an chláir.


Ghlac 450 leanbh ó 15 bhunscoil páirt sa chlár in 2017.




*Gardaí ag cur i bfeidhm seicphointe mar pháirt d'fheachtas sábháilteachta poiblí ag díriú ar ghluaisrothaí.*


# **Sábháilteacht Phobail** - Ar lean

Treocht maidir le Tiomáint faoi Thionchar Alcóil





*MR3 = meán rollach 3 mhí, MR12 = meán rollach 12 mhí.*


Treocht maidir le Seicphointí um Thástáil Alcóil Sainordaitheach





Treocht maidir le hIompar ar Bóthar




Treocht maidir le Tiomáint Chontúirteach




Treocht maidir le hAlt 41




Chomh maith leis na hoibríochtaí traidisiúnta forfheidhmithe, rinneadh roinnt mhaith idirghabhálacha breise oideachais freisin. Eagraíodh dhá lá náisiúnta um ‘Moilliú’, inar thug feachtas meán tacaíocht do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe luais an-fheiceálach ar bhóithre náisiúnta, príomhbhóithre agus bóithre den dara grád ar mhaithe le tiománaithe a spreagadh chun a luas a laghdú. Ghlac Éire páirt arís i dTionscadal EDWARD (European Day Without A Road Death) de chuid TISPOL, agus níor tharla bás ar bith ar na bóithre an lá sin (21 Meán Fómhair 2017).

Rinneadh an-phoibliú ar na hardáin meán ar fad ar fheachtais na Nollag agus ar fheachtas na hAthbhliana maidir le tiomáint faoi thionchar an óil. Bhailigh na hidirghabhálacha seo go léir clúdach suntasach na meán cumarsáide, go háirithe ar na meáin shóisialta. Chomh maith leis sin, bhí an tAonad um Shábháilteacht ar Bhóithre i láthair ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Taispeántas na nEolaithe Óga freisin.

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| 5 Rannpháirtíocht chomhoibritheach le grúpaí mionlaigh tábhachtacha. | Baineadh amach an sprioc seo. Rinneadh rannpháirtíocht chuimsitheach le linn 2017 idir an Garda Síochána agus pobail mhionlaigh éagsúla agus grúpaí leochaileacha i sochaí na hÉireann.<br><br>Seachadadh cur i láthair maidir le hábhair éagsúla do ghrúpaí, lena n-áirítear Grúpa na mBan Afracach; Cumann Idirchultúrtha na hÉireann a Phóilíniú; Moslamaigh na hÉireann a Phóilíniú; Eispéireas um Fhoghlaim ag Maireachtáil le Chéile '; Coinbhinsiún Bliantúil Chumann Daoine Beaga na hÉireann & clinic chomhairleach phríobháideach a thionól do rannpháirtithe; comhdháil idirghabhálaithe ag Ionad Ghleann Crí um Shíocháin agus Athmhuintearas, Co. Chill Mhantáin maidir le hidirghabháil agus an sochaí ilchultúrtha; idirghabhálaithe do thaistealaithe; agus dídeanaithe na Siria in Óstán Gold Coast, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge sular athlonnaíodh iad i scéimeanna tithíochta pobail áitiúil.<br><br>Thionóil baill ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal (GNCEB) cruinnithe i rith na bliana le grúpaí ar fud na tíre agus le baill áitiúla den Gharda Síochána lena n-áirítear; baill an Phobail Ghoirm; Ionadaithe do Romaigh; Ionadaithe do Thúinéisigh; Dídeanaithe ón Siria; Ionadaithe do Shiombábaigh; Dídeanaithe ón Iaráic; Grúpaí Taistealaithe; Gréasán na nDaoine Scothaosta, Cathair na Tearmann; ALONE agus grúpaí pobail eile.<br><br>Chuir baill foirne ag an GNCEB oiliúint ar fáil d'Oifigigh Idirchaidrimh Eitneacha; Oifigigh Leispiacha, Aeracha, Dhéghnéasacha, Trasinscneacha agus cuireadh oiliúint ar fáil d'Oifigigh Chustaim chomh maith maidir le cur i bhfeidhm frith-idirdhealaitheach de chumhachtaí faoi na hAchtanna Customs Consolidation.<br><br>Freastalaíodh ar chomhdhálacha éagsúla lena n-áirítear comhsheimineár oiliúna trasteorann; Radacú agus Fillithe; Comhdháil um Thacaíocht d'Íospartaigh (Tuaisceart Éireann agus an Eoraip); Cruinnithe Oiliúnóirí um Fhuathchoireacht ag Oifig na nInstitiúidí Daonlathacha um Chearta an Duine; comhdháil idirghabhálaithe ag an Ionad Ghleann Crí um Shíochain agus Athmhuintearas, maidir le hidirghabháil agus sochaí ilchultúrtha.<br><br>Osclaíodh lárionad nua um chomhtháthú tearmainn i gCill Airne agus reáchtáil Gardaí Pobail áitiúla roinnt clinicí chun fáilte a chur roimh dhaoine agus eolas a thabhairt do na cónaitheoirí nua. Seoladh córas tacaíochta 'Ask Angela' i gCathair Chorcaí. Sa Rannóg Thiobraid Árann, rinneadh patróil 'Know your Patch' ar fud an limistéir. Bhuail Gardaí i gceantar Caisleáin Riabhaigh le pearsanra a bhfuil ag cur fúthu san Ionad Treoshuímh do Dhídeanaithe Éigeandála (EROC) i mBealach an Doirín ar go leir ócáidí i gcaitheamh na bliana. D'fhreastal Gardaí ar a moscanna áitiúla go rialta agus reáchtáil siad clinicí in ionaid phobail áitiúla chun iarracht a dhéanamh iontaobhas agus muinín a chothú le gach snáithe den tsochaí. |

# **Sábháilteacht Phobail** - Ar lean

## **Táscairí Feidhmíochta** - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **8** An Straitéis Náisiúnta um Chosc agus Laghdú Coireachta a fhoilsiú faoi Ráithe 1, 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Chosc agus Laghdú Coireachta ar Leathanach Tairseach an Gharda Síochána agus ar Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána an 7 Aibreán 2017. Forbraíodh clár oibre cuimsitheach chun an straitéis a chur i bhfeidhm agus cuirfear i ngníomh é in 2018.<br><br>Leanfar leis an tionscnamh seo a chur chun cinn leis an bPlean Póilíneachta 2018. |
| **9e** Feabhas ar mothúcháin maidir le sábháilteacht an phobail mar a thomhaistear sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. | Baineadh amach an sprioc seo. Mheas líon níos lú de dhaoine ar fud na tíre gur fadhb an-tromchúiseach í an choireacht i 2017 (24.5%) i gcomparáid le 2015 (32.1%)<br><br>Mheas líon níos lú de dhaoine ar fud na tíre gur fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach í an choireacht i 2017 (74.5%) i gcomparáid le 2015 (78.2%)<br><br>Mheas líon níos lú de dhaoine ar bhonn áitiúil gur fadhb an-tromchúiseach í an choireacht i 2017 (3.0%) i gcomparáid le 2015 (6.9%)<br><br>Mheas líon níos lú de dhaoine ar bhonn áitiúil gur fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach í an choireacht i 2017 (19.8%) i gcomparáid le (31.3%). |
| **9f** Taifeadadh níos mó teagmhas ina raibh cuspóir fuatha i gceist i gcomparáid leis an mbunlíne i 2016. | Baineadh amach an sprioc seo. Tháinig méadú de 9.62% ar na teagmhais a taifeadadh ina raibh cuspóir fuatha i gceist. |
| **20** Rolladh amach den J-ARC go 12 Rannán Gardaí faoi Ráithe 4, 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Faoi láthair tá an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag déanamh meastóireachta ar thionscnaimh phíolótacha J-ARC. Tá sé beartaithe go mbeidh an t-athbhreithniú curtha i gcrích faoi mhí an Mhárta, 2018. Ní dhéanfar forbairt bhreise ar na tionscnaimh phíolótacha go dtí go bhfaightear an t-athbhreithniú seo. Cuirfear an tionscadal ar aghaidh tar éis don mheastóireacht seo a chur i gcrích. Mar sin féin, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí reachtúla leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do thionscnaimh phíolótacha J-ARC atá ann faoi láthair. |

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **22** Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018: Ag dul i ngleic le na hÓgchoireacht, i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta ceartais choiriúli. | Baineadh amach an sprioc seo. Tionóladh an chéad chruinniú d'Fhoireann Chuir i bhfFeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig (2014 - 2018) i mí Feabhra, 2017. Sa ghrúpa idirghníomhaireachta seo, cuimsítear An Garda Síochána, TUSLA, Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (SECÓ) agus Scoil Choinneála Bhaile an Oibricigh. Tionóladh dara cruinniú den ghrúpa idirghníomhaireachta seo i mí Dheireadh Fómhair. Reáchtáladh plé ar úsáid struchtúir réigiúnacha na gCoistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) chun a chinntiú gurb iad na gníomhaireachtaí ábhartha a dhéanann bainistíocht ar an tsaincheist seo ar leibhéal áitiúil agus chun a chinntiú go ndéanfarathbhreithniú ar na cásanna um Leanbh i gCúram.<br><br>D'fhreastail ionadaí ón mBiúró um Rannpháirtíocht agus Sábháilteacht an Phobail ar chruinniú le hionadaithe ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) chun réimsí comhchoiteanna a phlé idir An Garda Síochána agus an SPTÉ, lena n-áirítear réimsí a aithint ina mbeadh comhoibriú trasteorann tairbheach. D'fhreastail roinnt Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLOanna) ón nGarda Síochána, chomh maith le hoifigigh athstiúrtha óige agus ball den Aonad um Laghdú Ciontaithe ón SPTÉ. D'aithin an grúpa roinnt feidhmeanna oibríochtúla mar réimsí ina raibh gá le comhoibriú idir an dá sheirbhís póilíneachta. Tá sé beartaithe go n-eagrófar cruinnithe sa todhchaí chun leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht agus le comhoibriú.<br><br>I rith 2017, chuir Oifig um Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána seacht seimineár eolais ar fáil d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (JLOanna) ar bhonn náisiúnta maidir le húsáid uirlise mheasúnaithe riosca de chuid Seirbhís Leibhéil na nÓg / Fardal Bainistíochta Cás (YLS / CMI) le haghaidh Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. |
| **23a-23b** Méadú a chur ar chomhlíontacht ó úsáideoirí bóithre agus infheictheacht an Gharda Síochána, arna tomhas ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA). | Níor baineadh amach an sprioc seo mar ní dhearna an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) monatóireacht ar an gcomhlíontacht d'úsáideoirí bóthair leis an reachtaíocht bóithre.<br><br>I bPlean um Póilíniú Bóithre 2017 áfach, thug an Garda Síochána tiomantas do réimse leathan d'oibríochtaí chun méadú a chur ar leibhéal comhlíontachta dlíthiúla na n-úsáideoirí bóithre. Cuireadh i bhfeidhm go rathúil na hoibríochtaí uile a bhí beartaithe le haghaidh gach mí. Reáchtáladh feachtais sna meáin i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bhí na hoibríochtaí dírithe ar luas, criosanna sábhála, úsáid fón póca agus iad ag tiomáint, tiomáint faoi thionchar an óil, agus Oibríochtaí Trucaile agus Bus TISPOL. I mí an Mheithimh 2017, tugadh isteach Ceamara Meán-Luais ar Chalafort Bhaile Átha Cliath. |

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **23c** Laghdú a chur ar bhásanna go dtí níos lú ná 136 i gcomhréir le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Is sprioc ilghníomhaireachta é seo, a bhfuil páirt ag An Garda Síochána ann.<br><br>I 2017, tharla143 imbhuaileadh marfach, agus mar thoradh air seo fuair 157 duine bás ar bhóithre na hÉireann. Is ionann é seo agus laghdú de 18% ar líon na n-imbhuailtí (-31) agus laghdú de 16% ar líon na ndaoine a fuair bás (-30) i gcomparáid le sonraí an Gharda don bhliain 2016. Ba é seo an líon is lú de bhásanna a taifeadadh ó thosaigh na taifid. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar bhásanna rothaithe (+5) sa chomparáid bliain ó bhliain. Is é an grúpa aoise leis an riosca is mó iad siúd atá 66 bliana d'aois agus níos sine (21% de na húsáideoirí bóthair uile a maraíodh), daoine idir 16-25 bliana d'aois (21%) agus iad siúd atá idir 26-35 (18%).<br><br>Ba mhí thar a bheith contúirteach í mí an Mhárta, ina fuair 20 duine bás, agus ina dhiaidh sin bhí mí Iúil agus mí na Samhna (17 bás i ngach mí).<br><br>Is i mBaile Átha Cliath (23), Corcaigh (14) agus Maigh Eo (12) a tharla an líon ba mhó de bhásanna. |
| **23d** Laghdú a chur ar líon na ngortuithe tromchúiseacha go dtí níos lú ná 380 i gcomhréir le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Is sprioc ilghníomhaireachta é seo, a bhfuil páirt ag An Garda Síochána ann. Tháinig laghdú de 16.69% ar líon na n-imbhuailtí a bhí mar chúis le gortuithe tromchúiseacha i gcomparáid bliain ar bhliain ach níor baineadh amach spriocanna an rialtais. |
| **24** An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a éascú maidir le sonraí a bhailiú agus taighde a dhéanamh d'fhonn feabhas a chur ar ár dtuiscint ar iompar úsáideora bóthair. | Tionóladh cruinnithe míosúla leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Aithníodh próiseas foirmiúil chun malartú sonraí a bhainistiú idir anailísithe Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána. Leis an bpróiseas seo cinnteofar go ndéantar sonraí ábhartha a mhalartú idir an dá eagraíocht ar bhonn rialta. |
| **25** Rannpháirtíocht i Seicphointí Ilghníomhaireachta de réir mar atá leagtha amach i bPlean um Phóilíniú Bóithre do 2017. | Is é an phríomhaidhm atá leis na seicpointí ilghníomhaireachta ná feabhas a chur ar chomhlíonadh le reachtaíocht tráchta agus iompair bóthair. Bíonn comhaltaí an AGSanna i láthair ag na seicphointí i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí seachtracha ar nós an RSA, Ioncam, FSS, Custaim, Leasa Shóisialaigh, Rialtóir Tacsaithe, srl.<br><br>Ghlac an Garda Síochána páirt i seicphointí ilghníomhaireachta a bhí beartaithe do gach ráithe de réir mar atá leagtha amach i bPlean um Phóilíniú Bóithre do 2017. Is iad seo a leanas na torthaí:<br><br>Ráithe 1 - 558<br>Ráithe 2 - 353<br>Ráithe 3 - 371<br>Ráithe 4 - 363 |

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| 26 Céim 1 den Straitéis ANPR a chur i gcrích faoi Ráithe 3, 2017. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Ba é cuspóir an tionscnaimh seo ná teicneolaíocht uathaitheanta uimhirphlátaí (UAUP) a úsáid i bpóilíneacht na mbóithre agus mar uirlis imscrúdaithe agus uirlis fhaisnéise coiriúla. Mhol oifig an Ard-Aighne, áfach, go raibh gá le reachtaíocht phríomha maidir le húsáid UAUP má dhéanfaí an tionscnamh seo a chur chun cinn.<br><br>Idir an dá linn, rinneadh dul chun cinn suntasach ar phleanáil an chur i bhfeidhm de na próisis UAUP nua agus ar ullmhúchán de Lárionad Monatóireachta UAUP (ACMO) a bhunú tríd an gClár um Nuachóiriú agus Athnuachan. Aithníodh cóiríocht don oifig seo agus cuireadh ball foirne amháin i ngníomh. Beidh gá le cúigear ball foirne breise. Tosóidh ACMO ag oibriú agus tiocfaidh baill foirne breise isteach san oifig tar éis comórtas.<br><br>Leanfaidh an Straitéis um Chlaochlú Straitéiseach ar aghaidh leis an Straitéis ANPR a chur chun cinn i 2018. |
| 27 Athbhreithniú a dhéanamh ar gach crios imbhuailte faoi Ráithe 4 de 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Rinneadh measúnú ar shonraí ráithiúla a bhaineann le básanna agus rátaí comhlíonta ón ráithe roimhe seo chun tosaíocht a thabhairt do phóilíneacht a dhéanamh ar chriosanna imbhuailte sa chéad ráithe eile. Bhuail Ceannfort ón Rannóg um Póilíniú Bóithre agus Bainistiú Mórimeachtaí (RPMEM) leis an soláthraí conartha monatóireachta luais ar bhonn ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí. Rinneadh gach crios luas a ualú agus a mheasúnú déanta agus leagadh amach an liosta tosaíochta d'fhorfheidhmiú i ndiaidh an athbhreithnithe seo.<br><br>Tá 1,031 crios (imbhualadh) gníomhach ann maidir le forfheidhmiú teorainneacha luais  Bíonn athbhreithniú ar chriosanna mar chúis le hathrú ualaithe ar chrios. San athbhreithniú ar na hualaithe, cuirtear san áireamh imbhuailtí sa chrios chomh maith le comhlíonadh luais laistigh de gach crios. I 2017, mhéadaigh uaireanta faireacháin ó 6,000 go 7,400 móide 100 uair de shuirbhéireacht. Sonraí a bhaineann le gach imbhuaileadh tráchta bóthair a raibh mar chúis le bás nó le gortú 1 Iúil, 2014, go dtí an 30 Meitheamh, 2017; agus sonraí imbhuailte marfach ón 1 Iúil, 2017, go dtí an 31 Nollaig, 2017; faoi athbhreithniú i R1 2018 d'fhonn cnuasaigh nua imbhuailte a aithint. Táthar ag súil go n-aithneofar criosanna imbhuailte nua agus b'fhéidir go mbaintear roinnt criosanna atá ann cheana de bharr laghdaithe ar riosca imbhuailte. |

# **Sábháilteacht Phobail** - Ar lean

## **Táscairí Feidhmíochta** - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **28** Tuarascáil Chigireachta an Gharda Síochána ar an gCóras Próiseála Muirear Seasta laistigh de shainchúram an Gharda Síochána lena chinntítear go gcuirtear feabhsuithe i bhfeidhm. | Baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh i bhfeidhm an moladh deiridh ó Thuarascáil Chigireachta an Gharda Síochána ar Chóras Próiseála Muirear Seasta an Gharda Síochána laistigh de shainchúram an Gharda Síochána. Suiteáladh réiteach scanta agus cuireadh i bhfeidhm é san Oifig um Phróiseáil Muirear Seasta (FCPO); agus cuireadh tús le tríú rogha íocaíochta i mí an Mheithimh, 2017. Tá an rogha íocaíochta ar líne ar fáil chun Fógraí Muirir Seasta (FCN) nach dtabhaíonn pointe pionóis a íoc. Éisteofar le roinnt cásanna cúirte i R1, 2018, agus déanfar meastóireacht ar na rátaí íocaíochta ina dhiaidh sin. |
| **29** Iniúchadh ar Chóras Próiseála Muirear Seasta an Gharda Síochána a chur i gcrích faoi Ráithe 4 de 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Rinne Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána tuairiscí ar gach tuarascáil ó Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (GPSU) maidir le scrúdú ar chealú FCN<br><br>I ndiaidh idirchaidrimh le Coiste Iniúchta an Gharda Síochána, thuairiscigh an GIAS gur cinneadh nárbh fhéidir aon luach breise a bhaint amach má dhéantar ath-iniúchadh ar na saincheisteanna ar cuireadh béim orthu i dTuarascáil an Choimisinéara Chúnta O'Sullivan, Tuarascáil Crowe Horwath nó Tuarascáil an GSOC maidir le cúrsaí FCN. Mar thoradh air sin, cinneadh gan an t-iniúchadh GIAS a bhí beartaithe (sprioc deiridh na bliana) a dhéanamh. |
| **30** Ag cur oideachas agus oiliúint spriocdhírithe ar fáil d'Aonaid Phóilíneachta Bóthar. | Níor baineadh an sprioc seo amach go hiomlán. Cruthaíodh grúpa oibre oiliúna le clár faoi leith a fhorbairt a chuirfear ar fáil do bhaill foirne úra a gcuirfear chuig Aonaid Phóilíneachta Bóthar.<br>Ta an grúpa i mbun oibre chomh maith ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a le haghaidh baill reatha tráchta agus don eagraíocht iomlán chun tacú le cur i bhfeidhm Reachtaíocht um Thrácht ar Bhóithre. Ag deireadh na bliana 2017, forbraíodh Modúl Córas Bainistíochta Foghlama (LMS) agus rinneadh athbhreithniú air ag deireadh na bliana.<br><br>Bunófar Aonaid Úra Póilíneachta Bóithre na Roinne i 2018. Leathnófar a ról thar ról traidisiúnta tráchta agus beidh ról acu maidir le cosc ar choireacht/ agus brath coireanna. |

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| 31 Méadú de 10% de réir a chéile a chur ar na hacmhainní a leithdháiltear d'Aonaid um Phóilíniú Bóithre i ngach réigiún go léir faoi dheireadh R4 2017. Líon na n-acmhainní bonnlíne amhail an 31 Nollaig, 2016. | Baineadh amach an sprioc seo go páirteach. Rinneadh athbhreithniú ar Phóilíniú Bóithre. Ullmhaíodh cur síos róil agus poist do phearsanra nua. Fógraíodh comórtais ar fud na tíre. Chuir réigiúin an Deiscirt, an Oirdheiscirt agus an Oirthir comórtais póilíneachta bóithre réigiúnacha i gcrích agus chuir siad painéil le chéile. Chuathas i mbun agallamh i réigiúin an Iarthair agus an Tuaiscirt i mí na Nollag agus táthar ag súil go mbeidh na painéil críochnaithe i mí Eanáir, 2018. Níor baineadh amach an tionscnamh seo, ach tabharfar aghaidh air sa Phlean Póilíneachta 2018.<br><br>Chuir an Rannóg um Póilíniú Bóithre agus Bainistiú Mórimeachtaí (RPMEM) clár i bhfeidhm chun gach Garda Promhóra a imscaradh chuig an gCór Tráchta ar feadh tréimhse 10 seachtaine ag deireadh chéim 3 dá bhforbairt ghairmiúil. Thosaigh an chéad tréimhse 10 seachtaine dá leithéid an 27 Márta, 2017, agus sannadh 62 Gardaí Promhóra do Aonaid Tráchta Rannáin. Thosaigh an dara tréimhse 10 seachtaine an 5 Meitheamh, 2017, agus sannadh 65 Gardaí Promhóra do Aonaid Tráchta Rannáin. Thosaigh an tríú tréimhse 10 seachtaine an 14 Lúnasa agus sannadh 62 Gardaí Promhóra do Aonaid Tráchta Rannáin. |
| 33 Creat nua um Póilíniú Pobail a chur i bhfeidhm faoi Ráithe 4 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Is tionscnamh é seo faoin gClár um Nuachóiriú agus Athnuachan (MRP) agus rinneadh dul chun cinn air i rith 2017. Críochnaigh KC Consulting meastóireacht ar phóilíneacht phobail agus fuarthas é i mí Aibreáin, 2017. Ionchorpraíodh na príomhthorthaí ón meastóireacht isteach i dréacht-doiciméad straitéise. I mí Iúil, bhunaigh an Coimisinéir Cúnta den Rannóg um Rannpháirtíocht agus Sábháilteacht Phobail, grúpa stiúrtha chun an Creat um Póilíniú Pobail a scrúdú agus chun straitéis nua a fhorbairt.<br><br>Ag deireadh na bliana, bhí Straitéis um Póilíniú Pobail don phobal á fhorbairt i mBiúró Rannpháirtíochta Pobail an Gharda Síochána. Ní fhéadtar an creat inmheánach a chur i gcrích go dtí go bhfuil an cáipéis seo críochnaithe. Mar sin féin, leanfar le haghaidh a thabhairt ar an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2018. |
| 34a Braistint an phobail go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal a mhéadú go leibhéal de 64% agus an leibhéal sin a chothabháil i rith 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Idir 2015 agus 2017, tháinig méadú ó 61.0% go 63.9% ar bhraistint an phobail go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |

# **Sábháilteacht Phobail** - Ar lean

## **Táscairí Feidhmíochta** - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **34b** Laghdú a chur ar fhaitíos roimh choireanna. Bunlíne le socrú i 2016. | Baineadh amach an sprioc seo. Bhí go leor faitís ar chion níos lú de dhaoine maidir le leibhéal na coireachta bliain ar bhliain, agus tháinig laghdú ó 6.5% go 3.7% ar an gcéatadán. Bhí go leor faitís ar chion níos lú de dhaoine maidir le leibhéal na coireachta bliain ar bhliain, agus tháinig laghdú ó 37.4% go 30.6% ar an gcéatadán. Mheas cion níos lú de dhaoine go raibh tionchar éigin ag a bhfaitíos roimh choireanna ar a gcáilíocht beatha (laghdaithe go mór, laghdaithe go suntasach, laghdaithe measartha nó laghdaithe beagán), agus tháinig laghdú ó 38.5% go 30.4% ar an gcéatadán. |
| **34c** Infheictheacht an Gharda Síochána a mhéadú. Bunlíne le socrú i 2016. | Baineadh amach an sprioc seo. Tháinig méadú ar infheictheacht an Gharda bliain ar bhliain ó 35.0% go 36.4%. |
| **38a** Straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm faoi Ráithe 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Tionscnamh laistigh den Chlár um Nuachóiriú agus Athnuachan is ea forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú an Gharda Síochána. Tá sé mar aidhm ag Straitéis an Gharda Síochána um Comhionannais, Éagsúlacht agus Cuimsiú san Ionad Oibre 2018 - 2022 dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun feidhme sna réimsí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe in ionad oibre an Gharda Síochána; agus béim láidir a leagan ar timpeallacht oibre atá oscailte, cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach a chruthú.<br>Tá sainchúram inmheánach ag an Ionad Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san Ionad Oibre de chuid an Gharda Síochána agus díreofar ar idirdhealú san ionad oibre a dhíothú, comhionannais , éagsúlacht agus cuimsiú san ionad oibre a chur chun cinn agus cearta daonna ag an obair a chosaint. Baineann sé le polasaí agus nósanna imeachta inmheánacha a fhorbairt de réir Alt 42 d'Acht um Chearta an Duine agus um Choimisiún Comhionannais, 2014, Dualgais na gComhlachtaí Poiblí agus reachtaíocht chomhionannais fostaíochta eile. Feidhmeoidh an oifig freisin mar bhunachar eolais agus mar sholáthraí saineolais sna réimsí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe do lucht oibre an Gharda Síochána.<br>Cheadaigh an Bord Clár um Sheirbhísí Tras-Eagraíochta an Doiciméid um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú an 18 Bealtaine, 2017. Tá dhá thionscadal ag teacht chun cinn as an straitéis:<br><br>• Déileálann Tionscadal 1 le comhairliúchán, forbairt agus seoladh d’Oifig agus Straitéis an Gharda Síochána um Chomhionannais, Éagsúlacht agus Cuimsiú san Ionad Oibre 2018 - 2022.<br>• Déileálann Tionscadal 2 le cur i bhfeidhm Straitéis an Gharda Síochána um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú san Ionad Oibre, 2018 - 2022. Tá sé seo fós le tosú.<br><br>Leanfaidh an Oifig um Chlaochlú Straitéiseach ar aghaidh leis an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn laistigh den MRP. Is tionscnamh do Phlean Póilíneachta 2018 é an táirgeadh de Straitéis Sheachtrach Éagsúlachta agus Cuimsiú an Gharda Síochána le dáta críochnaithe de dheireadh Q2. |

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **38b** Méadú a chur ar leibhéil sástachta maidir leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla suas go 72% agus an leibhéal sin a chothabháil don chuid eile de 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo<br><br>Tháinig méadú ó 69.3% go 70.9% ar líon na ndaoine a bhí sásta leis an tseirbhís a chuir An Garda Síochána ar fáil dá bpobal áitiúil idir 2015 agus 2017 faoi seach (ach níor baineadh amach an sprioc de 72%). |
| **38c** Méadú a chur ar chéatadán na ndaoine a bhraitheann go ndéileálann AGS le gach duine go cothrom, cuma cén cúlra atá acu. Bunlíne socraithe i 2017. | Baineadh amach an sprioc seo<br><br>Cuireadh ceisteanna a bhaineann leis an tionscnamh seo leis an Suirbhé um Dhearcadh an Phobail ag deireadh 2016. |
| **38d** Scóip an Suirbhé um Dhearcadh an Phobail a mhéadú ionas go bhféadtar daoine idir 16-18 bliana d'aois a chur san áireamh. | Baineadh amach an sprioc seo<br><br>Ó Eanáir 2017, rinneadh suirbhé ar dhaoine a bhí idir 16 agus 17 bliana d'aois. |
| **39** Scéim phíolótach ar thionscadal um Póilíní agus Rannpháirtíocht Phobail (PACE) i 6 Rannán Garda. | Níor baineadh amach an sprioc seo<br><br>D'fhonn cur chuige níos aonfhoirmí a áirithiú maidir le pobail a phóilíniú, rinneadh an tionscnamh PACE, dá dtagraítear sa Phlean Póilíneachta 2017, a chuimsiú i Straitéis Náisiúnta um Phóilíniú Pobail iomlánaíoch atá á fhorbairt faoi láthair faoin gClár um Nuachóiriú agus Athnuachan. Táthar ag súil go mbeidh an tionscnamh PACE agus a chomhpháirteanna ina gcuid lárnach den straitéis nua nuair a bheidh sé críochnaithe. Cuirfear an Creat um Póilíniú Pobail ar aghaidh tríd an bPlean Póilíneachta 2018. |
| **40** Athbhreithniú ar chláir scoileanna a chur i gcrích faoi Ráithe 3, 2017. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Chlár Scoileanna an Gharda Síochána i mí na Nollag tar éis dhá bhall foirne nua a dháileadh chuig Biúró um Rannpháirtíocht agus Sábháilteacht an Phobail. |
| **41** Céatadán na bhfreagróirí den Suirbhé um Dhearcadh an Phobail, a bhfuil ar an eolas faoi fheachtais, maidir le cosc ar choireacht arna reáchtáil ag An Garda Síochána, a mhéadú go 80%. Coinnithe ag an leibhéal sin i rith 2017. | Baineadh amach an sprioc seo<br><br>Tháinig méadú ó 78.4% go 82.5% ar líon na bhfreagróirí den Suirbhé um Dhearcadh an Phobail a bhí ar an eolas faoi fheachtais um chosc ar choireacht arna reáchtáil ag An Garda Síochána idir 2015 agus 2017 faoi seach (ag sárú an sprice de 80%). |

# Sábháilteacht Phobail - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **42** Lá um Chosc ar an gCoireacht a thionóil lá amháin ar a laghad in aghaidh na ráithe i ngach rannán. | Baineadh amach an sprioc seo<br><br>Reáchtáladh Lá amháin um Chosc ar an gCoireacht ar a laghad i ngach Rannán i 2017. I measc na bhFeachtas Náisiúnta um Chosc ar an gCoireacht a reáchtáladh i rith na bliana bhí:<br><br>• Feachtas Streetwise (críonna i gcúrsaí an tsaoil)<br>• Feachtas um Shlándáil Tí an tSamhraidh<br>• Feachtas chun tacú leis an tSábháilteacht Phobail<br>• Feachtas "Úsáid d'inchinn agus ní do Dhoirne"<br>• Feachtas um Chosc ar Bhuirgléireacht<br>• Feachtas um Shábháilteacht Phearsanta<br>• Feachtas um Chosc ar Choireacht Siopadóireachta ar-líne<br>• Feachtas chun tacú le Cosc ar Bhuirgléireacht Gheimhridh de chuid Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann. |
| **44** Príomh-Cheannfort ainmnithe le freastal ar gach cruinniú JPC. | Baineadh amach an sprioc seo<br><br>Tharla comhoibriú fairsing idir An Garda Síochána, Comhchoistí Póilíneachta (JPSanna) agus fóraim phóilíneachta áitiúla eile. D'fhreastail comhaltaí an Gharda Síochána ar 165 cruinniú JPC i gcaitheamh na bliana.<br><br>R1 - 43<br>R2 - 43<br>R3 - 37<br>R4 - 42 |

# SEIRBHÍSÍ TRASEAGRAÍOCHTA

**286**
ÚR
Feithiclí

**883**
GARDAÍ
dearbhaithe

**497,045**
GRINNFHIOSRÚCHAN
Iarratais Próiseáilte

"Déantar obair laethúil an Gharda Síochána i gcomhpháirt le, agus le cabhair ó raon mór seirbhísí tacaíochta. Déantar cur síos sa chuid seo ar obair na n-aonad seo, idir obair Na hOifige um Chlaochlú Straitéiseach a spreagann an Clár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana, agus obair Choláiste an Gharda Síochána maidir le hoiliúint earcach."

## An Oifig um Chlaochlú Straitéiseach

Bunaíodh an Oifig um Chlaochlú Straitéiseach, ar mol lárnach d'acmhainní sároilte é in 2015 chun an Clár Nuachóirithe agus Athnuachana (MRP) a mhaoirsiú, a bhainistiú agus a sheachadadh. Is clár mór oibre é an MRP a lámhseálfaidh cur i bhfeidhm céimnithe tionscadal éagsúla chun an Garda Síochána a athrú ó bhonn ó 2016 - 2021.

## Dul chun cinn in 2017

Tá seachadadh suntasach déanta ag an MRP in 2017. Leanann dul chun cinn a rinneadh i rith 2017 An Garda Síochána a stiúreadh sa treo ceart maidir fís fhoriomlán an chláir a bhaint amach agus maidir tacaíocht títhábhachtach a thabhairt d'fhoireann uile na heagraíochta. Tá an Fhoireann Cheannaireachta Sinsearach tar éis tionscadail MRP a athbhreithniú agus iad a chur in ord tosaíochta. Beidh an Gharda Síochána níos dírithe de bharr an bheartaithe tosaíochta maidir leis seo agus táthar ag súil go bhfeabhsóidh sé seo ráta seachadta na bpríomhthionscadal agus go laghdóidh sé an brú atá ann faoi láthair maidir le hEochairfheidhmeanna cumasúchain AD, oiliúna, cóiríochta agus airgeadais. Is léiriú é ceapachán an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, Straitéis agus Claochlaithe in 2017 ar thábhacht an MRP don eagraíocht agus ar ár dtiomantas chun a sheachadadh a chinntiú.

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## MÓRÉACHTAÍ MRP LE LINN 2017

Rinne an clár nuachóirithe agus athnuachana dul chun cinn suntasach in 2017.
**Seo thíos roinnt de na príomh rudaí a baineadh amach:**

### SOGHLUAISTEACHT
Seoladh scéim phíolótach i Luimneach, ag úsáid fón cliste agus app feithicle saincheaptha chun sonraí feithicle, stádas cánach agus rabhaidh feithicle a fheiceáil.

### PEMS2
Córas chun maoin agus foilseáinbainistiú agus a rianú in úsáid go náisiúnta.

### CÓD EITICÍ
Seoladh an tionscadal agus cóipeanna crua den Chód Eitice eisithe don fhoireann go léir.

### DPSU
Bunaíodh Aonaid Seirbhíse Cosanta na Roinne i 3 Roinn chun tacaíocht speisialaithe a sholáthar do na híospartaigh coireachta is leochailí.

### P.A.I.F.
Seoladh an Creat Feidhmíochta, Cuntasachta agus Foghlama, agus cuireadh tús le hoiliúint ar fud na tíre.

### INIÚCHADH CULTÚRTHA
Chuir baill aonair, foirne agus cúltaca an suirbhé Glac Pairt' i gcrích chun ár gcultúr eagraíochtúil a mheas.

### E.C.M.
Bainistíocht Chlár na Fiontraíochta córas nuachun ábhar a stóráil, ábhar a chruthú agus é a bhainistiú (lena n-áirítear comhaid agus tuarascálacha) curtha i bhfeidh i gCeantair an Mhuilinn gCearr, Bhaile Átha Luain agus an Náis.

### BAINISTÍOCHT RIOSCA
Cur chuige leasaithe maidir le bainistiú riosca seolt, ag tacú le cinnteoireacht ag gach leibhéal.

### eRC1
eRC1, leagan leictreonach den fhoirm pháipéir RC1 a úsáidtear chun a glaonna ar sheirbhís a thaifeadadh agus iad a uasghrádú, curtha i bhfeidhm sna 14 Rannán neamh-CAD ar fad.

### CAD1
CAD1 Curtha i bhfeidhm i Roinn Chiarraí, rud a ciallaíon go bhfuil Réigiún an Deiscirt go hiomlán ar an gCóras.

### ROCHTAIN GRÉASÁIN TUAITHE A FHEABHSÚ
Fuair níos mó ná 50 stáisiún breise rochtain ar PULSE.

### GoAML
Chuaigh bogearraí an Rialtais um Sciúradh Airgid a Chosc beo chun tacú le Biúró an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch maidir le hidirbhearta amhrasacha airgeadais a bhainistiú.

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána

In Márta 2017, cuireadh cur chuige leasaithe maidir le bainistíocht riosca i bhfeidhm faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana 2016-2021.

Faoin gcur chuige seo, tá sé de dhíth ar gach bainisteoir sinsearach (Céim Cheannfoirt agus os a chionn agus gráid shibhialta choibhéiseacha) a gcuid rioscaí a aithint agus iad a bhainistiú laistigh dá réimsí freagrachta ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, bíonn Bord um Rialú Beartas agus Rioscaí gníomh maidir lerioscaí corparáideacha a bhainistiú.

Tacaíonn cur cur i bhfeidh an chur chuige seo le ceanglas maidir le rialachas, cuntasacht agus trédhearcacht feabhsuithe sa Gharda Síochána. Éascaíonn úsáid cur chuige ó bhun aníonn gus ó bharr anuas le formhéadú ar rioscaí, nuair is gá, suas go leibhéal corparáideach.

Cinntíonn an Bord Rialachais Rioscaí agus Beartaisatá faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Riosca go ndéantar rioscaí corparáideacha a bhainistiú go héifeachtach, agus go mbíonn úinéirí riosca corparáideacha cuntasach de réir mar is gá. Deimhníonn an bord seo feidhmiú cuí an chur chuige bainistíochta riosca ar bhonn bliantúil don Choimisinéir. Le linn 2017, bhuail an bord seo le cheile sé huaire.

Thacaigh Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána le bainistíocht riosca a chomhtháthú le gníomhaíochtaí laethúla an Gharda Síochána trí oiliúint, seisiúin eolais, ceardlanna forbartha cláir riosca agus dearbhú cáilíochta a chur ar fáil.

Faoi dheireadh 2017, fuair níos mó ná 1,000 ball den Gharda Síochána oiliúint, seisiúin eolais nó ceardlanna forbartha ar bhainistiú riosca. Áirítear leis an bhfigiúr seo oiliúint ghairmiúil chomh-éascaithe leis an Institiúid Riaracháin Phoiblí, a cuireadh ar fáil do gach bainisteoir sinsearach i rith Ráithe 4 2016 agus Ráithí 1 agus 2 2017.

## Aonad Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (GPSU)

Is é príomhchúram an GPSU a chinntiú go n-aithnítear agus go ndéileáiltear le hábhair imní a bhfuil riosca ard acu maidir le dea-cháil na heagraíochta agus le muinín an phobail ar bhealach tráthúil, éifeachtúil agus éifeachtach.

In 2017, rinne GPSU dhá chigireacht roinne i Réigiún an Deiscirt agus an Iarthair. Ina theannta sin, rinneadh trí chomhscrúdú ar aonaid náisiúnta i gcomhar le Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána.

Foilsíodh tuarascálacha téamúla maidir leis an an Scéim um Rabhadh Aosach agus le hOifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Bhíréimsí le feabhsú i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta an Gharda Síochána aitheanta sna tuarascálacha téamacha seo.

Dfhorbair an GPSU togra don Choimisinéir maidir le tabhairt isteach an tSamhla dearbhaithe Bainistíochta (MAM) i R4 2017. Tá an bealach ina chabhródh an MAM le bainistíocht shinsearacha an Gharda Síochána maidir le saincheisteanna rialachais athfhillteach a shainaithint agus a láimhseáil leagtha amach sa togra. Táthar ag súil go gcuirfear an doiciméad togra deiridh faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána i lár Ráithe 2 2018.

Chun cur le MAM, d'fhorbair an GPSU próiseas iniúchta deimhnithe TF a ligeann do bhainistíocht áitiúil réimsí imní a eascraíonn ó mheasúnú riosca, sonraí eagrúcháin nó próisis áitiúla orthu a chigirtiú. Ligeann an próiseas cigireachta do ghníomhaíocht feabhais nó cheartaitheach a mholadh agus a chur chun feidhme.

I ndiaidh tréimhse tástála rathúil táthar ag súil go rachaidh feidhmchlár beo ar bhonn píolótach i sé Roinn go luath i Ráithe 2 2018.

I mí an Mhárta 2017, bhain an GPSU scór 712 (73%) amach do Cháilíocht a gCóras Bainistíochta agus bronnadh an Q Marc air ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, d'ainmnigh EIQA an GPSU do Ghradaim Náisiúnta Q Marc 2017 sa chatagóir 'Ar Tóir Feabhais'.

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## Seirbhís an Gharda Síochána um Iniúchóireacht Inmheánach (GIAS)

Rinne gnólacht chuntasaíochta agus comhairleoireacht bhainistíochta neamhspleách measúnú seachtrach ar GIAS i 2017 i gcoinne caighdeán iniúchóireachta gairmiúil. Sa tuarascáil dearbhaíodh go bhfuil GIAS ag cloí leis na caighdeáin ghairmiúla. Rinneadh moltaí sa tuarascáil freisin maidir le feabhsúcháin. De bhun na moltaí seo, chuir an GIAS roinnt beart i bhfeidhm:

- Méadaíodh líon na mball foirne sa GIAS ó 8 go 12 agus fuarthas ceadú chun líon na mball foirne a mhéadú go 16.
- Síníodh Cairt nua le Coimisinéir an Gharda Síochána.
- Tuairiscíonn Ceann an Iniúchta Inmheánaigh díreach chuig Coimisinéir an Gharda / Oifigeach Cuntasaíochta anois.
- Tugann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh miontuairiscí d'Fheidhmeannacht an Gharda Síochána ar bhonn ráithiúil.
- Glacadh le cur chuige ceannaireachta straitéisí a chinntíonn go bhfuil raon feidhme iomlán an tsainchúraim iniúchta á gcomhlíonadh agus go bhfuil tosaíocht á tabhairt do rioscaí straitéiseacha.

Leis na hathruithe seo, léirítear freisin na moltaí i dTuarascáil Choiste an Oireachtais maidir le Cuntais Phoiblí (Iúil 2017) maidir le rialuithe airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána.

Bhunaigh Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána Creat nua um Bainistíochta Riosca i mí Aibreáin 2017. Chuidigh sé seo le GIAS chun na rioscaí straitéiseacha a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le cliseadh de sheachadadh seirbhíse nó cliseadh eagraíochta a aithint.

## Gnóthaí Inmheánacha

### Araíonacht

Le linn 2017, in imscrúduithe araíonachta inmheánacha faoi Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007, aimsíodh go ndearnadh 145 ball sárú araíonacha. Fuair na baill seo meascán de smachtbhannaí airgid, rabhaidh, agus iomarduithe. B'ionann na pionóis airgid iomlána a forchuireadh ar chomhaltaí agus €59,880. Dífhostaíodh ball amháin den Gharda Síochána i rith 2017 faoi Alt 14 d'Acht an Gharda Síochána 2005. Ní bhaineann an figiúr seo le baill de Chúltaca an Gharda Síochána agus Gardaí Promhóra, a ndéileáiltear leo faoi Rialacháin an Gharda Síochána (Ceadúnais agus Ceapacháin) (Leasú) 2001/2006. Bhí 28 ball ar fad ar fionraí ag deireadh na bliana.

### Gearáin

Ó bunaíodh é i mí na Bealtaine 2007, is é Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) an t-aon údarás atá ann chun déileáil le gearáin a dhéanann baill an phobail i ndáil le baill den Gharda Síochána. Tá an GSOC freagrach freisin as imscrúdú a dhéanamh ar ábhair a dtarchuireann Coimisinéir an Gharda Síochána chuige , de réir Alt 102, Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, i gcás ina bhféadfadh iompar comhalta den Gharda Síochána a bheith ina chúis le bás nó dochar tromchúiseach do dhuine.

I rith na bliana, thug an GSOC fógra don Gharda Síochána maidir le 1,319 gearán a rinne baill an phobail i gcoinne Gardaí, a mheas an GSOC gur inghlactha iad le linn 2017. Díobh seo , chuir an GSOC 676 gearán ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána chun imscrúdú a dhéanamh orthu, de réir Alt 94, Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.

Tharchuir an Garda Síochána 24 teagmhas chuig Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, de réir Alt 102 den Acht.

### Feabhas a chur ar Sheirbhís do Chustaiméirí

Chun cuidiú le seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú, lean baill foirne ó Ghnóthaí Inmheánacha ar aghaidh ag tabhairt cur i láthair agus cuireadh chun cinn cúrsaí oiliúna le haghaidh céimeanna éagsúla ag Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána chomh maith le cúrsaí oiliúna Promhóra an Gharda Síochána, Céim III.

Ina theannta sin, le linn 2017 d'fhreastail foireann Gnóthaí Inmheánacha ar roinnt cruinnithe Bainistíochta Réigiúnaí agus Rannáin d'fhonn forbhreathnú a thabhairt ar na próisis gearáin agus smachta agus thug siad aghaidh ar go leor saincheisteanna a tháinig chun cinn ag an leibhéal Réigiúnach agus Rannáin.



# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## Athchóiriú Ceartais

In 2017, lean an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena dualgas faoi Chreat-Doiciméad 2015 Rialachais 2015 a chomhlíonadh.
Le linn 2017, rinne an dá pháirtí athbhreithniú ar an gCreat-Doiciméad seo agus aontaíodh agus síníodh doiciméad nua leasuithe i mí na Samhna. Tá an creat leathan rialachais agus freagrachta ina bhfeidhmíonn An Garda Síochána leagtha amach sa chomhaontú nua, Comhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorparáidigh idir an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus sainmhínítear príomhróil agus freagrachtaí a thacaíonn leis an gcaidreamh idir an Garda Síochána ar tháobh amháin agus an Roinn, an tAire agus an Rialtas ar an taobh eile.

### Cód Eitice

D'fhoilsigh an tÚdarás Póilíneachta an Cód Eitice in Eanáir 2016. Tá na prionsabail threoracha ar a ngníomhaíonn gach ball foirne sa Gharda Síochána ag gach leibhéal den eagraíocht leagtha amach sa chód.

Tar éis a fhoilsithe, bhunaigh An Garda Síochána coiste stiúrtha chun an Cód a chur i bhfeidhm go cuimsitheach ar fud na heagraíochta. Stiúrann Coimisinéir Cúnta an coiste stiúrtha agus cuimsíonn sé ionadaithe ó rannóga éagsúla den Gharda Síochána, le tacaíocht ó ghrúpa comhairleach saineolaithe eitice inmheánacha ar a bhfuil céimithe agus mic léinn MA Eitice agus cáilíochtaí eitice eile. Ina theannta sin, d'fhostaigh an coiste stiúrtha saineolaithe eitice seachtracha trí phróiseas tairisceana chun cuidiú le a bhaineann gníomhaíochtaí eitice leo.

I rith 2017, rinne an Coiste Stiúrtha nuashonrú ar Shamhail Cinnteoireachta an Gharda Síochána agus chuir sé an Cód Eitice ina chroílár, d'fhorbair sé dréacht-Straitéis Eitice, dréacht-Straitéis Cumarsáide, agus clár oiliúna chun plé eiticiúil a éascú ar fud an Gharda Síochána. Chinntigh Coláiste an Gharda go ndearnadh an Cód Eitice a chomhtháthú le hoiliúnt mac léinn agus leis na cláir ar fad a sholáthraítear don eagraíocht.

Thosaigh an Coiste ar an gCód Eitice a scaipeadh trí oiliúint eitice a éascú don fhoireann cheannaireachta shinsearach agus trí roinnt seoltaí réigiúnacha a éascú faoi stiúir Coimisinéirí Cúnta agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin. Scaipeadh an Cód Eitice ar fud na heagraíochta agus chuir bainistíocht réamhchruinnithe feasachta eitice ar fáil i ngach Roinn agus Rannóg ar bhonn náisiúnta. D'ainmnigh gach Roinn teagascóirí eitice agus éascóidh na daoine seo ceardlanna eitice i gcomhar le teagascóirí Forbartha Ghairmiúla Leanúnaí (CPD) do bhaill an Gharda Síochána ar bhonn náisiúnta i rith 2018.

Thuairiscigh an Garda Síochána go rialta do Choiste Cód Eitice an Údaráis Póilíneachta i gcaitheamh na bliana.

### Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta

Lean Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta le soláthar faisnéise agus doiciméadú don Údarás a bainistiú agus rinne sé teagmháil leo mar ullmhúchán do chruinnithe leis an gCoimisinéir agus le rannóga eile an Gharda Síochána.

Fuair an Oifig Idirchaidrimh 154 Iarratas Cláir Ghnímh ón Údarás Póilíneachta in 2017 a chuimsigh gníomhartha ó chruinnithe agus iarratais fhoirmiúla ar thart ar 300 píosa faisnéise/doiciméadú.

Bhunaigh an tÚdarás Póilíneachta Coiste Forbartha Eagraíocht an Gharda Síochána in 2017, i dteannta na gCoistí a bunaíodh roimhe seo in 2016. D'fhreastail ionadaithe an Gharda Síochána ar thart ar 31 cruinniú thar ceithre Choiste. Bhí 11 cruinniú ag an Údarás Póilíneachta san iomlán leis an gCoimisinéir, agus bhí cead ag an bpobal freastal ar cúigear cinn acu.

Shocraigh Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Póilíneachta thart ar 70 cruinniú breise idir ionadaithe an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta in 2017, chomh maith leis na cinn a reáchtáladh go míosúil, agus thart ar 26 cuairt ón Údarás agus ón bhFeidhmeannach ar stáisiúin na nGardaí agus rannóga speisialaithe ar fud na tíre.

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Bainistíocht Fuinnimh

**€17m** Iomlán coigilt ar chostas fuinnimh ó 2009.

**21.5%** Coigilt le laghdú de 6.568 tonnes sa lorg carbóin.

Tá sé seo níos éifeachtaí ná an bhonnlíne i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí de 33% faoi 2020. Ba í an Fhoireann Bainistíochta Fuinnimh agus Saoráide an buaiteoir de Thionscadal Soláthair Ghlais na Bliana ag na Dámhachtainí um Sholáthar 2017 agus bhí sí ina craobhiomaitheoir den ÚFIÉ um Earnáil Phoiblí 2017 don dara bliain as a chéile. Cuireann sé seo lenár rath mar bhuaiteoirí de Thionscadal Bainistíochta Saoráidí na Bliana um Earnáil Phoiblí don bhliain 2017 le haghaidh Ceanncheathrú agus Stáisiún an Gharda Síochána, agus den Tionscadal Náisiúnta Glas um Sholáthar agus Slabhra Soláthair 2016, craobhiomaitheoir den ÚFIÉ um Earnáil Phoiblí 2016 agus craobhiomaitheoir de Dhámhachtainí Glasa na hEarnála Poiblí 2016. Tar éis Deimhniú Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a bhaint amach do Cheanncheathrú agus Flít an Gharda Síochána in 2016, agus i mí na Nollag 2017, ba í Coláiste an Gharda Síochána ceann de na chéad choláistí póilíneachta a bhain an Deimhniú ISO50001 amach.

## Soláthar

I 2017, lean an Rannóg Soláthair ar aghaidh le gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm de réir a príomhchuspóirí i gcomhréir leis na tiomantais faoin bPlean Soláthair Chorparáidigh 2016-2018.

I 2017, ar an iomlán:

- 29 Tairiscintí a d'fhoilsigh An Garda Síochána (7 Iris AE agus 22 ríomhthairiscint).
- 25 Conarthaí a Bronnadh (7 Iris AE agus 22 ríomhthairiscint).
- 8 Conarthaí a bhronn an Garda Síochána tar éis Creata an OGPa bhunú.
- 2 Conarthaí a bhronn an Garda Síochána in 2017 i ndiaidh cleachtadh soláthair 2016/17 (1 Iris AE & 1 ríomhthairiscint).
- 6 Tairiscintí a d'fhoilsigh an OGP ina raibh an Garda Síochána mar chuid den Fhoireann Foinsithe.

Ina theannta sin, phróiseáil Soláthar an Gharda Síochána:

- 58 - tairiscint fhacsáilte
- 50 - síneadh / athnuachan conartha
- 49 - forlíontán conartha

### An úsáid is fearr a bhaint as forbairtí TFC

I 2017, d'fhonn córais riaracháin Stáisiúin a fhorbairt agus a fheabhsú, leathnaíodh an córas ordú culaithe ar líne chun orduithe le haghaidh na leabhar stáisiúin éagsúla a chumhdach, mar shampla, A62 Turasleabhair Feithicle, Irisí Cigireachta, Leabhair Clárúcháin Bhannaí, Leabhair Taifid Choimeádta.

## Bainistíocht Eastáit

### Stáisiúin an Gharda Síochána, Sráid Chaoimhín, Loch Garman agus Gaillimh

Tar éis oibreacha tógála a tosaíodh i 2015, lean an dul chun cinn ar aghaidh i rith 2017 maidir le forbairt de Stáisiúin Cheanncheathrú Rannáin nua ar Shráid Chaoimhín agus i Loch Garman, agus forbairt de Stáisiún Ceanncheathrú Réigiúnach / Rannáin nua i nGaillimh. Críochnaíodh Stáisiún nua na nGardaí i Loch Garman agus cuireadh ar aghaidh chuig an nGarda Síochána i Meán Fómhair 2017.

Is nuachóiriú mór iad na tionscadail seo ar bhonneagar an Gharda Síochána agus leis na saoráidí nua seo, soláthrófar don Gharda Síochána:

- saoráidí oifige agus bainistíochta teagmhais níos fearr
- spásanna cuí chun freastal ar bhaill an phobail (lena n-áirítear saoráidí chun tacú le híospartaigh na coireachta)
- saoráidí tiomnaithe do bhainistíocht choimeádta, lena gcuirtear feabhas ar chumas an Gharda Síochána chun coinneáil shábháilte agus shlán a sholáthar
- saoráidí oiliúna feabhsaithe do bhaill
- saoráidí stórála le haghaidh earraí maoine agus fianaise a thagann i seilbh an Gharda Síochána
- saoráidí leasa oiriúnacha do bhaill agus d'fhoireann an Gharda Síochána.

Táthar ag súil go mbeidh na Stáisiúin nua ag Sráid Chaoimhnín agus i nGaillimh críochnaithe agus curtha ar aghaidh chuig An Garda Síochána sa chéad leath de 2018.

I dteannta na nithe thuasluaite, cuireadh tús le tionscadail shuntasacha ag Stáisiúin na nGardaí i dTrá Lí agus ar Shráid Henry. Sa tionscadal ag Stáisiún na nGardaí Thrá Lí, tugtar aghaidh ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta agus cuirtear feabhas ar spás oibre le haghaidh aonad oibríochtúla, agus sa tionscadal ag Stáisiún na nGardaí Shráid Anraí soláthraítear svít bhainistíochta coimeádta le haghaidh an Rannán Luimnigh. Críochnófar an dá thionscadal seo sa chéad leath de 2018.

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## Bainistíocht Fhlít

Faoi Phlean Caipitil an Rialtais 2016 - 2021, infheisteofar € 46 milliún i bhflít nua-aimseartha, éifeachtach agus oiriúnach don fheidhm don Gharda Síochána thar shaolré an phlean.


I 2017, coimisiúnaíodh 286 feithicil d'fhonn a chinntiú go bhfuil na Gardaí soghluaiste, infheicthe agus freagrúil ar na bóithre agus sa phobal chun coireacht a chosc agus chun dul i ngleic léi.

## Sonraí faoin flít 2017

| | Gluaisteáin | Veaineanna | Gluaisrothair | 4x4 | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Feithiclí a leithdháileadh i 2017** | 204 | 42 | 2 | 11 | 27 | **286** |
| **Feithiclí a díchoimisiúnaíodh i 2017** | 230 | 61 | 20 | 19 | 17 | **347** |
| **Flít an Gharda Síochána amhail 31/12/2017** | 1978 | 459 | 125 | 99 | 118 | **2779** |


### Próifíl Aoise Fhlít an Gharda Síochána amhail 31/12/2017

| | Gluaisteáin | Veaineanna | Gluaisrothair | 4x4 | Eile | Iomlán | % den iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | 1,978 | 459 | 125 | 99 | 118 | **2,779** | **100%** |
| **< 1 bhliain** | 197 | 37 | 0 | 11 | 18 | **263** | **9%** |
| **1 - 2 bliana** | 312 | 136 | 35 | 31 | 39 | **553** | **20%** |
| **2 - 4 bliana** | 747 | 85 | 48 | 8 | 26 | **914** | **33%** |
| **4 - 6 bliana** | 275 | 105 | 5 | 2 | 4 | **391** | **14%** |
| **> 6 bhliain** | 447 | 96 | 37 | 47 | 31 | **658** | **24%** |




| | | |
|---|---|---|
| < 1 bhliain | 263 | 9.5% |
| 1-2 bliana | 553 | 19.9% |
| 2-4 bliana | 914 | 32.9% |
| 4-6 bliana | 391 | 14.1% |
| > 6 bhliain | 658 | 23.7% |
| **Iomlán** | **2,779** | **100.0%** |

**Méid FHLÍT 2004/2017:** Láidreacht an fhlít 2004-2017+ 36%



# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Leibhéal Foirne amhail 31 Nollaig 2017

| Amhail an 31 Nollaig 2017 | |
|---|---|
| Comhaltaí faoi bhrí mionna | 13551 |
| Baill Foirne Shibhialtacha | 2191.654 (Coibhéis am oibre) |
| Cúltaca | 589 |

## Comórtais do Shibhialtaigh

Rinne an tAonad Tacaíochta Comórtais na comórtais inmheánacha seo a leanas do bhaill shibhialtacha i 2017.

Comórtais le haghaidh Ardú Céime go:

- Príomhoifigeach
- Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (AOF) agus Anailísí Córais AOF agus
- Comórtas Cliathánach go hOifigeach Cléireachais le Liúntas san Oifig um Cumarsáid Corparáideach agus san Aonad um Sheirbhísí Corparáideacha

Cuireadh agallamh ar 159 iarrthóir agus d'éirigh le 53 iarrthóir ceapachán a bhaint amach sna trí chomórtas, rud a bhí mar chúis le 28 ardú céime ar an iomlán i 2017.

## Earcaíocht Shibhialtach

Le cinneadh an Rialtais i mí Iúil 2016, formheasadh fís fhoriomlán d'fhórsa saothair an Gharda chun neart na seirbhíse a mhéadú go 15,000 ball den Gharda Síochána, 4,000 ball foirne sibhialtach agus 2,000 Garda Cúltaca faoi 2021. Cuireadh €8m ar fáil i mBuiséad Pá an Gharda Síochána 2017 chun 500 ball foirne sibhialtach a earcú i 2017 agus tá an eagraíocht ag obair go dlúth leis an Údarás Póilíneachta, leis na Ranna Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chomh maith leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun an fhís seo a fhíorú.

Earcaíodh 326 foireann sibhialtach i 2017 le 190 de na róil sin aislíonta chun daoine a d'imigh ar scor, aistrithe, ardaithe céime sa státseirbhís i gcoitinne a chur san áireamh, agus daoine ag éirí as.

### Baill Foirne Shibhialtacha Bhreise a earcaíodh de réir gráid do 2017

| Post | Líon earcaithe |
|---|---|
| OC | 238 |
| OF | 44 |
| AOF | 16 |
| PC | 6 |
| PO | 1 |
| Eile | 21 |
| Iomlán | 326 |

I 2017, líonadh roinnt post sibhialtach san Fhoireann Cheannaireachta Sinsearaí lena n-áirítear:

- Príomh-Oifigeach Leighis - An Dr Oghenovo Oghuvbu
- Stiúrthóir Straitéise agus Bainistíochta Athraithe - An tUasal David Gilbride
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin Dlí agus Comhlíonta - An tUasal Kate Mulkerrins.



*Foireann Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce, Cé an Bhúrcaigh.*

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## Scor Sibhialtach 01/01/2017 - 31/12/2017

| 2017 | POL | Cuntasóir | Altra | AOF | OF | OC | Glantóir | Freastalaí seirbhíse | Maor tráchta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aois | 1 | 1 | | | 4 | 14 | 3 | | 2 | 25 |
| Éigeantach | | | 1 | | | 4 | 7 | 1 | | 13 |
| SLCN* | | | | | | | 2 | | | 2 |
| Drochshláinte | | | | 2 | 1 | 6 | 2 | | | 11 |
| Iomlán | 1 | 1 | 1 | 2 | 5 | 24 | 14 | 1 | 2 | 51 |

**SLCN - Scéim Luathscoir Costas Neodrach.*

## Scoir Ghardaí 2017 01/01/2017 - 31/12/2017

| 2016 | Coimisinéir | Leas-Choimisinéir | Coimisinéir Cúnta | Ard-Cheannfort | Ceannfort | Cigire | Sáirsint | Garda | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deonach | 1 | 0 | 0 | 3 | 6 | 18 | 52 | 92 | 172 |
| Éigeantach | 0 | 0 | 3 | 3 | 5 | 2 | 16 | 24 | 53 |
| CNER | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| Iomlán | 1 | 0 | 3 | 6 | 11 | 20 | 69 | 116 | 226 |

## Tionscnaimh a Thacaíonn le Teaghlaigh le haghaidh comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann shibhialtach an Gharda Síochána

Is é seo a leanas miondealú ar na staitisticí maidir le tionscnaimh a thacaíonn le teaghlaigh i 2016 agus 2017.

### Saoire do Thuismitheoirí

Is teidlíocht reachtúil é Saoire do Thuismitheoirí a ligeann do thuismitheoir saoire gan phá a bheith aige nó aici ar feadh 18 seachtain oibre chun aire a thabhairt dá leanbh. Ní mór Saoire do Thuismitheoirí a thógáil sula sroicheann an leanbh 13 bliana d'aois (16 bliana i gcás linbh faoi mhíchumas).

Léiríonn na huimhreacha gach iarratas ceadaithe a fuarthas ó na hOifigí Rannáin. Mar sin féin, níor glacadh leis na hiarratais go léir agus bhí sé seo mar gheall ar shaoire bhreoiteachta, den chuid is mó. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin gur féidir le roinnt oifigeach iarratais iomadúla a chur isteach ar shaoire do thuismitheoirí sa bhliain.

| Baill foirne shibhialtach | Iarratais phróiseáilte | Iarratais cheadaithe | Iarratais ghlactha | Líon na foirne a chuir iarratais isteach |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | 396 | 46 | 350 | 186 |
| 2017 | 424 | 55 | 369 | 220 |

| Baill an Gharda Síochána | Iarratais phróiseáilte | Iarratais cheadaithe | Iarratais ghlactha | Líon na mball a rinne iarratais |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | 664 | 112 | 552 | 338 |
| 2017 | 711 | 124 | 587 | 350 |

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Comhroinnt Oibre

Is scéim í Comhroinnt Oibre a cheadaíonn d'oifigeach leas a bhaint as patrún tinrimh seachas tinrimh lánaimseartha. Tá sé deartha chun baill foirne a éascú freastal ar an obair agus ar a dtiomantais teaghlaigh agus ar spriocanna pearsanta araon.

| Baill foirne shibhialtach | Iarratais a fuarthas | Iarratais le tosú | Iarratais chun dul ar ais go lánaimseartha | Líon na mBall Foirne i mbun Comhroinnt Oibre amhail 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | 54 | 16 | 21 | 341 |
| 2017 | 88 | 48 | 27 | 344 |

Garda members can only avail of a 50% work-sharing pattern.

| Baill an Gharda Síochána | Iarratais a fuarthas | Iarratais le tosú | Iarratais chun dul ar ais go lánaimseartha | Líon W/S faoin 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | 25 | 16 | 9 | 92 |
| 2017 | 35 | 25 | 10 | 107 |

## Sos Gairme

Leis an scéim Sos Gairme, foráiltear go bhféadfar saoire speisialta a thabhairt d'oifigigh gan íoc ar feadh tréimhse nach lú ná 6 mhí agus nach faide ná 5 bliana.

| Baill foirne shibhialtach | Iarratais nua a ceadaíodh | Líon na síntí | A tháinig ar Ais/ Ar Éirigh as/ Ar Imigh ar Scor | Líon na mBall Foirne ar Shos Gairme amhail 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | 10 | 13 | 11 | 36 |
| 2017 | 7 | 13 | 14 | 29 |

| Baill an Gharda Síochána | Iarratais nua a ceadaíodh | Líon na síntí | A tháinig ar Ais/ Ar Éirigh as | Líon na mBall Foirne ar Shos Gairme amhail 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | 24 | 5 | 9 | 29 |
| 2017 | 48 | 15 | 14 | 63 |

## Sos Gairme Dreasaithe

An 7 Márta 2014, fógraíodh Sos Gairme Dreasaithe de thrí bliana do bhaill den Gharda Síochána. Bhí sé seo faoi théarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington 2013 - 2016. Tugadh isteach an scéim mar scéim aonuaire.

Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí 98 ball den Gharda Síochána ar Shos Gairme Dreasaithe.



# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

### Saoire Atharthachta

Tháinig an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2016 i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016. Leis seo, tugtar teidlíocht do thuismitheoir ábhartha chun tréimhse amháin de 14 lá de Shaoire Atharthachta atá le tosú laistigh de 26 seachtaine ó bhreith an linbh. Chuir baill an Gharda Síochána 553 iarratas isteach agus bhí 7 n-iarratas ó bhaill foirne sibhialtacha amhail 31 Nollaig 2017.




### Scéim um Bhliain Oibre níos Giorra

Tá an scéim um Bhliain Oibre Níos Giorra in ionad na sean-scéime um Am Téarma.

Ceadaítear d'Oifigigh iarratas a dhéanamh ar shaoire speisialta *gan phá* ar feadh tréimhse leanúnach amháin nó níos mó de 2, 4, 6, 8, 10 nó 13 seachtain ag am ar bith i gcaitheamh na bliana. Féadfar iarratas a chur isteach ar uasmhéid de 3 thréimhse arb ionann agus 13 seachtaine ar an iomlán.

| Baill foirne shibhialtach | Iarratais a fuarthas | Iarratais a diúltaíodh | Iarratais a bronnadh | Iarratais a tarraingíodh siar | Líon na mball foirne a bhain leas as SBOG |
|---|---|---|---|---|---|
| 2016 | 371 | 6 | 365 | 26 | 339 |
| 2017 | 412 | 1 | 411 | 25 | 386 |

**Fógraíodh an Scéim um Bhliain Oibre níos Giorra do bhaill foirne sibhialtacha do 2018 i Meán Fómhair, 2017. B'ionann líon na n-iarratas a fuarthas agus 395.**

| Baill an Gharda Síochána | Iarratais Próiseáilte | Líon na mball foirne a bhain leas as SBOG |
|---|---|---|
| 2016 | 148 | 138 |
| 2017 | 173 | 164 |

**Fógraíodh an Scéim um Bhliain Oibre níos Giorra do bhaill an Gharda Síochána do 2018 i Meán Fómhair, 2017. B'ionann líon na n-iarratas a fuarthas agus 223.**

### Saoire Chúramóirí

Is teidlíocht reachtúil é Saoire Chúramóirí a ligeann d'oifigigh saoire shealadach gan phá ghlacadh ionas go mbeidís ábalta go pearsanta cúram agus aire lánaimseartha a sholáthar do dhuine a bhfuil cúram den sórt sin de dhíth orthu.

| Baill foirne shibhialtach | Iarratais Próiseáilte | Líon na mball ag fáil Saoire Cúramóir ar 31 Nollaig |
|---|---|---|
| 2016 | 10 | 7 |
| 2017 | 18 | 5 |

| Baill an Gharda Síochána | Iarratais Próiseáilte | Líon na mball ag fáil Saoire Cúramóir ar 31 Nollaig |
|---|---|---|
| 2016 | 11 | 5 |
| 2017 | 11 | 5 |

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Iarratais VDU

Tá Baill Foirne Shibhialtacha i dteideal tástáil súl nuair a bhíonn orthu úsáid leathnaithe a bhaint as VDU dá gcuid dualgas. Féadtar tástáil a bheith ag baill foirne faoi bhun 40 bliain d'aois gach 5 bliana, agus féadtar tástáil súl a bheith ag baill foirne os cionn 40 bliain gach 2 bhliain.

B'ionann líon na n-iarratas VDU a próiseáladh i 2016 agus 123.

B'ionann líon na n-iarratas VDU a próiseáladh i 2017 agus 119.

## Alt um Asláithreacht Bhreoiteachta do Ghardaí agus Sibhialtaigh

Leanadh leis na Rialacháin um Shaoire Breoiteachta don tSeirbhís Phoiblí mar atá leagtha amach in IR 124 de 2014 agus IR 384 de 2015 á gcur i bhfeidhm le linn 2017.

Tá an t-athbhreithniú ar na socruithe riaracháin nua mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) beagnach críochnaithe agus tá ionadaíocht fós á déanamh don eagraíocht seo agus tá sí fós ag gabháil leis an bpróiseas seo.

Sna táblaí thíos, léirítear miondealú agus comparáid idir líon na laethanta a cailleadh i rith 2017 maidir le bhaill shibhialtacha agus baill na nGardaí araon.

## Staitisticí um Shaoire Breoiteachta 2017 Comhaltaí faoi bhrí mionna Amháin

| Líon na laethanta a cailleadh de bharr Gnáth-Bhreoiteacht | % athrú bliain ar bhliain Gnáth-Bhreoiteacht | Líon na laethanta a cailleadh de bharr Gortú Ar Dhualgas | % athrú bliain ar bhliain - Gortú Ar Dhualgas | Méid iomlán na laethanta a taifeadadh | % athrú bliain ar bhliain - Méid iomlán na laethanta a taifeadadh | Meánmhéid na laethanta saoire breoiteachta in aghaidh an duine | % athrú bliain ar bhliain - Meánmhéid na laethanta saoire breoiteachta in aghaidh an duine |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 122,242 | 7.4% | 54,317.5 | 8.2% | 176,559.5 | 7.6% | 13.3 | 4.2% |

## Staitisticí um Shaoire Breoiteachta 2017 Baill Shibhialtacha amháin

| Méid iomlán na laethanta a taifeadadh* | % athrú bliain ar bhliain | Meánmhéid na laethanta saoire breoiteachta in aghaidh an duine | % athrú bliain ar bhliain de mheánmhéid na laethanta saoire breoiteachta in aghaidh an duine |
|---|---|---|---|
| 26,054 | 1.3% | 11.88 | -4.27% |

### Aitheantas as sheirbhís

Ag searmanas dámhachtainí Bhonn Scott a tionóladh i mí na Nollag, bhronn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Coimisinéir an Gharda Síochána 17 Bonn Scott agus 17 ardmholadh ar bhaill den Gharda Síochána. I measc na ndaoine a ndearnadh ómós orthu, bhí Garda Anthony Golden (RIP) a fuair bonn óir as an misneach agus cróga eisceachtúil a thaispeáin sé chun íospartach de mhí-úsáid a chosaint i gContae Lú i nDeireadh Fómhair 2015.

Fuarthas 23 ainmniúchán do Mhír Ghaile ó Chomhairle na Míre Gaile i 2017. Fuair triúr Gardaí agus 22 ball den phobal dámhachtain. Bronnadh gradaim le haghaidh ainmniúcháin a fuarthas i 2014, 2015, 2016 agus 2017.

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Clár Meantóireachta, Toilteanach & Ábalta (WAM)

Féachann an Clár WAM do na bacainní móra, fíor nó braite, a aithint chun céimithe faoi mhíchumas a chuimsiú sa lucht oibre príomhshrutha.

Leis an gClár WAM tugtar an deis do chéimithe faoi mhíchumas taithí oibre a fháil. Tá meantóireacht bunúsach i gcur chuige WAM agus tá sé ríthábhachtach dá rath.

Go dtí seo, d'éascaigh an Garda Síochána ocht gcéimí ar an gclár seo agus leanfaidh sé ar aghaidh le páirt a ghlacadh sa chlár sa todhchaí toisc go bhfuil sé fiúntach agus tairbheach do gach duine lena mbaineann.

## An Lá um Thionscnamh Scáthfhoghlama

Tá Cumann na hÉireann d'Fhostaíocht faoi Thacaíocht den tuairim gur chóir do gach duine taithí a fháil ar dhínit agus ar chuspóir post. Is tionscnamh náisiúnta é an Lá Scáthfhoghlama a thugann daoine faoi mhíchumas agus fostóirí áitiúla le chéile chun béim a chur ar an rannchuidiú luachmhar a fhéadfaidh daoine faoi mhíchumas a thabhairt agus a dhéanamh ag an obair. Tá páirt glactha ag an nGarda Síochána sa tionscnamh seo le naoi mbliana anuas.

Bhí níos mó ná 30 suíomh de chuid an Gharda Síochána ar fud na tíre páirteach sa tionscnamh i 2017. Cuireadh fáilte roimh na rannpháirtithe uile i ngach stáisiún / oifig agus tugadh léargas iontach dóibh ar an obair laethúil a ndéantar laistigh den Gharda Síochána.

## Comórtais

B'ionann líon iomlán na gcomórtas a osclaíodh i rith 2017 agus 186. Nuair a áirítear comórtais a thugtar ar aghaidh ó na blianta roimhe sin, b'ionann líon iomlán na gcomórtas a ndéileáil Oifig na gComórtas leo in 2017 agus 260. Fuarthas breis is 4,300 iarratas ar chomórtais náisiúnta, réigiúnacha, rannáin agus dúiche agus éiríodh le 475 iarratas.

In 2017, fógraíodh comórtais ardú céime le haghaidh na céime de Sháirsint agus de Chigire agus tá siad fós ar bun. Fuarthas iarratais ó 1,508 ball ó chéim an Gharda agus fuarthas 462 iarratas ó bhaill den chéim Sáirsint.

## Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe

Fuair an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe 358 glaonna i rith na bliana agus reáchtáladh 1,354 seisiúin comhairliúcháin.

I mí na Samhna 2017, seoladh comórtas le haghaidh seachtar oifigeach Cúnta Fostaíochta breise sa Gharda Síochána. Leis na baill foirne nua seo beidh 16 baill foirne ar an iomlán san aonad. Leis an bhfoireann bhreise, beidh na hoifigigh um Chúnamh d'Fhostaithe ábalta páirt níos mó a ghlacadh ina réigiúin ábhartha agus i seachadadh de chláir réamhghníomhacha agus freagracha um shláinte agus folláine tríd an eagraíocht.

Tá baint ag an tSeirbhís um Chúnamh d'Fhostaithe chomh maith leis an mbunú de Thionscnamh Meabhairsláinte agus Folláine an Gharda Síochána 2016 - 2018.

## Cúltaca an Gharda Síochána

Tá Cúltaca an Gharda Síochána comhdhéanta de chomhaltaí neamhíoctha deonacha ón bpobal chun cuidiú leis an tseirbhís atá ann faoi láthair. Tagann Gardaí Cúltaca ó cúlraí difriúla agus éagsúla. Tá ionadaíocht ag roinnt náisiúntacht éagsúil laistigh den Chúltaca lena n-áirítear Iaránaigh, Polannaigh, Nigéaraigh, Iodálaigh, Liotuánaigh, Albánaigh, Indiaigh agus Sínigh.

Reáchtáladh feachtas earcaíochta chun páirt a ghlacadh i gCúltaca an Gharda Síochána i Márta-Aibreán 2017 agus bhí os cionn 2,000 iarratasóir ann. Leanadh leis an bpróiseas earcaíochta seo i 2018.

I 2017, bhí ionadaíocht ag Cúltaca an Gharda Síochána ar aontaí gairmeacha, Féile Bloom agus ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

## Oifig Thar Lear

Tá an Oifig Thar Lear freagrach as comhaltaí seirbhíse den Gharda Síochána a imscaradh ar iasacht chuig na Náisiúin Aontaithe, an Aontas Eorpach agus ESCE (an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip) maidir le dualgais shíochánaíochta thar lear, i gcomhpháirt leis an Ranna Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Gnóthaí Eachtracha & Trádála.

Roghnaítear comhaltaí le haghaidh dualgais dá leithéid agus cuirtear oiliúint chuí ar na baill roghnaithe roimh an imscaradh. Tá 20 pearsanra imscartha ag an nGarda Síochána ar dhleacht thar lear.

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

### Misean Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe sa Chipir

Tá 12 pearsanra ón nGarda Síochána imscartha don misean UNFICYP sa Chipir. D'úsáid siad a gcuid scileanna cumarsáide den scoth chun meas agus muinín na bpobail ar Oileán na Cipire a thuilleamh. Leanann na Gardaí ar aghaidh ag tabhairt rannchuidithe an-luachmhar don phróiseas síochána leanúnach sa Chipir.

### Misean EULEX sa Chosaiv


Tá ochtar pearsanra ón nGarda Síochána imscartha don misean EULEX sa Chosaiv. Tá siad sannta don Aonad Imscrúdaithe um Coireacht Eagraithe (OCIU), le hOifig Faisnéise Coiriúla an Aontais Eorpaigh (EUOCI) agus an tAonad Imscrúdaithe um Choireanna Cogaidh (WCIU). Léirigh an pearsanra scileanna imscrúdaithe den scoth, gairmiúlacht, díograis agus tiomantas, agus tá an-mheas ar a ceannaireacht shinsearach sa mhisean EULEX.

## Sláinte & Sábháilteacht

### Díobhálacha Ceirde

I 2017, d'fhulaing 645 duine díobháil cheirde, laghdú de 7% ar an mbliain roimhe sin.

Díobhálacha Ceirde 2017




Oiliúint a d'éascaigh Aonad Sláinte agus Sábháilteachta an Gharda Síochána:

- Cuireadh oiliúint ar 269 Ionadaí Sábháilteachta
- Cuireah oiliúint ar 84 Maor Dóiteáin
- Cuireadh oiliúint ar 330 pearsanra i láimhseáil láimhe

Rinne Aonad Sláinte agus Sábháilteachta an Gharda Síochána athbhreithniú ar theimpléad an Ráitis Sábháilteachta agus rinne sé é seo níos éasca le húsáid agus níos idirghníomhaigh.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Is é béim na hOifige Comhionannais, Éagsúlachta & Cuimsithe ná comhionannas a chur chun cinn agus deireadh a chur le hidirdhealú in ionad oibre an Gharda Síochána. Bíonn an oifig i dteagmháil le gníomhaireachtaí stáit eile agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le dea-chleachtas sna réimsí seo a fhorbairt.

Le linn 2017, tharla rud stairiúil nuair a mháirseáil roinnt ball den Gharda Síochána i bParáid Mhórtais Bhéal Feirste le tacaíocht ón Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Ba é seo an chéad uair a mháirseáil baill den Gharda Síochána i gculaith i dTuaisceart Éireann in éineacht lena gcomhghleacaithe ón SPTÉ. Shocraigh sé an bealach chomh maith le haghaidh comhoibriú idir an Garda Síochána agus an SPTÉ sa todhchaí i dtéarmaí comhionannais, éagsúlacht agus cuimsithe.

## Caidrimh Fostaithe

I ndiaidh an ghnímh thionsclaíoch a tharla ag deireadh 2016 agus moltaí na Cúirte Oibreachais ina dhiaidh sin, thug an Rialtas gealltanas chun rochtain a thabhairt don Gharda Síochána ar mheicníochtaí caidrimh thionscail sa Stát. Chun é seo a éascú, bunaíodh meitheal faoi chathaoirleacht an Uasal John Murphy, Ard-Rúnaí ar scor, ina mbeidh oifigigh ó na Ranna Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe, Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht agus bainistíocht an Gharda Síochána air.

Tá an mheitheal ag scrúdú an cheist thar dhá chéim.

I gCéim a hAon rinneadh scrúdú agus chuir sí moltaí ar fáil maidir le:

1. Rochtain ar an WRC agus ar an gCúirt Oibreachais.
2. Stádas Ceardchumainn na gCumann.
3. Gníomh Tionscail.
4. Cinneadh pá.

Cuireadh an tuarascáil seo i láthair an Rialtais agus ghlac sé leis i mí Meán Fómhair 2017.

Tá an Meitheal ag déanamh dul chun cinn anois ar chéim a dó den phróiseas agus tá sí i gcomhairle le Cumainn an Gharda Síochána chun scrúdú á dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le Réiteach Díospóide Inmheánach.

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Monatóireacht Phromhóra

In Eanáir 2017, athbhunaíodh an Oifig Monatóireachta Promhóra.. Áirítear le ról agus feidhm na hOifige:

- Monatóireacht a dhéanamh ar gach Garda Promhóra
- Comhaid a ullmhú don Choimisinéir
- Cead a Dheonú chun Imscrúduithe Araíonachta a dhéanamh
- Monatóireacht a dhéanamh ar shíntí den thréimhse promhóra

Ó 2015 go 2017, rinneadh iomlán de 1,557 Gardaí Promhóra a fhianú agus a leithdháileadh.



**592** Iarratais ar aistriú atá próiseáilte.

**1,301** Aistrithe curtha i gcrích.

**880** Garda ar promhadh sannta.

## Leithdháileadh Acmhainní

## Malartuithe Pearsanra idir an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ)

In 2017, d'aistrigh an Garda Síochána ochtar pearsanra chuig an SPTÉ, agus mhalartaigh an SPTÉ ochtar pearsanra chuig an nGarda Síochána mar chuid de chlár leanúnach chun comhoibriú idir an dá eagraíocht a fheabhsú. Go dtí seo, ghlac 112 ball den Gharda Síochána agus 105 ball de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann páirt sa chlár malartuithe ó tugadh isteach é i 2005.

## Ar Iasacht

I mí na Nollag 2015, tugadh 20 ball den Gharda Síochána ag céim an Gharda ar iasacht don Roinn Coimirce Sóisialaí. Bíonn comhoibriú idir an Garda Síochána agus foireann na Roinne Coimirce Sóisialaí mar chúis le méadú ar bhriath agus ar ionchúisimh ar chalaois leasa shóisialaigh, agus méadú ar coigilteas an Státchiste dá bharr.

Faoi láthair tá 16 ball den Gharda Síochána ar iasacht.

Faoi láthair tugtar cúigear ball den Gharda Síochána ar iasacht do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

## Coláiste an Gharda Síochána

### Earcaíocht Garda / BA i bPóilíneacht Fheidhmeach

I 2017 chonacthas méadú ón mbliain roimhe sin ar líon na nOiliúnaithe Garda / Gardaí Promhóra i mbun cúrsaí oiliúna:

- Thosaigh 811 Oiliúnaí Garda Céim I dá gcuid oiliúna i 2017.
- Lean 506 Oiliúnaí Garda, a chuir tús le Céim I dá gcuid oiliúna i 2016 ar aghaidh go dtí 2017.
- Fianaíodh 883 Garda i rith 2017.
- Thosaigh 883 Garda Promhóra Céim I dá gcuid oiliúna i 2017.
- Thosaigh 444 Garda Promhóra Céim II dá gcuid oiliúna i 2017.
- Bronnadh an BA i bPóilíneacht Fheidhmeach ar 180 Garda Promhóra i 2017.

| Clár | Rannpháirtithe | Uaireanta Oiliúna |
|---|---|---|
| BA i bPóilíneacht Fheidhmeach | 1,572 | 2.18 Milliún Uair |

- Rinneadh 883 Garda faoi Oiliúint a fhianú in 2017
- Bronnadh BA i bPóilíneacht Fheidhmeach ar 180 díobh in 2017.

| | | |
|---|---|---|
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 12,220 | 154,000+ Uair |
| Cláir Oiliúna um Fhorbairt Ardaithe Céime | 601 | 22,000+ Uair |
| Uaireanta Oiliúna Iomlána | | 2.36 Million Uair |

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

### Oiliúint leanúnach d'fhoireann an Gharda Síochána:

Bhí baint ag Coláiste an Gharda le hoiliúint a bhain le Clár um Nuachóiriú agus Athnuachan an Gharda Síochána:

- Cód Eitice
- Creat Foghlama Cuntasachta Feidhmíochta (PALF)
- Bainistíocht Ábhair Fiontair
- Córas Bainistíochta Taispeántas agus Maoine (PEMS) 2.
- Seachadadh Ríomhchuidithe (CAD)
- Cur Chuige Straitéiseach ar Atitimeachas Ciontóra (SAOR)
- Freagra Comhghníomhaireachta ar an gCoireacht (J-ARC)

Chuir Coláiste an Gharda Síochána cúrsaí traenála breise ar fáil i rith 2017, lena n-áirítear;

- Oiliúint ar Arm Teine.
- Oiliúint Tiomána.
- Grianghrafadóireacht Fhóiréinseach.
- Maitrís Riosca 2000.
- Cobhsaí agus Géar (Cúrsa Cleachtóirí).
- Cúrsa Idirchaidrimh don Óige
- Cláir Forbartha do Sháirsintí, Cigirí, Ceannfoirt, Ard-Cheannfoirt, Oifigigh Feidhmiúcháin, Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin, Príomhoifigigh Cúnta agus Príomhoifigigh.
- Imscrúdaitheoir Láithreacha Coire.
- Oiliúint Réamh-Imscartha na Náisiún Aontaithe.
- Modh Iontrála.
- Oibreoirí Cúrsa Cuardaigh.
- Bainistíocht Choimeádta.
- Oiliúint ar smachtíní ASP, Sprae Piobair agus Dornasc a chur.

### Cúrsaí ina bhfuil baint ag comhghleacaithe Eorpacha ann

Reáchtáladh cúrsa forbartha teanga CEPOL i gColáiste an Gharda Síochána i Meitheamh 2017. Bhí an grúpa comhdhéanta de 25 ball foirne forfheidhmithe dlí ó thíortha Eorpacha éagsúla.

Is é cuspóir an chúrsa seo ná scileanna teanga na rannpháirtithe sa Bhéarla a fheabhsú, agus iad ag foghlaim faoi chóras póilíneachta na hÉireann agus comparáid agus codarsnacht a dhéanamh leis an gcóras seo lena gcórais phóilíneachta féin. Méadaíonn rannpháirtithe a gcuid eolais ar Chomhoibriú Póilíneachta na hEorpa laistigh de chomhthéacs na hEorpa freisin. Tá an cúrsa dírithe ar phearsanra forfheidhmithe dlí ó bhallstáit an AE agus ó na tíortha aontachais, atá i mbun nó a bheidh i mbun oibre trasteorann nó comhoibriú póilíneachta idirnáisiúnta i réimsí oibriúcháin nó oideachais.

Le linn an chúrsa breathnaigh na rannpháirtithe ar roinnt oibríochtaí de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear Seicphointe Slándála na mBóithre agus sa tSeirbhís Taistil Phóilíneachta Pobail i mBaile Mhic Andáin, Cill Chainnigh. D'fhreastail siad freisin ar na Cúirteanna Breithiúnais Choiriúla i mBaile Átha Cliath. Thug sé seo tuiscint níos fearr ar rannpháirtithe sa chúrsa ar ár gcórais phóilíneachta agus ar an gcaoi a ndéanaimid idirghníomhú leis an bpobal.



# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Comhoibriú ó ghníomhaireachtaí seachtracha

I rith 2017, chonacthas an seachadadh leanúnach de chláir oiliúna éagsúla a bhain leas as ionchur ó ghníomhaireachtaí agus institiúidí seachtracha. Tá sampla de chomhoibriú ó ghníomhaireachtaí seachtracha leagtha amach sa phictiúr thíos.






# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

### Clár Malartaithe - Coláiste Ollscoile Póilíní na hIorua agus Coláiste an Gharda Síochána

In 2017 leanadh leis an rath a bhí ag an gClár Malartaithe idir Coláiste Ollscoile Póilíní na hIorua agus Coláiste an Gharda Síochána.

I mí Feabhra 2017 chuaigh cúigear Gardaí Promhóra go hOsló ar an gClár Malartaithe ar feadh seachtaine le linn Sheachtain Idirnáisiúnta an NPUC. Is clár malartaithe é seo leis an NPUC ina nglacann roinnt Coláistí Póilíneachta Eorpacha páirt ann, tugtar forbhreathnú iontach agus léargas idirnáisiúnta do Ghardaí Promhóra maidir le seirbhísí éagsúla póilíní san Iorua, sa Ghearmáin agus sa Danmhairg.

Chuir na Gardaí Promhóra a thug cuairt ar an NPUC i 2016/2017 a gcuid torthaí i láthair agus thug siad aiseolas do bhainistíocht an Gharda Síochána ag Coláiste an Gharda Síochána agus don Oifig um Chlaochlú Straitéiseach trí roinnt comparáidí a dhéanamh leis an gClár um Nuachóiriú agus Athnuachan agus thug siad moltaí bunaithe ar a dtaithí idirnáisiúnta.

I mí Feabhra / Márta 2017, chuir Coláiste an Gharda Síochána fáilte roimh chúigear Mac Léinn Póilíneachta na hIorua a ghlac páirt sa Chlár Bonnoiliúna agus Forbartha.

## Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)

**15,000** Tacaíocht do bhaill curtha ar fáil ó rannóg ICT an Gharda Síochána.

**580** Láithreacha.

**8,500** Ríomhairí deisce.

In 2017, sheol TFC an Gharda 68 mór-scaoileadh ar an dtimpeallacht bheo. Áiríodh orthu seo roinnt tionscnamh mar chuid den Chlár um Nuachóiriú agus Athnuachan (MRP) 2016-21 chun tacaíocht a thabhairt agus chun éifeachtacht oibríochtúil agus riaracháin na heagraíochta a fheabhsú. Tá mionsonraí ar na tionscnaimh seo le fáil sa chuid ar Oifig um Chlaochlú Straitéiseach.

Ina measc bhí:

- Córas Bainistíochta Ábhair Fiontair
- Córas Bainistíochta Maoine agus Taispeántais
- GoAML
- Bainistíocht Shoghluaiste Fiontair
- Interpol FIND
- Cártaí Cead Áitritheoirí an Aontais Eorpaigh den GNIB
- PRUM
- Córas Faisnéise Schengen
- Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas
- Córas Bainistíochta Imscrúdaithe

### Staitisticí Deasc Seirbhíse 2017

**62,000** Logáladh ticéad.

**61,200** Fuarthas glao.

**12,000** Fuarthas ríomhphost.

**95%** Dúnadh de na ticéid ar an gcéad líne.

### 2017 Staitisticí Oibríochtaí Beo

**68** imscaradh.

**8,500+** ríomhaire deisce do Ghardaí.

**9.7m** cuardach PULSE.

**80+** Foirmeacha úra ar líne.

**2.1m** taifead arna malartú leis an tSeirbhís Chúirteanna.

**17m** clárúchán carr léite ag ANPR.

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## Feabhsuithe Nua Teicneolaíochta

Tá teicneolaíocht nua, gnéithe nua agus feabhsuithe slándála seachadta ag rannóg TFC an Gharda Síochána i 2017. I measc roinnt príomhfheabhsúcháin teicneolaíochta nua tá:

### Ceamaraí Luas

Chuaigh na céad ceamaraí meánluas, a úsáidtear le haghaidh forfheidhmithe in Éirinn beo an 1 Iúil 2017 chun an teorainn de 80 km/h a fhorfheidhmiú ar Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath. Shuiteáil Infrastruchtúr Iompair Éireann (TII) na ceamaraí / trealaimh bhraite agus cuireadh athruithe i bhfeidhm i gcóras FCPS an Gharda Síochána chun go bhféadfaí Fógraí Muirear Seasta a eisiúint do chiontóirí a bhraitear, ar an gcaoi chéanna a phróiseáiltear na braith de veain ceamara GoSafe.

### VMware - Uasghrádú ar Bhonneagair Freastalaí Fhíorúil

Cuireadh i gcrích uasghrádú ar an gcúlbhonneagar fíorúil a óstálann feidhmchláir agus seirbhísí éagsúla. Áiríodh san uasghrádú, deireadh a chur le crua-earraí oidhreachta agus uasghrádú agus optamúchán de na bogearraí bainistíochta, rud a bhí mar chúis le feidhmíocht , slándáil agus iomarcaíocht fheabhsaithe.

### Bainisteoir Cumraíochta Lárionaid Córais

Is bogearraí bainistíochta córais é an Bainisteoir Cumraíochta Lárionaid Córais a éascaíonn do TF imscaradh bogearraí, bainistíocht socruithe agus bainistíocht sócmhainní a rianú go cianda, agus mar sin de laghdaítear costais agus bíonn feabhsúcháin ar thaithí úsáideora.

### Straitéis Phaisteála Míosúla

Chuir an TFC Straitéis Phaisteála nua chun nuashonruithe slándála ríthábhachtacha a úsáid ar bhonn míosúil seachas ar bhonn ráithiúil. Bhí sé seo dírithe chun deireadh a chur le leochaileacht slándála aitheanta agus cabhraíonn sé leis an eagraíocht a chosaint ón mbaol a bhaineann le dúshaothair arna seachadadh go seachtrach ar nós bogearraí mailíseacha agus éirice.

### Tionscadal Píolótach Printéara

I 2017, chuir TFC an Gharda Síochána tús le píolótach printéara sa stáisiún nua i Loch Garman, atá mar aidhm aige ardán printéara atá nasctha go hiomlán a lena dtugtar isteach leibhéal níos airde slándála gan cur isteach ar thaithí úsáideora. Baineadh amach an sprioc seo trí chárta a úsáid a sholáthraíonn rochtain uathúil ar gach printéir laistigh de stáisiún. Tá sé seo úsáideach don úsáideoir toisc go bhféadfaidh sé a gcuid doiciméad a fháil ag printéir ar bith agus a fhios aige nach bhfuil rochtain ag duine ar bith ar an doiciméad.

### SAN & Athnuachan Bonneagair Lann

Rinneadh uasghrádú agus leathnú i 2017 ar an Líonra Limistéir Stórála (SAN) a úsáidtear chun cuid mhór de na sonraí eagraíochtaí a stóráil agus a láimhseáil.




*Gradam Ríomhsheirbhísí an Rialtais buaite ag an rannóg ICT agus ag an rannóg ghrinnfhiosrúcháin as an t-Iarratas Ríomh-ghrinnfhiosrúcháin a fhorbairt.*

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Tacaíocht Náisiúnta agus Eorpach

Soláthraíonn TFC an Gharda Síochána tacaíocht, cothabháil agus crua-earraí do roinnt rannóg laistigh den Gharda Síochána a ailíníonn le seirbhísí náisiúnta agus Eorpacha éagsúla, lena n-áirítear:

### Nascacht Líonra Tuaithe

Leanann an rannóg TFC agus Teileachumarsáide an Gharda Síochána ag déanamh uasghrádaithe ar stáisiúin neamh-líonra chun nascacht a chumasú le córais faisnéise an Gharda Síochána, ar nós PULSE.

### Ceannas agus Comhordú

Cuireadh i gcrích an tsuiteáil agus tástáil iomlán den suíomh cúltaca Ceannais agus Comhordaithe. Thug TFC an Gharda tacaíocht d'imeachtaí speisialta éagsúla i gcaitheamh na bliana freisin.

### Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB)

Thug TFC an Gharda Síochána ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine ar fáil do shuíomhanna GNPSB.

### Biúró Taismí

Chuir TFC an Gharda Síochána athbhreithniú iarratais agus athnuachan crua-earraí don Bhiúró Taismí.

### Aonaid Tacaíochta Réigiúnacha (RSU)

Lean TFC an Gharda Síochána ar aghaidh ag cuidiú le bunú na RSUanna.

### Rannóga Speisialaithe

Thug TFC an Gharda Síochána tacaíocht do rannóga a sholáthraíonn seirbhísí Eorpacha lena n-áirítear Europol agus Interpol i rith 2017. Áiríodh leis an tacaíocht soláthar de chrua-earraí nua chun tacú le hionaid na nOifigeach Idirchaidrimh Eorpaigh.

## Biúró Náisiúnta Teicniúil an Gharda Síochána

I 2017, sholáthair Biúró Náisiúnta Teicniúil an Gharda Síochána tacaíocht eolaíoch agus saineolas teicniúil (Foirne Glaoite) ag 57 dúnmharú / bás amhrasach. Is méadú é seo de níos mó ná 39% ar an mbliain roimhe sin.

### Rannóg na Balaistíochta

In 2017, fuarthas breis agus 700 cás ag Rannóg na Balaistíochta i gcomhar scrúdaithe a dhéanamh air. Is ionann é seo agus méadú de 10% in iontógáil cáis ar 2016. Bhí ról lárnach ag an rannóg maidir le himscrúdú a dhéanamh ar choiriúlacht a tharla le déanaí, a bhain le bruíon ard-phróifíle drongchoirpeachta. Áiríodh leis seo dúnbhású agus urghabhálacha suntasacha d'arm téine agus amuinisin.

Ghlac comhaltaí de Rannóg na Balaistíochta páirt i réimse leathan eagraíochtaí, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus chuir siad oiliúint ar fáil chun an saineolas i mBiúró Teicniúil Náisiúnta an Gharda Síochána a chur chun cinn. Áiríodh leis seo comhdhálacha ar arm teine, airm agus pléascáin, agus aithint íospartaigh thubaiste.

Bhí ionchur suntasach ag Rannóg na Balaistíochta i rith 2017 maidir le hoiliúint a sholáthar do chúrsaí éagsúla arna óstáil ag Oiliúint Bainistíochta Coireachta ag Coláiste an Gharda Síochána. Bhí rannpháirtíocht leanúnach le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta i ndlínsí comharsanacha maidir le faisnéis theicniúil a bhaineann le harm teine agus le pléascáin.

**Armtine Urghafa 2017**

| | Iomláin Bhliantúla |
|---|---|
| Saghsanna Gunna | 2017 |
| Piostail | 56 |
| Gunnáin | 31 |
| Meaisínghunna Éadrom | 1 |
| Fo-Mheaisínghunna | 9 |
| Raidhfil Ionsaithe | 3 |
| Piostal BF | 14 |
| Bréagphiostal | 7 |
| Bréag-Ghunnán | 11 |
| Raidhfil | 18 |
| Gránghunna | 42 |
| Gránghunnaí Teasctha | 17 |
| Aer-Raidhfil | 42 |
| Aerphiostal | 164 |
| Muscaeid | 3 |
| Stiúdghunnaí | 71 |
| Crosbhoghanna | 19 |
| Gás CS | |
| Ciúnadóirí | 9 |
| **Iomlá(i)n** | **517** |

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## Rannóg na Grianghrafadóireachta

I 2017, fuair Rannóg na Grianghrafadóireachta trealamh ceamara nua agus mar thoradh air seo tá roinnt de na ceamaraí is nuálaí ar fáil ag an Rannóg.

Chomh maith leis sin, in 2017, ceadaíodh cás gnó chun an trealamh ceamara a nuashonrú chuig Aonaid Láithreacha Coire Rannáin ar fud na tíre. Tá sé beartaithe go n-eiseofar trí threalamh ceamara iomlána chuig gach ceann den 28 Aonad Rannáin. Leis seo, déanfar cumas grianghrafadóireachta Aonad Láithreacha Coire a nuachóiriú go hiomlán ar bhonn náisiúnta.

Leanadh leis an gcúrsa Grianghrafadóireachta Fóiréinsí a reáchtáil i gColáiste an Gharda Síochána dhá uair sa bhliain agus tá sé leathnaithe anois chun obair thionscadail réamhchúrsa a chur san áireamh chomh maith le cleachtaidh bhreise faireachais agus iarbháis.

## An Rannóg Doiciméid agus Lámhscríbhneoireachta

Fuair an Rannóg Doiciméid agus Lámhscríbhneoireachta 866 cás i gcomhar scrúduithe a dhéanamh orthu in 2017. Chuir baill den Rannóg Doiciméid oiliúint ar fáil don Aonad Bainistíochta Teorann, atá in ionad Aonad Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, chomh maith le hoiliúint a sholáthar d'fhoireann ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, ó na Póilíní Míleata, mar aon le hoiliúint inmheánach don Gharda Síochána.

## Rannóg Léarscáile

De bharr dul chun cinn i dteicneolaíocht nua-aimseartha, ar nós fianaise fón póca, CCTV, rianaithe GPS tá na himscrúduithe ag éirí níos casta. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar an méid oibre a theastaíonn ón Rannóg Léarscáile chun taispeántais mhapála a ullmhú don chúirt.

Chomh maith le léarscáileanna a ullmhú chun críocha fianaise, cuireann an Rannóg na seirbhísí seo a leanas ar fáil freisin:

- Ullmhú de Léarscáileanna Fo-Dhúiche, Dúiche agus Rannáin.
- Teorainneacha a ailíniú nuair a iarrtar uirthi.
- Na léarscáileanna digiteacha a bhainistiú ar an tairseach.
- Ullmhú de Léarscáileanna Póilíneachta Pobail.
- Léarscáileanna agus aipeanna a sholáthar le haghaidh Imeachtaí Speisialta m.sh. ceolchoirmeacha, imeachtaí spóirt srl.

## Rannóg Méarloirg



**6,498** Cáschomhaid a bhaineann le láithreacha coireanna críochnaithe.

**1,386** Láithreacha coireanna aitheanta.

**21%** Ráta aimsithe.

Rinneadh an 1,386 aitheantais láthair coire i sraith de chásanna ó choireanna a bhain le láimhseáil maoine goidte agus a bhain le dúnmharú. Rinne saineolaithe méarloirg aitheantais i gcásanna dúnmharaithe agus i gcásanna báis amhrasaigh eile, agus rinne siad scrúdú iad féin ar láithreacha coire agus iad ag feidhmiú mar chuid de Fhoirne Náisiúnta ildhisciplíneacha an Gharda Síochána um Láithreacha Coire agus an Biúró Teicniúil.

Le linn 2017, lean Rannóg Méarloirg an Gharda Síochána ar aghaidh le seirbhís shainaitheantais chomparáide agus aitheantais deich lorg ar fáil don Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí rialtais eile, mar shampla an INIS agus an IPO. Fuarthas breis agus 12,000 sraith de mhéarloirg ón nGarda Síochána agus fuarthas breis is 35,000 tacar dá leithéid ó ghníomhaireachtaí eachtracha agus phróiseáil an Rannóg iad i rith 2017.

Ag leanúint ón gcreidiúnú rathúil den chaighdeán saotharlainne idirnáisiúnta ISO 17025 i 2015, bhí rath ar Rannóg Méarloirg an Gharda Síochána arís i 2017 nuair a choimeád siad an creidiúnú seo. Mar chuid den chreidiúnú seo tá an rannóg páirteach i go leor comhoibrithe le comhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile an AE.

Tá Rannóg Méarloirg an Gharda Síochána ina bhall comhlach agus rannpháirtí de Mheitheal Méarlorg Líonra Eorpach na nInstitiúidí um Eolaíocht Fóiréinseach (ENFSI), ghlac sí páirt ina chruinniú bliantúil arís i 2017 agus chomhlánaigh sí a chuid cleachtadh comhoibritheach. Leis an rannpháirtíocht seo ligtear do rannóg Méarloirg an Gharda Síochána coinneáil suas chun dáta leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta i ngach réimse méarlorgaireacht agus cuidíonn sí le tíortha eile tríd an dtaithí mhór agus éagsúil atá ag comhaltaí Rannóg Méarloirg an Gharda Síochána a roinnt.

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

### An Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach

### Córas Bunachar Sonraí Náisiúnta DNA

D'éirigh go suntasach le samplaí DNA a bhaint as daoine a bhfuil drochamhras orthu agus ó chiontóirí ciontaithe agus mar sin tugadh sonraí don Chóras Bunachar Sonraí Náisiúnta.

**29,000+** **Uimhreacha Tagartha Samplacha ginte ó 2015.**

Gintear na huimhreacha tagartha uathúla seo do gach sampla DNA d'fhonn a saolré a rianú agus d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais scriosta nó coinneála ábhartha go léir.

Is foinse faisnéise ríthábhachtach í an Córas Bunachar Sonraí DNA a aithníonn daoine faoi dhrochamhras agus a dhéanann naisc idir smáil ó láithreacha coireachta ar fud na tíre.

**1,000** **Aimsithe/oiriúcháin ó bhunachar DNA a tuairiscíodh ó hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann.**

Chuidigh an Córas Bunachar Sonraí DNA freisin le deichniúr daoine a bhí ar iarradh a aithint agus duine anaithnid amháin a fuarthas a corp i 2007.

## Seirbhísí Dlí

Bhain baill sibhialtacha agus baill Gharda laistigh de na Seirbhísí Dlí cáilíochtaí amach i roinnt réimsí i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear rialachas corparáideach, idirghabháil, dlí agus dlí fostaíochta.

Maidir le gníomhartha dlíthiúla, osclaíodh 257 comhad i 2017. I measc samplaí de na gníomhartha a chuaigh siad i ngleic leo:

- D'éirigh leis iarradh ar an gCúirt Achomhairc athscrúdú a dhéanamh ar a bhreithiúnas ar thug sí roimhe sin maidir le himeachtaí tábhachtacha agus suntasacha sibhialta a bhaineann leis an Stát. Tá an Chúirt Achomhairc tar éis an t-achomharc a chaitheamh amach ina iomláine anois.

- Athbhreithnithe Breithiúnacha agus cásanna iomlánacha i leith cúrsaí éagsúla maidir le Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007.

### Gnóthaí Dlíthiúla Corparáideacha

Osclaíodh 300 comhad i 2017 sa réimse seo. Ina measc bhí:

- Rinne sé ionadaíocht do leasanna Choimisinéir an Gharda Síochána in éilimh a rinneadh faoi reachtaíocht dlí fostaíochta chun na hAchtanna um Íoc Pá, 1991 na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, agus an tAcht Caidrimh Thionscail a chur san áireamh.

- Thug sé comhairle do Choimisinéir an Gharda Síochána agus do bhainistíocht shinsearach an Gharda Síochána a bhain le saincheisteanna éagsúla d'fhonn ábhair maidir le rialachas corparáideach a chur san áireamh.

- Thug sé comhairle do Bhainistíocht an Gharda Síochána ar shaincheisteanna dlíthiúla a d'eascair as tionscadail atá á rolladh amach faoin MRP chun PEMS, MIMS, agus ECM a chur san áireamh. Thug sé comhairle ar shaincheisteanna ginearálta agus discréideacha a tháinig chun cinn maidir le GDPR.

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (NVB)


In 2017, phróiseáil an NVB 497,045 iarratas grinnfhiosrúcháin agus meán-ama próiseála cheithre lá oibre i rith na bliana. Ba mhéadú 28% é seo ar na hiarratais a fuarthas in 2016.

I rith na bliana, d'éirigh leis an NVB seirbhísí grinnfhiosrúcháin a aistriú ó mhúnla páipéirbhunaithe go múnla ar líne de réir bheartas an Rialtais maidir le r-rialachais agus cumarsáide ar líne.

In 2017, fuarthas 98% de na hiarratais go léir i rith na bliana trí rGrinnfhiosrúchán, ag sárú an chuspóra shonraithe 95%.


Chuir an córas rGrinnfhiosrúcháin ar chumas eagraíochtaí cláraithe nochtuithe grinnfhiosrúcháin a chur isteach, iad a sheiceáil agus iad a fháil go slán ar mheán leictreonach. Chuir sé ar chumas daoine aonair atá ag tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán stádas a n-iarratas grinnfhiosrúcháin pearsanta a chur i gcrích, iad a chur isteach agus a iad rianú. Tá an próiseas le haghaidh eagraíochtaí cláraithe agus an phobail araon simplithe ag an gcóras rGrinnfhiosrúcháin, agus tá an phróisis cuichóirithe agus éifeachtúlacht an phróisis grinnfhiosrúcháin níos éifeachtúla ag an am céanna.

Fíor 1. **% Iarratais a fuarthas - Leictreonach V Páipéar**




Méadaíodh cumas an NVB de bharr an aistrithe chuig RGrinnfhiosrúcháin,mar atá léirithe ag Fíor 2.


Fíor 2. **2017 - Iarratais a Fuarthas agus Meáin Ráithiúla**



# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean


Baineadh an cumas méadaithe seo amach agus coinníodh an t-am próiseála ag 5 lá oibre faoi mar atá léirithe ag an ngraf i bhFíor 3. An rud is mo is cúis le feidhmíocht san NVB ná a chinntiú go bhfuil an t-am próiseála le haghaidh grinnfhiosrúchain faoi bhun 5 lá oibre, d'fhonn a chinntiú nach raibh an ceanglas reachtúil nua maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil sula gceadaítear do dhuine ar bith dul i mbun oibre nó gníomhaíochtaí ábhartha thar ceann eagraíochta níos déine de bharr amanna próiseála grinnfhiosrúcháin. Léiríonn Fíor 3 thíos na meántreimhsí próiseála d'iarratais rGhrinnfhiosrúcháin i rith 2017.

Fíor 3




Ba é an dara cuspóir an NVB ná 90% de na heagraíochtaí cláraithe go léir a aistriú go rGrinnfhiosrúchán faoi dheireadh 2017. Baineadh amach an cuspóir seo freisin mar atá léirithe i bhFíor 4.

bhFíor 4







# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Oifig um Shaoráil Faisnéise (FOI)

Tháinig an Garda Síochána faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (Acht SF) i mí Dheireadh Fómhair 2015. Tá baill den phobal i dteideal rochtana ar thaifid riaracháin a bhaineann le Acmhainní Daonna, le hAirgeadas agus le Soláthar, faoi réir na n-eisceachtaí agus na dteorainneacha atá san Acht um Shaoráil Faisnéise.


In 2017, fuair an Oifig um Shaoráil Faisnéise 542 iarratas, lena n-áirítear 1,007 ceist ar an iomlán. Chuir iriseoirí (218) agus baill den phobal an chuid is mó de na hiarratais seo isteach (198). Chuir cliaint/fostaithe (44), lucht acadúla (33), aturnaetha (30), daoine eile/grúpaí ionadaíocha (8), baill den Oireachtas (6), grúpaí gnó/leasmhara (4), agus ionadaithe pobail (1).

Tá dáileadh na n-iarratas seo thar réimsí Acmhainní Daonna, Airgeadais (Ginearálta agus Soláthar) agus Iniúchta Inmheánaigh léirith sa chairt thíos. Chomh maith leis sin bainistíonn an rannóg SF iarratais ar chúnamh a thagann lasmuigh de raon feidhme na réimse seo nó i gcás ina bhfuil an fhaisnéis ar fáil cheana ó fhoinsí eile (mar shampla, Láithreán Gréasáin agus Foilseacháin an Gharda Síochána). In 2017, fuarthas agus déileáladh le 316 iarratas ar chúnamh sa chatagóir iarratais SF neamh-incháilithe.




Admhaíodh 540 iarratas a fuair an Oifig Saorála Faisnéise in 2017 laistigh den teorainn sainithe 10 lá oibre. Tá freagraí ar naoi n-iarratas ó 2017 le tabhairt in 2018. D'eisigh an Oifig um Shaoráil Faisnéise 548 cinneadh in 2017 (533 iarratas a fuarthas in 2017 agus 15 a tugadh ar aghaidh ó 2016). Díobh seo, eisíodh 96% laistigh den tréimhse riachtanach.

Cinntí 2017




Déantar cinntí chun faisnéis a scaoileadh nó a choinneáil siar bunaithe ar na díolúintí dá bhforáiltear san Acht. Déantar na cinntí thuas a aicmiú mar seo a leanas:

- Ceadaíodh - Ceadaíodh an t-iarratas ina iomláine.
- Ceadaíodh i bpáirt - Cuireadh na gnéithe den iarratas a tháinig faoi raon feidhme an Achta SF ar fáil a mhéid is a bhaineann sé leis an nGarda Síochána.
- Diúltaíodh - Diúltaíodh an t-iarratas ar fad. Ba chóir a thabhairt faoi deara go n-áiríodh leis na figiúirí seo na hiarratais a rinneadh ag lorg taifid lasmuigh d'Acmhainní Daonna, d'Airgeadais nó de Sholáthair, eadhon, lasmuigh de raon feidhme an Achta SF sa mhéid is a bhaineann sé leis an nGarda Síochána.
- Tarraingíodh siar - Tarraingíodh siar an t-iarratas tar éis comhaontú leis an iarrthóir.
- Tarraingíodh siar agus láimhseáilte lasmuigh de SF - An t-iarratas tarraingte siar ag an iarratasóir mar go raibh an fhaisnéis ar fáil ó fhoinsí eile nó soláthraithe trí riarachán.

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## An Ghaeilge a Chur Chun Cinn

Tá an Garda Síochána tiomanta do sheirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú do bhaill an phobail, trí rogha teanga a thairiscint nuair is féidir, agus trína chinntiú go gcomhlíontar ár riachtanais reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

### Earcaíocht

Athraíodh beartas earcaíochta an Gharda Síochána in 2013 chun sruth Gaeilge a chur san áireamh. Cinntíonn an sruth go gcuirtear 10% de na poist atá ar fáil ar leataobh d'iarratasóirí atá líofa sa teanga agus a chomhlíonann na riachtanais eile go léir.

### Oiliúint agus Feasacht

Tá oiliúint sa Ghaeilge éigeantach do gach earcaí de chuid an Gharda Síochána agus cuir i láthair tugtha ar ghnéithe cosúil le feasacht teanga agus cearta.

Tá Clár Gaeltachta i bhfeidhm ó 2011 agus tugann sé deis do bhaill an Gharda páirt a ghlacadh i gcúrsaí Gaeilge, atá cepatha go sonrach don eagraíocht, i nGaeltachtaí ar fud na tíre. Reáchtáladh trí chúrsa in 2017 i nGaoth Dobhair, ar Oileán Chléire agus sa Rinn.

Le linn na blians seo caite, chuir An Garda Síochána oiliúint ar roinnt ball chun go ngníomhóidís mar urlabhraithe d'fhonn déileáil le fiosruithe ó na meáin trí Ghaeilge.

Tá gach ball fhoirne ar an eolas maidir le ceanglais reachtaíochta na heagraíochta agus ceanglas meas a léiriú ar rogha teanga nuair a bhíonn siad a déileáil le ball den phobal.

Tá baint ag an eagraíocht freisin le hOireachtas na Gaeilge le roinnt blianta anuas mar chuid d'iarrachtaí plé leis an bpobal labhartha Gaeilge. Bhí an Garda Síochána i láthair arís ag féile 2017 agus baill ar fáil chun Gaeilge a labhairt leis an bpobal.

## Cumarsáid

I rith 2017, chuir an Oifig um Cumarsáid Corparáideach roinnt feachtas, imeachtaí preasa agus cruinnithe faisnéise le haghaidh na meán i bhfeidhm chun comhairle maidir le cosc ar choireacht agus sábháilteacht an phobail a thabhairt don phobal, agus chun iarradh ar eolas a chuideoidh le himscrúduithe, agus chun béim a chur ar an obair iontach atá á déanamh san eagraíocht.

Agus ag obair le Seirbhís an Gharda Síochána um Anailís agus um Rannpháirtíocht Phobail , seachadadh roinnt feachtais um fheasacht poiblí i gcaitheamh na bliana. Áiríodh leis seo an feachtas Lock Up and Light Up (Cur faoi Ghlas agus Las an Solas) mar chuid d'Oibríocht Thor chun comhairle fhrith-bhuirgléireachta a sholáthar, chomh maith le feachtas a dhíríonn ar dhaoine idir 18 go 39 bliain d'aois ionas go mbeidís níos cúramaí faoina sábháilteacht phearsanta agus faoina gcuid maoine nuair a théann siad amach lena gcairde.

Leanadh ar aghaidh leis an obair rathúil faoi Oibríocht Thor a chur chun cinn agus de réir na hanailíse neamhspleáiche a rinneadh air seo idir mí na Samhna agus mí na Nollag, agus sroicheadh ar 46.4m duine sna meáin chlóite, chraolta agus dhigiteacha, agus bhí toradh dearfach de 83% aige agus toradh diúltach de 1%.

D'fhonn athdhearbhú poiblí a chur ar fáil, tionóladh roinnt cruinnithe faisnéise i rith na bliana maidir le slándáil náisiúnta agus le gníomhaíocht fhrith-drongchoirpeachta freisin. Ina theannta sin, tugadh cuireadh do na meáin chun cleachtaidh mhóréigeandála a tionóladh i mBaile Átha Cliath chun ár n-inniúlacht agus ár gcumas déileáil le heachtra sceimhlitheoireachta a léiriú.


Reáchtáladh cruinnithe faisnéise éagsúla sna meáin i rith na bliana ar réimsí ar nós tionscnaimh eagrúcháin nua, imscrúduithe, aisghabháil maoine agus daoine ar iarraidh.

Tugadh faoi chlár oiliúna suntasach sna meáin do na comhaltaí den Gharda Síochána agus do na baill foirne de gach grád chun níos mó ionadaithe don Gharda Síochána maidir le réimsí éagsúla a chur ar fáil sna meáin.

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

Tháinig méadú de 28%, ó mhí Eanáir, ar lucht leanúna an Gharda Síochána ar fud na n-ardán meáin shóisialta go léir, agus b'ionann líon an lucht leanúna agus 765,000 faoi dheireadh mhí na Nollag, is é an lucht leanúna is mó san earnáil phoiblí. I measc na leathanaigh nua Facebook le linn na bliana bhí an Garda Síochána de Chill Chainnigh / Ceatharlach, Rannán Garda an Chabháin / Mhuineacháin agus an Garda Síochána de Thiobraid Árann.

Ina theannta sin, tugadh faoi roinnt tionscnamh nua i rith na bliana chun sábháilteacht ar na bóithre a chur chun cinn. Áiríodh leis seo craoladh beo Facebook ó sheicphointe ar an M50, agus breathnaíodh os cionn 100,000 duine air, agus físeán don thabhairt isteach den Luas Tras-Chathrach a léirigh roinnt neastimpistí le linn oiliúna arna reáchtáil ag Luas. Breathnaíodh air seo beagnach 50,000 uair agus rinneadh tuairisciú faoi ar shuíomhanna nuachta ar líne.



# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **14** Faisnéis a sholáthar maidir leis an gcóras ceartais choiriúil, seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus comhairle ar shábháilteacht phearsanta trí láithreán gréasáin nua an Gharda Síochána. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh moill ar sheoladh láithreán gréasáin nua an Gharda Síochána, áfach, ach ullmhaíodh an fhaisnéis uile ar sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus comhairle ar shábháilteacht phearsanta. Seoladh an láithreán gréasáin nua sa chéad ráithe de 2018, ag tabhairt an tionscnaimh chun críche. |
| **15** Seachadadh Ríomhchuidithe (SRC) a úsáid ar bhonn náisiúnta faoi Ráithe 4. | Baineadh amach cuid den sprioc seo.<br><br>Ath-scoipeáladh an tionscnamh SRC laistigh den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana. Rinneadh dul chun cinn suntasach ach ní raibh úsáid iomlán den SRC  faoi dheireadh na bliana. Tar éis ath-scóipeála, tugadh isteach dhá thionscadal SRC1 agus SRC2 le linn na bliana mar seo a leanas:<br><br>SRC Cuid 1 - Tá gach glao ón bpobal chuig an nGarda Síochána arna rianú, arna bhainistiú agus arna thacú go cruinn ag an tsamhail Seomra Rialaithe. D'éirigh le SRC 1 a chur i bhfeidhm sa Rannán Chiarraí an 11 Meán Fómhair, 2017. Baintear úsáid freisin as Foirm RC1 leictreonach ar bhonn náisiúnta. Is é an aidhm atá aici ná próisis agus caighdeánú na nglaonna ar sheirbhísí seachadta a fheabhsú sula gcuirtear an córas SRC2 i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta.<br><br>Leis an bhfoirm leictreonach RC1, éascaítear do ghlaonna ar sheirbhísí seachadta a logáil isteach agus a nuashonrú, lena gcinntítear go ndéantar próisis bhainistíochta glaonna a chaighdeánú agus go bhféadtar iad a thuairisciú roimh an rolladh amach iomlán de chumasóirí na Straitéise Seomra Rialaithe.<br><br>I gceist leis an SRC2 tá forbairt den chóras nua Seachadta Ríomhchuidithe a chomhlíonfaidh go sásúil le riachtanais de chóras freagartha teagmhais nua-aimseartha chun glaonna éigeandála agus neamh-éigeandála a rianú, a bhainistiú agus a sheachadadh. Cuireadh tús leis an tionscadal seo agus rinneadh dul chun cinn air. Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair agus chuir an Meitheal inmheánach um Sheomra Rialaithe Iarraidh ar Thairiscint (RTF) do chóras TF chun críche i mí na Nollag, 2017. Leanfar leis an tionscnamh seo a chur chun cinn leis an bPlean Póilíneachta 2018. |
| **16a** Oifigeach imscrúdaithe agus maoirseoir a shannadh do gach teagmhas a dteastaíonn imscrúdú uaidh (cionta neamhghnéasach). | Baineadh amach an sprioc seo. Ba cheart go mbeadh oifigeach imscrúdaithe agus maoirseoir sannta do gach teagmhas neamhghnéasach a dteastaíonn imscrúdú uaidh. Tháinig méadú de 0.11% ar an gcion a bhí ag iarraidh nó ar an dá róil (athrú bliain ar bhliain). Is ionann é seo agus meán dheireadh na bliana agus 0.31% (tairseach 0%). |
| **16b** Oifigeach imscrúdaithe agus maoirseoir a shannadh do gach teagmhas a dteastaíonn imscrúdú uaidh (cionta gnéasacha). | Baineadh amach an sprioc seo. Ba cheart go mbeadh oifigeach imscrúdaithe agus maoirseoir sannta do gach teagmhas gnéasach a dteastaíonn imscrúdú uaidh. Tháinig méadú de 0.03% ar an gcion a bhí ag iarraidh nó ar an dá róil (athrú bliain ar bhliain). Is ionann é seo agus meán dheireadh na bliana agus 0.27% (tairseach 0%). |

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## **Táscairí Feidhmíochta** - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **19** Creat nua fianaise-bhunaithe in úsáid faoi R4 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Bhí srianta ar acmhainní ar cheann de na príomhchúiseanna a bhí leis chomh maith le heaspa de chumais anailíseacha sna córais TFC. Tabharfar aghaidh ar an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2018. |
| **35** An chéad chéim den PALF faoin gClár um Nuachóiriú agus Athnuachan a chur i gcrích faoi Ráithe 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Is tionscnamh é an Creat Cuntasachta agus Foghlama Feidhmíochta (PALF) laistigh den Chlár um Nuachóiriú agus Athnuachan. San áireamh tá úsáid den chreat bainistíochta feidhmíochta agus den chóras TF chun treoir, aiseolas agus tacaíocht fhorbartha a sholáthar do bhaill.<br><br>Eisíodh Treoir, Beartas, Treoirlínte agus Treoir Achomair PALF ar PALF go hinmheánach i mí an Mheithimh, 2017. Cuireadh tús le hoiliúint i 11 ionad oiliúna trasna na heagraíochta i mí Dheireadh Fómhair, 2017. Ag deireadh na bliana, cuireadh oiliúint ar 1,400 comhalta, lena n-áirítear gach bainisteoir ó chéim an Cheannfoirt agus os a chionn. Leanfar le haghaidh a thabhairt ar an tionscnamh seo i bPlean Póilíneachta 2018 le cur i gcrích na hoiliúna agus críochnóidh gach comhalta faoi bhrí mionna a gcéad Athbhreithnithe Bliantúla Aonair ar an gcóras PALF. |
| **36** Rannpháirtíocht ar líne a choinneáil os cionn na gcaighdeán tionscail (trí shuíomh gréasáin an Gharda Síochána). | Níor baineadh amach an sprioc seo. Críochnaíodh dearadh nua ar an láithreán gréasáin i rith na bliana ach mar gheall ar shaincheist leis an tslándáil TF cuireadh moill ar a thabhairt isteach agus mar thoradh air seo, níor baineadh amach an spriocdháta seolta. Éiríodh leis an láithreán gréasáin nua a thabhairt isteach i R1, 2018. |
| **37** Rannpháirtíocht ar líne a choinneáil os cionn na gcaighdeán tionscail (trí na meáin shóisialta). | Baineadh amach an sprioc seo. Chuaigh leathanaigh Rannáin Facebook beo i dTiobraid Árann, sa Chabhán / sa Mhuineachán agus i gCill Chainnigh.<br><br>Leanadh leis an obair le pearsanra Limistéir Chathrach Bhaile Átha Cliath roimh thabhairt isteach den leathanach Facebook Baile Átha Cliath.<br>I measc na mbeart rannpháirtíochta sonracha ar líne bhí:<br>• 370,000 leantóir Facebook Tráchta Garda (+ 31% ó Eanáir, 2017)<br>• 162,000 leantóir ar leathanach Facebook an Gharda Síochána (+ 7% ó Eanáir, 2017)<br>• Is ionann lucht féachana iomlán na meán sóisialta agus 765,000 (+ 28% ó Eanáir, 2017). |
| **45** Athosclaíodh 6 stáisiún Garda faoi dheireadh R4 2017. | Níor baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Leis an gClár don Rialtas, tiomnaítear go n-athosclófar sé Stáisiún Gardaí. Thug an Garda Síochána comhairle d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) maidir le sé Stáisiún Gardaí a mholann sé gur chóir iad a athoscailt agus d'iarr sé uirthi suirbhéanna teicniúla a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na hoibreacha a theastaíonn chun iad a athoscailt; agus chun costais a sholáthar d'fhonn é sin a éascú. |

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| 46-47 Sonraí bunlíne a bhunú agus an tIniúchadh Cultúrtha a fhoilsiú faoi dheireadh R3 chun toilteanas na foirne a thomhas chun ceisteanna nó imní a thabhairt ar aghaidh, lena n-áirítear Nochtadh Cosanta. | Baineadh amach cuid den sprioc seo.<br><br>Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas i rith 2017  Seoladh Suirbhé Ar Líne Iniúchta Cultúrtha um 'Déan Do Chion Féin' Dé Céadaoin, 4 Deireadh Fómhair agus d'fhan sé ar oscailt go dtí an 1 Samhain, 2017. Sa shuirbhé bhí cúig cheist a bhain le toilteanas an phearsanra  labhairt amach faoi héagóir. Mar a aontaíodh leis an Údarás Póilíneachta, cuireadh an tuarascáil i láthair i seisiún príobháideach i mí na Nollag, 2017. Tosóidh grúpaí fócais i mí Eanáir, 2018 agus beidh siad críochnaithe i mí Feabhra, 2018. Foilseofar tuarascáil deiridh i R2 2018. |
| 48a Plean cumarsáide inmheánach leanúnach a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun Gardaí, Cúltaca an Gharda Síochána agus baill shibhialta a chur ar an eolas agus oideachas a thabhairt dóibh maidir le hábhair eiticiúla faoi dheireadh R1, 2017. | Baineadh amach cuid den sprioc seo.<br><br>Chuaigh saineolaithe eitice (roghnaithe mar chuid de phróiseas tairisceana) i gcomhairle le Coláiste an Gharda Síochána chun an Cód Eitice a ionchorprú i ngach clár agus oiliúint a chur ar theagascóirí ar bhonn náisiúnta. |
| 48b Cód Eitice a ionchorprú isteach i gcláir oiliúna, ó oiliúint mac léinn ar aghaidh, i gColáiste an Gharda Síochána faoi dheireadh R2 2017. | Baineadh amach cuid den sprioc seo.<br><br>Níor baineadh amach sprioc deiridh na bliana go hiomlán i Ráithe 2, mar sin féin, rinneadh dul chun cinn suntasach. Reáchtáladh an chéad chruinniú den Mheitheal Eitice i mí Feabhra. An 29 Meitheamh, 2017, foilsíodh an Cód Eitice ar Thairseach an Gharda Síochána a bhfuil rochtain ag gach ball foirne san eagraíocht uirthi, le teachtaireacht phearsanta ón gCoimisinéir. I mí Lúnasa, eisíodh comhfhreagras chuig gach bainistíocht eagraíochtúil (Cigire / AOF agus os a chionn) ag soláthar leagan clóite den Chód, foilseachán maidir le ceannaireacht eiticiúil agus cóip de chur i láthair faisnéise um Cód Eitice a seachadadh do gach comhalta agus ball foirne den eagraíocht. Cuireadh i gcrích leabhráin um Cód Eitice do na Réigiúin, na Rannáin agus na Rannóga go léir i nDeireadh Fómhair 2017. Shínigh an Coimisinéir Gníomhach, an Leas-Choimisinéir, an Póilíneacht agus an tSlándáil agus an LOI gealltanas 'Ionracas ag an Obair' agus comhaontú ballraíochta le Transparency International Ireland an 4 Deireadh Fómhair, 2017.<br><br>Áirítear an Cód anois sa chlár oiliúna do gach earcach nua, sna cláir oiliúna chur chun cinn agus trí chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnacha. Cuirtear cur i láthair ar an gCód ar fáil ag Cláir Forbartha Bainistíochta Sinsearaí d'Ard-Cheannfoirt, Ceannfoirt, Príomh-Oifigigh agus Príomh-Oifigigh Cúnta ar tugadh ardú céime dóibh le déanaí.<br><br>Ag am fianaithe, síníonn Gardaí faoi Oiliúint admháil sa chéill gur léigh siad agus gur thuig siad an Cód Eitice agus go dtugann siad tiomantas do chloí lena chaighdeáin. Scaipeadh leabhráin Chód Eitice ar gach mac léinn agus baill foirne i gColáiste an Gharda Síochána. |

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| 49 Struchtúr rialachais nua a úsáid ar fud na heagraíochta faoi dheireadh an Chéad 2017. | Baineadh amach cuid den sprioc seo.<br><br>Cuireadh i gcrích aistriú freagrachtaí i ndáil le beartais faoin Dréacht-Chreat Beartais ón Aonad Beartais agus Pleanála (PPU) go dtí an Aonad um Chomhordú Beartais agus Rialachais (PGCU). Is tionscnamh é an Creat Beartais laistigh den Chlár um Nuachóiriú agus Athnuachan. Is é cuspóir an tionscnaimh seo creat beartais athbhreithnithe a chur i bhfeidhm agus iniúchadh beartais a chríochnú don eagraíocht chun ailíniú leis an gclár claochlaithe a chinntiú. Cuirfear chun cinn an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2018.<br><br>Tháinig an Bord Rialachais um Riosca & Beartas le chéile seacht n-uaire i 2017. Pléadh go mion na 12 riosca ar an gClár Riosca Chorparáidigh. Sa Gharda Síochána an 31 Márta 2017, cuireadh i bhfeidhm 'Cur Chuige Athbhreithnithe ar Bhainistíocht Riosca'.<br><br>Tionóladh Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána (GRMU) cruinnithe duine le duine le hÚinéirí Riosca Corparáidigh agus a bhfoireann tacaíochta ainmnithe chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtach ar rioscaí corparáideacha agus go bhforbrófar pleananna gníomhaíochta riosca láidre. I mí an Mheithimh, 2017, tionóladh an chéad chruinniú de pháirtithe leasmhara rialachais (An Oifig um Chlaochlú Straitéiseach, Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána, Pleanáil Straitéiseach, Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána agus Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána) d'fhonn próiseas foirmiúil a bhunú chun faisnéis a roinnt a bhaineann le gach rannóg. Reáchtáladh cruinniú den ghrúpa seo i mí Dheireadh Fómhair, i mí na Samhna agus mí na Nollag, 2017.<br><br>Dréachtaíodh agus eisíodh teimpléad atá éasca le húsáid den Phlean Póilíneachta Ceantair. Tá sé mar aidhm aige treoir agus tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí dúiche agus dá bhfoireann maidir le pleananna áitiúla a chur le chéile. Tá an teimpléad struchtúrtha chun tacú le riachtanais den chreat PAF agus den chur chuige athbhreithnithe maidir le Bainistíocht Riosca.<br>Tá sé deartha freisin chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do shocrú sprice faoin gcreat PALF. |

# **Seirbhísí Traseagraíochta** - Ar lean

## **Táscairí Feidhmíochta** - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| 49 Struchtúr rialachais nua a úsáid ar fud na heagraíochta faoi dheireadh an Chéad 2017. - *Ar lean* | Cuireadh tús le Creat Pleanála Straitéisí náisiúnta don Gharda Síochána a fhorbairt. Tá an tionscnamh seo deartha chun treoir shoiléir a sholáthar maidir le:<br>• Forbairt, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú de na Ráitis Straitéise agus na bPleananna Náisiúnta Bliantúla Póilíneachta de réir Alt 21 agus 22 den Acht Garda Síochána, 2005 arna leasú.<br>• Tuairisciú ar fheidhmíocht eagraíochtúil maidir le gach Ráiteas Straitéise agus gach Plean Náisiúnta Bliantúil Póilíneachta chuig an bhFoireann Cheannaireachta Sinsearaí (SLT) den Gharda Síochána agus chuig an Údarás Póilíneachta (PA).<br>• Forbairt, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú ar Phleananna Póilíneachta Dúiche, Rannáin agus Réigiúnacha.<br>• Forbairt, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú ar Phleananna Gnó Rannóige, Biúró agus Stiúrthóireachta.<br>• Athbhreithnithe 3 Bliana agus Tuarascálacha Bliantúla a tháirgeadh i gcomhréir le hAilt 23 agus Alt 46 den Acht Garda Síochána, 2005 arna leasú, faoi seach.<br>Sa Phlean Póilíneachta 2018, leanfar le haghaidh a thabhairt ar na tionscnaimh atá dírithe ar fheabhas a chur ar éifeachtacht rialachais ar fud na heagraíochta. |
| 50 Cur chuige nua maidir le Bainistíocht Riosca a chur i bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh R1 2017. | Baineadh amach an sprioc seo. Is tionscnamh í Bainistíocht Riosca laistigh den Chlár um Nuachóiriú agus Athnuachan. Is é cuspóir an tionscnaimh seo an cur chuige bainistíochta riosca don eagraíocht a fheabhsú, a bheidh mar chúis le cinnteoireacht níos soiléire agus níos tapúla maidir le rioscaí. Ag teacht le cur i bhfeidhm den chur chuige athbhreithnithe, an 31 Márta, 2017, chuaigh leathanach gréasáin um Bhainistíocht Riosca beo ar Thairseach an Gharda Síochána, agus fógraí tacaíochta agus treorach ag gabháil leis. Foilsíodh Polasaí agus Nósanna Imeachta um Bhainistíocht Riosca, agus 'Treoir Achomair ar Bhainistíocht Riosca', chomh maith le doiciméid agus teimpléid threoracha agus tacaíochta eile. Cuireadh i gcrích an oiliúint i mí Iúil, 2017. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil gá le hoiliúint i mbainistíocht riosca a chur ar chomhaltaí faoi bhrí mionna nó comhaltaí sibhialta nuair a thugtar ardú céime dóibh go gráid bhainistíochta, nó ar bhainisteoirí sibhialta nua nuair a cheaptar iad. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina n-ainmníonn bainisteoirí sinsearacha ball foirne tacaíochta bainistíochta riosca nua, caithfear eolas a thabhairt don phearsanra sin. I bhfocail eile, cé go bhféadtar a mheas go bhfuil an oiliúint críochnaithe, beidh gá fós le hoiliúint bhreise agus/nó cruinnithe faisnéise ar bhonn leanúnach. Leanann Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána (GRMU) ar aghaidh ag soláthar comhairle, tacaíochta agus treorach leanúnaí do gach páirtí leasmhara um bhainistíocht riosca ar fud an Gharda Síochána (fón, r-phost agus duine le duine). Le linn 2017, tugadh tacaíocht d'fhorbairt cláir rioscaí tríd oiliúint, cruinnithe faisnéise, ceardlanna agus seisiúin duine le duine a chur ar fáil. Leanfar le haghaidh a thabhairt ar Bhainistíocht Riosca sa Phlean Póilíneachta 2018. |

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **51** Tuarascálacha ráithiúla a sholáthar, lena dtugtar cur síos ar dhul chun cinn an cur chun feidhme, do ghníomhaireachtaí maoirseachta ábhartha, lena n-áirítear an tÚdarás Póilíneachta. | Baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Reáchtáladh cruinnithe rialta le comhlachtaí maoirseachta ábhartha. Soláthraíodh nuashonruithe ar dhul chun cinn agus tugadh aghaidh ar aon cheisteanna agus / nó iarratais. |
| **52a** Straitéis Acmhainní Daonna agus Samhail Oibríochta a fhorbairt. | Níor baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Is cuspóir ilbhliantúil é seo laistigh den MRP. Is é cuspóir an tionscnaimh seo ná straitéis a chruthú agus a chur i bhfeidhm chun an rannóg AD & PD a nuachóiriú. Déanfar an Straitéis Acmhainní Daonna a chur chun cinn sa Phlean Póilíneachta 2018 agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe ag deireadh R2, 2017<br><br>Roghnaíodh Deloitte mar an díoltóir is fearr tar éis próiseas tairisceana don tSamhail Oibríochta Acmhainní Daonna. Cuireadh tús le hobair ar an Tionscadal ó thús mhí na Nollag, 2017 agus thosaigh an díoltóir seachtrach ag obair go lánaimseartha ó 8 Eanáir, 2018. Beidh foireann an tionscadail bunaithe i dteach Áth Luimnigh agus tabhairfaidh sé tuairisc don Stiúrthóir HRPD. Is 6 mhí í an tréimhse don tionscadal dearaidh a chur i gcrích (30 Meitheamh 2018). Tá tús curtha le comhairliúcháin le páirtithe leasmhara tosaigh agus tugadh cuireadh do na Chumainn / Comhlachtaí Ionadaíochta / Ceardchumainn aighneachtaí a chur isteach. Bhunaigh an Garda Síochána Coiste Stiúrtha. Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt an PID. Táthar ag súil go gcríochnófar an tSamhail Oibriúcháin i R2 2018. |
| **52b** Measúnú ar dhearcadh tríd an Iniúchadh Cultúir. Bunlíne le socrú i 2017 (maidir le Straitéis Acmhainní Daonna agus Samhail Oibríochta a Fhorbairt). | Níor baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Níor críochnaíodh an tIniúchadh Cultúrtha faoi dheireadh na bliana, mar sin féin rinneadh dul chun cinn suntasach ar an ábhar seo mar atá thuasluaite. |
| **53a** 95% de na hiarratais ghrinnfhiosrúcháin go léir próiseáilte trí ríomh-ghrinnfhiosrúcháin faoi Ráithe 4, 2017. | Baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Baineadh amach an tionscnamh seo le 99.46% de na hiarratais ghrinnfhiosrúcháin go léir próiseáilte trí ríomh-ghrinnfhiosrúcháin faoi dheireadh na bliana. |
| **53b** 80% de na hiarratais ghrinnfhiosrúcháin go léir a chríochnú laistigh de 5 lá oibre. | Baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Críochnaíodh breis agus 80% de na hiarratais ghrinnfhiosrúcháin go léir laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh iad a fháil. |

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **55** Tuairisciú sceidealta chuig gníomhaireachtaí maoirseachta ábhartha. | Baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Cuireadh tuairiscí míosúla ar aghaidh chuig an Údarás Póilíneachta agus chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. |
| **56a** 200 Garda a roghnú agus a earcú in aghaidh na ráithe i 2017 agus tús chur lena gcuid oiliúna. | Baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Chuaigh 810 earcach san iomlán isteach i gColáiste an Gharda sa Teampall Mór i rith 2017. |
| **56b** 500 ball foirne tacaíochta sibhialta a roghnú agus a earcú faoi dheireadh C4, 2017. | Baineadh amach cuid den sprioc seo.<br><br>Earcaíodh 16 ball foirne sibhialta trína aistriú isteach sa Gharda Síochána nó tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá 157 ball foirne eile ag céimeanna éagsúla sa phróiseas grinnfhiosrúcháin. Tá an Garda Síochána ag fanacht leis an sannadh de 68 ball foirne ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ina theannta sin, shann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 135 iarratasóir ar chéimeanna éagsúla go dtí an Garda Síochána, chuaigh siad tríd an bpróiseas grinnfhiosrúcháin agus chinn siad ina dhiaidh sin iad féin a bhaint as an bpróiseas earcaíochta.<br><br>Déanfar tuairisciú ar an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2018 a fhorálann don earcaíocht de 200 Garda in aghaidh na ráithe; agus 500 ball foirne shibhialta, i 2018. |
| **57** 300 Garda Cúltaca a earcú faoi dheireadh R4, 2017 agus tús a chur lena gcuid oiliúna. | Níor baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Mar sin féin, rinneadh dul chun cinn suntasach i 2017. Fógraíodh Comórtas Cúltaca an Gharda Síochána an 23 Márta, 2017, agus ba é an 11 Aibreán, 2017 an dáta deiridh. Fuarthas 2,394 iarratas ar fad - d'éirigh le 1,593 tar éis ceistneoir a chomhlánú. Fuair an Garda Síochána 498 ainm a d'éirigh leo sa chéim agallaimh, agus fuarthas formhór na n-ainmneacha le déanaí. Cuireadh 291 comhad ar an iomlán ar aghaidh le haghaidh grinnfhiosrúcháin. Leanfar le haghaidh a thabhairt ar an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2018 agus déanfar 500 Garda Cúltaca a earcú. |

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **58** Ath-imscaradh de 165 oifigeach agus iad a athsholáthar le foireann shibhialta. (D'fhéadfadh athrú teacht ar an sprioc seo de réir agus a thugtar an plean fórsa oibre i gcrích). | Níor baineadh amach an tionscnamh seo.<br><br>Chuir an Garda Síochána dréachtphlean fhórsa saothair faoi bhráid an Údaráis Phóilíneachta i mí Iúil, 2017. Tá dréachtú eile á dhéanamh ar an bplean sin faoi láthair agus tá an Garda Síochána ag obair go dlúth leis an Údarás Póilíneachta maidir leis seo. Sa leagan is déanaí den phlean, áireofar saincheisteanna ar nós measúnaithe den fhórsa saothair, an tsamhail ath-imscartha agus poist nua sibhialta a aithint. Sannadh Bainisteoir Tionscadail don Phleanáil don Lucht Oibre i mí na Nollag<br><br>Tionscadal 21:21 (21,000 ball foirne faoi 2021): Bhí foireann tionscadal sibhialtachta bunaithe go páirteach roimh dheireadh na bliana le hacmhainní ón STO & HR. Rinne an fhoireann tionscadail anailís bhunúsach ar rólanna a aithníodh sa Suirbhé um Athimscaradh Eagrúcháin, déanfar tuilleadh scrúdaithe ar 85 ról den sórt sin.<br><br>I 2017, bhunaigh an tÚdarás Póilíneachta Grúpa Pleanála um Fhórsa Oibre ilpháirtí. Déantar ionadaíocht don Gharda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an tÚdarás Póilíneachta ar an ngrúpa seo a thionólann go rialta. Leanfar le haghaidh a thabhairt ar an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2018. |
| **59** Tionscadail phíolótacha a chur i gcrích agus measúnú a dhéanamh orthu (maidir le clár píolótach a dhéanamh de shamhail phóilíneachta fheidhmiúil hibrideach i gceithre rannán Garda). | Níor baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Mar sin féin, rinneadh dul chun cinn suntasach. Is tionscnamh é an Samhail Póilíneachta Rannáin (Hibrideach) laistigh den Chlár um Nuachóiriú agus Athnuachan. Leis an tsamhail seo, aistreofar ón struchtúr dúiche traidisiúnta laistigh de rannán an Gharda go struchtúr rannáin. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal i 2017. Aithníodh ceithre rannán píolótach i Maigh Eo, i nGaillimh, i gCathair Chorcaí agus i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Lárdheisceart. Tá roinnt grúpaí agus foirne i gceist sa tionscadal; Príomhghrúpa atá comhdhéanta de Choimisinéir Cúnta RPMEM agus ceathra Phríomh-Cheannfort atá páirteach sa Ghrúpa Tionscadal Píolótach, Grúpa Stiúrtha, Grúpa Sreabhadh Oibre, agus Foireann Náisiúnta um Chur i bhFeidhm a thionóil ar bhonn leanúnach le linn na bliana chun an tionscadal seo a chur chun cinn. Reáchtáladh cruinnithe do pháirtithe leasmhara go minic chomh maith le roinnt ceardlanna agus cruinnithe leis na cumainn ionadaíocha agus na ceardchumainn shibhialta. Bhí ceardlanna ar siúl chomh maith leis an ceithre mhol aitheanta.<br><br>Leanfar ar aghaidh leis an tionscnamh seo a chur chun cinn le linn 2018 agus táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm an tSamhail Phóilíneachta Rannáin i gceithre Rannán Gardaí faoi dheireadh Ráithe 2. |

# Seirbhísí Traseagraíochta - Ar lean

## Táscairí Feidhmíochta - Ar lean

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **60** Aonad um Chaighdeán Sonraí a bhunú faoi dheireadh Ráithe 4, 2017 (Aonad laistigh d'Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána - GISC). | Baineadh amach an sprioc seo<br><br>Thosaigh an tAonad um Chaighdeán Sonraí, Céim 1 (Réigiún an Tuaiscirt) den phróiseas nua aicmithe an 18 Aibreán, 2017 agus ghlac sé freagracht as teagmhais a rangú i Réigiún an Iarthair (Céim 2) an 27 Samhain, 2017 tar éis plé le ceardchumainn. Chuir na ceardchumainn in iúl nach n-aontóidís le leathnú breise mura líontar na folúntais foirne. Tá sé beartaithe leis an bplean Tionscadail GISC an t-aonad a leathnú / an próiseas a leathnú chuig réigiúin eile agus glactar le freagracht as Réigiún an Oirdheiscirt i mí Eanáir, 2018 agus rollfar amach an próiseas sna réigiúin eile ar bhonn céimnithe agus críochnófar é faoi Mheitheamh, 2018. |
| **61a** Méadú ar chion na mbrath a aicmítear i gceart. | Baineadh amach cuid den sprioc seo.<br><br>Forbraíodh réiteach le cur san áireamh i PULSE Eisiúint 7.3, agus seachadadh é i mí Feabhra, 2018. I gceist sa réiteach seo cuirtear srian ar na braith a nascadh le teagmhais arb é muirear nó toghairm an rogha is fearr ina leith. Déileálfar le heisceachtaí i dteagmhas ar leith a ndéileáiltear leo faoi Alt 4.4 de na rialacha um Chomhaireamh Coire trí phróiseas ina gcuireann na hOifigigh Dúiche na sonraí ábhartha faoi bhráid an GISC d'fhonn é a thaifeadadh ar PULSE. |
| **61b** Méadú ar chéatadán na mbrath a aicmítear i gceart. | Baineadh amach cuid den sprioc seo.<br><br>Mar a leagtar amach thuas, tá próiseáil d'aicmiú na dteagmhas i bhfeidhm i Réigiún an Iarthair agus an Thuaiscirt leis an bplean tionscadail a bhfuil mar aidhm aige an próiseas a rolladh amach ar bhonn céimnithe do na réigiúin go léir faoi lár na bliana 2018. |

# STAITISTICÍ 2017



"Sa chuid seo a leanas, cuirimid i láthair sonraí bliantúla ón tréimhse straitéise trí bliana roimhe seo 2013-2015 i dteannta le sonraí 2016-2017 ón tréimhse straitéise reatha."

Sa chuid seo a leanas, cuirimid i láthair sonraí bliantúla ón tréimhse straitéise trí bliana roimhe seo 2013-2015 i dteannta le sonraí 2016-2017 ón tréimhse straitéise reatha.

Soláthraíonn comparáid idir sonraí thar thréimhsí straitéise comhthéacs níos saibhre le treochtaí níos soiléire ná mar a sholáthródh comparáid shimplí bhliantúil bliain ar bhliain.

Ba chóir a thabhairt ar aird go mbaintear na sonraí, mura luaitear aon rud eile, ón gcóras PULSE i mí an Mhárta 2018. Dá bhrí sin, tá na sonraí Oibríochtúil agus d'fhéadfadh siad athrú.

# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Teagmhais Bhuirgléireachta Taifeadta

**Meán 2013-2015:** 2170 teagmhas in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 1527 teagmhas in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +660 (+3.67% ).

*Nóta: Tá laghdú 2016 ag teacht le Oibríocht Thor.*


### Teagmhais Bhuirgléireachta Marcáilte mar Braite

**Meán 2013-2015:** 335 Brath in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 257 Brath in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: -50 (-1.61% ).

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil Cineálacha ICCS: 0711, 0712.*

### Buirgléireacht




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais | 25403 | 27025 | 25684 | 17998 | 18658 |
| Braith | 4618 | 4208 | 3968 | 3106 | 3056 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

### Teagmhais Robála Taifeadta

**Meán 2013-2015:** 222 teagmhas in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 179 teagmhas in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +93 (+4.43%).

*Nóta: Tá laghdú 2016 ag teacht le Oibríocht Thor.*


### Teagmhais Robála Marcáilte mar Braite

**Meán 2013-2015:** 87 Brath in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 74 Brath in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +3 (+0.34%).

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil Cineálacha ICCS: 0611, 0612, 0613, 0621, 0631.*

### Robáil




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais | 2754 | 2651 | 2574 | 2098 | 2191 |
| Braith | 1107 | 1066 | 951 | 881 | 884 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Teagmhais Ionsaithe Taifeadta

**Meán 2013-2015:** 1259 teagmhas in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 1447 teagmhas in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +2190 (+13.46%).


### Teagmhais Ionsaithe Marcáilte mar Braite

**Meán 2013-2015:** 711 Brath in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 692 Brath in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: -279 (-3.31%).

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil Cineálacha ICCS: 0311, 0312, 0321, 0324, 0331, 0332, 0333, 0334, 0335.*

**Ionsaí**




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais | 13998 | 14858 | 16477 | 16269 | 18459 |
| Braith | 8601 | 8490 | 8509 | 8441 | 8162 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

### Teagmhais Choireachta Gnéis Taifeadta

**Meán 2013-2015:** 181 teagmhais in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 234 teagmhais in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +518 (+20.33%).

*Nóta: Feictear go bhféadfadh an cineál seo a bheith tearcthuairiscithe agus go mbeadh méadú ina "cheartúchán inmhianaithe".*


### Teagmhais Choireachta Gnéis Marcáilte mar Braite

**Meán 2013-2015:** 89 Brath in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 84 Brath in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: -25 (-2.44).

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil Fo-Ghrúa ICCS: 021, 022.*

**Coireacht Ghnéis**




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais | 2015 | 2082 | 2422 | 2548 | 3066 |
| Braith | 1148 | 1049 | 1023 | 1024 | 999 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Íospartaigh Gháinneála ar Dhaoine Taifeadta


**Meán 2013-2015:** 1.6 íospartach in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 2.1 íospartach in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +14 (+77.78%).

*Nóta: Feictear go bhféadfadh an cineál seo a bheith tearcthuairiscithe agus go mbeadh méadú ina "cheartúchán inmhianaithe".*

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil Cineálacha ICCS: 0513.*

### Daoine gur Íospartaigh Gáinneála iad




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| líon taifeadta | 11 | 24 | 23 | 18 | 32 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

### Teagmhais i dtaobh Drugaí a Dhíol agus a Sholáthar Marcáilte mar Braite


**Meán 2013-2015:** 311 teagmhas in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 337 teagmhas in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +245 (+6.25%).

*Ráiteas: Tharla an laghdú i 2016 nuair a bhí Operation Thor I bhfeidhm.*

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil.*
*Cineálacha ICCS: 1011, 1012, 1021.*

### Díolachán agus Soláthar Drugaí atá braite




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Braith | 3633 | 3938 | 3616 | 3922 | 4167 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Teagmhais Fhuathchoireachta


**Meán 2013-2015:** 11 teagmhas in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 26 teagmhas in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +33 (+11.38%).

*Nóta: Féachtar go bhféadfadh asn cineál seo a bheith tearcthuairiscithe agus go mbeadh méadú ina "cheartúchán inmhianaithe".*

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil.*
*Teagmhais marcáilte leis an MO: Aoiseachas, Frith-Mhíchumas, Bainteach le hInscne, Homafóibe, Frith-Mhoslamach, Ciníochas, Frith-Rómhánach, Seicteach, Frith-Sheimíteachas, Trasfoibé, Frith-Lucht Siúil.*

### Eachtraí Fuathchoireachta




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais | 112 | 115 | 162 | 290 | 323 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

### Teagmhais Dhrochíde sa Teaghlach


**Meán 2013-2015:** 535 teagmhas in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 709 teagmhas in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +1285 (+16.35%).

*Nóta: Féachtar go bhféadfadh asn cineál seo a bheith tearcthuairiscithe agus go mbeadh méadú ina "cheartúchán inmhianaithe". Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go gcuimsíonn na sonraí seo figiúirí coireachta agus neamhchoireachta araon.*

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil.*
*Cineál ICCS: 1551.*
*Cineál Neamhchoireachta: Díospóid Teaghlaigh - Gan Cion Nochta.*
*Eile: Teagmhais le an MO Drochíde sa Teaghlach/ Foréigean Teaghlaigh.*

### Eachtraí Drochíde sa Teaghlach




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais | 5864 | 6272 | 7140 | 7860 | 9145 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Imbhuailtí Tráchta - Básanna

**Meán 2013-2015:** 15 bás in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 14 bás in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: -30 (-16.04%).


### Imbuailtí Tráchta - Gortuithe Tromchúiseacha

**Meán 2013-2015:** 36 gortú tromchúiseach in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** gortú tromchúiseach in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +13 (+1.77%).

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil.*

### Imbhuailtí Tráchta F&SI




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Básanna | 182 | 194 | 162 | 187 | 157 |
| Gortuithe Tromchúi-seacha | 363 | 506 | 411 | 733 | 746 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

### Cionta maidir le Tarrthálaithe Tráchta


**Meán 2013-2015:** 22115 teagmhas in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 17156 teagmhas in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: -21863 (-10.08%).

*Nóta: Bíonn tionchar ag infhaighteacht laghdaithe ar threalamh monatóireachta luais uathoibríoch ar na torthaí.*

*Foinse: PULSE Oibríochtúil agus Sonraí FCPS.*
*Cineál ICCS: 0412, 0413.*
*Cineálacha FCPS: Tiomáint Róthapa (Sárú & Neamh-Shárú), Crios Sábhála, Fón Póca.*

### Cionta Tráchta Tarrthálaithe




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais | 254261 | 277723 | 264139 | 216800 | 194937 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*

# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Rabhaidh & Conarthaí Iompair (ASBO)

**Meán 2013-2015:** 105 rabhaidh & conarthaí in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 93 rabhaidh & conarthaí in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +441 (+49.66%).

*Nóta: Sa tréimhse 2013-2017 tá sé Chonradh dea-Iompair taifeadta. Taifeadadh trí cinn díobh in 2017.*


### Orduithe Iompair (ASBO)

**Meán 2013-2015:** 2 Orduithe in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 2 Orduithe in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: -20 (-52.63%).

*Foinse: Sonraí PULSE Oibríochtúil.*
*Cineálacha PULSE: Rabhaidh Iompair (Leanaí), Orduithe Iompair (Leanaí), Rabhaidh Iompair (Daoine Fásta), Conarthaí Dea-Iompair, Orduithe Sibhialta (Daoine Fásta).*

### Rabhaidh Iompair agus Orduithe (ASBO)




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Rabhaidh | 1182 | 1370 | 1246 | 892 | 1335 |
| Braith | 37 | 25 | 10 | 38 | 18 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*


### Leanbh a thabhairt ar lámh shábhála (Alt 12 An tAcht um Chúram Leanaí)

**Meán 2013-2015:** 57 teagmhas in aghaidh na míosa.
**Meán 2016-2017:** 57 teagmhas in aghaidh na míosa.

Difríocht idir torthaí 2016 agus 2017: +108 (+16.54%).

*Foinse: PULSE Oibríochtúil.*
*Cineál PULSE: Alt 12 Acht um Chúram Leanaí Agartha.*

### Cuid 12 den Acht um Chúram Leanaí Gairthe




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais | 758 | 578 | 710 | 653 | 761 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15* *Tréimhse Straitéise 2016-18*


# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Básanna i gcoimeád an Gharda Síochána

**Meán 2013-2015:** 1.3 bás in aghaidh na bliana.
**Meán 2016-2017:** 0.5 bás in aghaidh na bliana.

Taifeadadh an chéad bhás i gcoimeád an Gharda Síochána don tréimhse straitéise reatha an 6 Iúil 2017 ag Stáisiún Gardaí Dhún Dealgan. Tá an t-ábhar faoi imscrúdú de réir Alt 95 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

### Básanna i gcoimeád an Gharda Síochána




| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Básanna | 2 | 1 | 1 | 0 | 1 |

*Tréimhse Straitéise 2013-15*    *Tréimhse Straitéise 2016-18*

### Gabhálacha Drugaí an Gharda Síochána Amháin 2017

Soláthraíonn Eolaíocht Fhóiréinseach cainníochtaí drugaí atá taofa sa tábla ar bhonn na dtaifead atá á chothabháil ag an saotharlann a bhaineann le cainníochtaí drugaí a ndearnadh anailís orthu sa tsaotharlann.

Tá na figiúirí go léir sealadach, oibríochtúil agus faoi réir athrú ón 21/04/2018.

| Urghabhála Drugaí curtha i gcrích 2017 | | | |
|---|---|---|---|
| **Catagóir** | **graim/ml/planda** | **Bsp/Sqr/Cap** | **Luach** |
| Stéaróidigh Anabalacha | 185 | 833 | €548 |
| Beinsidhé-asaipín | 16,341 | 115,567 | €1,374,908 |
| Luibh Channabais | 2,597,258 | - | €53,290,457 |
| Planda Cannabais | 9,046 | | €7,237,175 |
| Roisín Cannabais | 79,007 | | €593,945 |
| Cáitíonóin | 728 | 107 | €50,197 |
| Cócaon | 51,811 | 374 | €3,963,371 |
| Démhoirfín | 18,226 | 2 | €2,880,502 |
| Siabhraigin | 23,775 | 367 | €111,509 |
| Oibreáin measctha | 58,483 | 209 | €32,333 |
| Ópóideacha eile | 2,739 | 515 | €64,790 |
| Feineitiolaimín** | 25,527 | 15,468 | €2,203,895 |
| Pipioraisín | 33 | 354 | €3,425 |
| Táibléad Suain | 5,711 | 23,652 | €47,804 |
| Tuaslagóir | 3,646 | - | €3,646 |
| Cannaibionóideach sintéiseach | 59 | - | €1,189 |
| IOMLÁN | - | - | €71,859,695 |

** Déantar plandaí cannabais a ríomh bunaithe ar fhigiúirí a taifeadadh ar PULSE toisc nach ndéantar na plandaí go léir a ghabhtar a chur chuig an FSL go rialta.*
*** Cuimsíonn feineitiolaimíní eacstais (MDMA) agus drugaí eile a bhaineann leo.*

# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Treoracha ón Aire faoi Alt 25 d'Acht an Gharda Síochána, 2005

In 2017, níor eisíodh aon Treoracha ón Aire faoi Alt 25(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

### Alt 41 d'Acht an Gharda Síochána, 2005

In 2017, rinne oifig an Choimisinéara cúig thuairisciú faoi fhorálacha Alt 41 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

# **Staitisticí 2017** - Ar lean

### Táscairí Feidhmíochta

| SPRIOC LE HAGHAIDH DEIREADH NA BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA |
|---|---|
| **43** (Anailísithe) rannchuidiú le spriocanna maidir le coireacht a laghdú agus méadú a chur ar bhrath na mbuirgléireachtaí, robálacha agus ionsaithe. | Baineadh amach an sprioc seo.<br><br>Bhí Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána ag gabháil go hiomlán le tacaíocht anailíse leanúnach a sholáthar i ngach réigiún chomh maith le haonaid agus ranna náisiúnta i rith na bliana. |



# NÓTAÍ

Teidil Chreidiúna:
Arna chruthú ag: Creativerin Design

Grianghrafadóireacht: Cartlann an Gharda Síochána

Arna phriontáil ag:

garda.ie